



Provided by the author(s) and NUI Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	"Solas i nDorchadas": Staidéar soch-chultúrtha ar scéalta draíochta as Dúiche Sheoigheach
Author(s)	Nic Giolla Chomhail, Ailbhe
Publication Date	2018-02-23
Item record	<a href="http://hdl.handle.net/10379/7168">http://hdl.handle.net/10379/7168</a>

Downloaded 2019-04-25T20:20:49Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



# “SOLAS I NDORCHADAS”

---

## STAIDÉAR SOCH-CHULTÚRTHA AR SCÉALTA DRAÍOCHTA AS DÚICHE SHEOIGHEACH (IMLEABHAR II)

**Tráchtas a leagadh isteach chun riachtanas na céime dochtúireachta  
a chomhlíonadh**

**Ailbhe Nic Giolla Chomhaill, B.A., M.A. (OÉ)**

**arna stiúradh ag an Dr. Lillis Ó Laoire**

Roinn na Gaeilge,

Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr,

Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh,

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh,

Meán Fómhair 2017



**NUI Galway**  
**OÉ Gaillimh**

## CLÁR ÁBHAR

Mac Bhaintreach Chill Ghlasáin .....	1
Scológ na Féasóige Liath.....	11
Mac Bhaintreach Loch Coirib.....	27
Seán an Ghabha .....	34
Cailleach an Oileáin Ghlais .....	44
Cú Bán an tSléibhe .....	68
Baintreach agus a Triúr Iníonacha .....	73
Triúr Deirfiúracha a Bhí ag Imirt Cártaí .....	82

## **Mac Bhaintreach Chill Ghlasáin<sup>1</sup>**

*Pádraig Ó Súilleabháin a d'inis*

Bhí baintreach i gCill Ghlasáin fadó, tá sé taobh amuigh de thrí chéad bliain. Ní raibh aici ach aon mhac amháin. Bhí sé ag teacht aníos ina fhear láidir ach ní raibh sé ag déanamh sórt maith ar bith. Bhí an mháthair ag obair go cruaidh, ag imeacht chuile lá ag iarraidh rud a fháil le n-ithe dóibh agus eisean sínte sa teallach ó mhaidin go hoíche. Bhí sí ag caitheamh léi ag déanamh a díchill go raibh seisean bliain is fiche d'aois.

D'éirigh sé suas maidin lae agus chraith sé é féin. Is ríbheag nár phlúch sé an mháthair lena raibh de luaith ina chuid éadaigh. Dúirt sé leis an mháthair a dhul amach go dtí tiarna na talún agus éadach a fháil dó go dtéadh sé ag tóraíocht aimsire. D'imigh an mháthair go dtí an tiarna. D'fhiafraigh sé di céard a bhí sí ag tóraíocht.

“An riste<sup>2</sup> de mhac sin atá agam,” a dúirt sí, “a chuir anseo mé go dtí thusa ag tóraíocht culaith éadaigh. Tá sé ag dul ag tóraíocht aimsire agus tá sé gar a bheith in am aige.”

“Tabharfaidh mise sin duit,” arsa an tiarna, “agus fáilte. B'fhéidir go ndéanfaidh sé sin fear maith go fóill.”

Fuair sí an chulaith éadaigh agus d'imigh sí abhaile, chaith sé de na seanghiobail agus d'iarr sé tobán uisce a fháil agus tá mé dearfa go raibh an mháthair sáthach tuirseach sula raibh a sháith uisce ag an mac leis féin a ghlanadh. Bhuail sé air an chulaith éadaigh agus d'fhág sé slán agus beannacht ag an máthair.

“Má éiríonn an saol liomsa,” a deir sé, “fillfidh mé ort go fóill.”

Chaith sé seacht n-oíche agus seacht lá ag imeacht ag siúl go dtáinig sé suas faoi dheireadh go dtí teach mór tiarna talún. Tháinig an tiarna chuige amach, d'fhiafraigh sé de céard a bhí sé ag tóraíocht. Dúirt sé gur ag tóraíocht aimsire [a bhí sé].

“Teastaíonn buachaill uaim,” a dúirt an tiarna. “Socróidh mé leat go ceann bliana. I gcionn beithíoch a bheas tú agam i gcónaí.” Thug sé isteach chun tí é. Thug sé a shuipéar dó go rímhaith agus leaba le dul a chodladh.

---

<sup>1</sup> Tá baile fearainn Chill Ghlasáin lonnaithe i bparóiste Chill Chomáin, i mbarúntacht Chill Mheáin, Co. Mhaigh Eo.

<sup>2</sup> Tá ‘duine leisciúil’ scríofa mar fhonóta leis an fhocal seo sa lámhscríbhinn (LS).

Nuair a d'éirigh sé ar maidin lá arna mhárach bhí a bhricfeasta réidh roimhe. D'ith sé agus d'ól sé a sháith.

“Anois,” a deir an tiarna, “siúil leat amach in éineacht liomsa.”

Chuaigh siad amach agus thug sé go dtí an tórainn é a bhí idir é féin agus na fathaigh.

“Anois,” a dúirt an tiarna, “tá caisleán ag triúr fathach an taobh eile den tórainn seo agus, ar a bhfaca tú ariamh, ná lig aon cheann de na beithígh thar an tórainn, nó má ligeann ní thiocfaidh aon cheann ar ais go deo acu. Leathscór ba atá ort a chumhdach. Cruthaigh i do bhuachaill maith anois.”

D'fhilladar go dtí an teach mór arís. D'imigh mac na baintrí agus na ba roimhe amach. Tháinig sé go dtí an tórainn. Bhí sé ag féachaint trasna i gcónaí agus dúirt sé leis féin faoi dheireadh go mba mhór an feall é na ba a bheith ar áit lom agus féar fada an taobh eile. Shiúil sé isteach chun an bhalla agus chuir sé a ghualainn faoin mballa, leag sé seacht slat de bhalla dúbailte leis an iarraidh sin. Thiomáin sé na ba trasna.

“Ithigí bhur sáith anois,” a dúirt sé, “agus tig libh é.” Shín sé siar i mbun bruaigh lena ais agus is gearr a bhí sé ann gur chuala sé an torann ag teacht. Céard a d'fheicfeadh sé ach an fathach mór ag teacht. Chuaigh sé thart ar na ba agus é dá dtabhairt leis.

“Fág i do dhiaidh na ba,” a dúirt mac na baintrí.

“A Éireannaigh bhig ghránna, cén fáth ar chuir tú isteach ar mo chuid féir iad?”

“Má chuir mé isteach féin iad níl mórán faitís orm romhatsa.”

“Cia is fearr leat,” a dúirt an fathach, “ag cur sceana i mbarr easnacha nó ag coraíocht ar leacracha dearga?”

“Is fearr liom ag coraíocht ar leacracha dearga,” a dúirt sé, “sé a chleacht mé nuair a bhí mé sa bhaile ag mo mháthair.”

Rugadar dhá ghreim cruaidh fáiscithe ar a chéile ar dhroim na leice glaise. An chéad chor a thug mac na baintrí dó chuir sé go dtína dhá ghlúin tríd an leac é. An dara cor go dtína bhásta, an tríú cor go dtí na hascaillí.

“Do chara agus do choimrí,” a dúirt an fathach, “is tú an gaiscíoch is fearr a casadh ariamh orm. Lig as seo mé. Tabharfaidh mé mo chlaíomh solais duit a dhéanfas solas i ndorchadas agus m'each caol dubh atá istigh ar an stábla.”

“Cá bhfuil do chlaíomh solais?” a dúirt mac na baintrí, “go bhfeicfidh mé é.”

“Tá sé leagtha i mbun an toim ansin thall,” a dúirt an fathach.

Ghabh sé anonn go dtí an tom agus fuair sé é. Tháinig sé anall ar ais go dtí an fathach.

“Cé leis an bhféachfaidh mé é?” a dúirt mac na baintrí.

“Féach ar an mblocán maide dubh sin thall é,” a dúirt an fathach.

“Ní fheicim blocán ar bith,” a dúirt mac na baintrí, “is gránna ná do bhlocán féin.”

Bhuail sé an fathach i gcóngar an chinn, na meille agus an mhuiníl. Chuir sé an ceann ag feadaíl san aer. Shíl an cloigeann a theacht ar an gcolainn arís.

“Níor mhór duit,” a dúirt an cloigeann, “dá bhfaighinnse mé féin thuas leá na bhFiann<sup>3</sup> ní chuirfeadh anuas mé.”

“Ní le haghaidh a dhul suas arís a chuir mise anuas tú,” arsa mac na baintrí. Tharraing sé an cholainn aníos ar an leac. Bhí spota mór bog sa talamh a raibh na ba ag dul dá mbáthadh. “Anois,” a dúirt mac na baintrí, á socrú síos sa bpuitigh, “is mór an gar do na ba é sin, ní rachaidh siad dá mbáthadh.”

Thiomáin sé leis abhaile a chuid ba tráthnóna agus is ar éigean a bhí siad in ann siúl. Chuaigh na cailíní amach ag bleán na mba agus b’fhacthas dóibh go raibh go leor bainne an oíche sin acu.

“Bhí mé dá n-athrú ó mhaidin in chuile áit ab fhearr a chonaic mé thart,” [a dúirt mac na baintrí]. Ghabh sé isteach chun tí agus fuair sé a shuipéar go rímhaith. D’fhiafraigh an tiarna de an raibh aon scéal nua aige. Dúirt sé leis nach raibh, muna raibh aon scéal aige féin.

“*Well*, tá scéal nua agamsa,” a dúirt an tiarna.

“Cén scéal é?” a dúirt mac na baintrí.

“Níl aon lá ó tháinig mé a chónaí sa teach mór seo nach gcluinfinn trí ghlaio fathaigh go dtí anocht.”

“Caithfidh sé,” arsa mac na baintrí, “gur imithe as baile atá fear acu anocht.”

---

<sup>3</sup> ‘leaghadh na bhFiann’ sa LS. Cf. FGB: ‘Ní leigheasfadh lia na bhFiann é, he is beyond cure’ (Ó Dónaill 1977).

Chuaigh mac na baintrí a chodladh ansin. Nuair a d'éirigh sé ar maidin lá arna mhárach bhí a bhricfeasta réidh. D'ith sé a bhricfeasta agus shiúil sé leis a chuid ba arís. Thiomáin sé isteach ar thalamh na bhfathach iad san áit chéanna. Is gearr a bhí sé ansin nó gur chuala sé an torann ag teacht arís. Bhí an fathach eile ag teacht agus ní raibh gar ar bith ag an gcéad fhear a bheith chomh mór leis. Ghabh sé thart ar na ba ag dul dá dtabhairt leis.

“Fág na ba i do dhiaidh,” a dúirt mac na baintrí.

“A ghiolla bhig ghránna, cén fáth tú a bheith ag ithe mo chuid féir le do chuid ba?”

“Fág na ba i do dhiaidh nó beidh aiféala ort.”

“Cia’s fearr leat,” arsa an fathach, “ag cur sceana i mbarr easnacha nó ag coraíocht ar leacracha dearga?”

“Coraíocht a chleacht mé nuair a bhí mé sa mbaile ag mo mháthair.”

Rugadar ar a chéile dhá ghreim cruaidh fáiscthe. An chéad chor a thug mac na baintrí dó chuir sé go dtína dhá ghlúin tríd an leac é. An dara cor go dtína bhásta. An tríú cor go dtí na hascaillí.

“Do chara agus do choimrí,” arsa an fathach, “is tú an gaiscíoch is fearr a casadh ariamh orm. Tabharfaidh mé mo chlaíomh solais duit a dhéanfas solas i ndorchadas, agus m’each caol donn a scoithfeadh an ghaoth Mhárta trí huaire sula mbéarfadh an ghaoth Mhárta a bheadh ina dhiaidh aon uair amháin air.”

“Cá bhfuil do chlaíomh solais?” a dúirt mac na baintrí.

“Tá sé sa tom sin thall,” a dúirt an fathach.

Ghabh [mac na baintrí] anonn agus fuair sé é. “Cia leis a bhféachfaidh mé é anois?” a deir mac na baintrí.

“Féach leis an maide dubh sin é le t-ais,” a dúirt an fathach.

“Ní fheicim bloc ar bith,” a dúirt mac na baintrí, “chomh gránna le do bhloc féin.” Tharraing sé an lámh. Bhuail sé i gcóngar an chinn, na meille agus an mhuiníl [an fathach]. Chuaigh an ceann ag feadaíl san aer agus shíl sé teacht ar an gcolainn ar ais.

“Níor mhór duit,” a dúirt an ceann, “dá bhfaighinnse mé féin thuas, leá na bhFiann ní chuirfeadh anuas mé.”

“Ní le haghaidh tú a chur suas a chuir mise anuas tú.”

Tharraing sé an cholainn aníos ar an leac arís. Shocraigh sé síos in éineacht leis an gceann eile í a bhí ag déanamh cosáin do na ba.

Tháinig sé abhaile tráthnóna agus a chuid ba aige. Chuaigh na cailíní ag bleán, ach bhí cinnte orthu soithigh a fháil le haghaidh an bhainne. Tháinig sé isteach chun tí agus chuaigh sé síos agus d’ith sé a shuipéar go maith.

D’fhiafraigh an tiarna dó an raibh aon scéal nua aige, dúirt sé leis nach raibh muna raibh aon scéal aige féin. Dúirt an tiarna go raibh. “An chéad lá go dtáinig mise go dtí an teach seo chluinfinn trí ghlaoch fathaigh ach níor chuala mé anocht ach aon cheann amháin.”

“Caithfidh sé go bhfuil an bheirt eile,” a dúirt mac na baintrí, “imithe as baile.”

D’ith sé a shuipéar agus chuaigh sé a chodladh. Ar maidin an tréua nuair a d’éirigh sé bhí a bhricfeasta réidh. D’ith sé a bhricfeasta agus chuaigh sé amach ag seoladh a chuid bó. Thiomáin sé isteach iad san áit chéanna, shín sé siar ag ligean a scíth agus is gearr a bhí gur airigh sé an torann ag teacht. D’éirigh sé de léim agus chonaic sé chuige fathach an dá chloiginn. Chuaigh sé thart ar na ba nuair a labhair mac na baintrí.

“A fhathaigh ghránna,” a dúirt sé, “fág na ba i do dhiaidh.”

“Rud ar bith,” a dúirt an fathach, “a gheobhas mise ar mo chuid talún is liom féin é.”

“Ní leat na ba,” a dúirt mac na baintrí, “nó go dtroidfidh tú mise an chéad uair.”

“Déanfaidh mise sin ar an bpointe,” a dúirt an fathach. “Cia’s fearr leat,” a dúirt an fathach, “ag coraíocht ar leacracha dearga nó ag cur sceana i mbarr easnacha?”

“Coraíocht a chleacht mé riamh,” a dúirt mac na baintrí, “nuair a bhí mé sa mbaile ag mo mháthair.”

Ritheadar ina chéile. Rugadar greim cruaidh fáiscithe [ar a chéile]. An chéad chor a thug mac na baintrí chuir sé go dtína ghlúine sa gcarraig é, an dara cor go dtína bhásta, an tréua cor go dtí poll na hascaillí.

“Fóill,” a dúirt an fathach, “is tú an gaiscíoch is fearr a casadh ariamh orm. Lig as seo mé agus tabharfaidh mé mo chlaíomh duit a dhéanfas solas i ndorchadas agus m’each



caol bán atá ar an stábla a bhéarfadh trí huair ar an ghaoth Mhárta a bheadh ina dhiaidh aon uair amháin air.”

“Cá bhfuil do chlaíomh solais?” a dúirt mac na baintrí.

“Tá sé sa tom sin taobh thall díot.”

Ghabh sé anonn agus fuair sé í. Nuair a tháinig sé ar ais: “Cia bhféachfaidh mé an claíomh solais seo,” a dúirt sé, “anois?”

“Féach sa mbloc maide sin le t-ais é.”

Tharraing [mac na baintrí] a lámh. Chuir sé an dá chloigeann ag feadaíl san aer. Shíl siad a theacht ar an gcolainn arís. Rinne sé scoilteáin díobh.

“Dá bhfaigheadh muide muid féin thuas,” a dúirt na cloigne, “leá na bhFiann ní bhainfeadh anuas muid.”

“Ní le haghaidh a dhul suas a bhain mise anuas sibh,” a dúirt mac na baintrí. Chuir sé [iad] i spota bog eile a bhí ar an talamh a raibh na beithígh ag dul dá mbáthadh ann. Thóg sé seacht slat ar fad agus thrí shlat ar leithead.

“Is mór an gar dom anois,” a deir [mar na baintrí], “an bealach breá atá déanta agam.” D’imigh leis ansin go ndeachaigh sé isteach go caisleán na bhfathach go bhfeicfeadh sé cén sórt áite é. Bhí an caisleán acu ba bhreátha a chonaic aon fhear ariamh. Seomra lán le hór, seomra lán le hairgead geal agus seomra lán le *diamond*.

“Is fada mé,” a dúirt sé, “ag dul le fán, ach sílim go bhfuil teach de mo chuid féin anois agam.” Chuaigh sé isteach sa stábla. Thug sé neart le n-ithe don trí each. D’fhill sé ar ais go dtí na ba agus thabharfá fear ríméadach spóirtiúil air an lá seo.

Thiomáin sé na ba abhaile tráthnóna. Bhí sé ag dul cruaidh go leor leo siúl leis agus na húthanna bainne a bhí acu. Chuaigh na cailíní amach ag bleán na mbó ach bhí cinnte orthu soithigh a fháil le haghaidh an bhainne. Tháinig [mac na baintrí] isteach agus d’ith sé suipéar agus d’fhiafraigh an tiarna de an raibh aon scéal nua aige. Dúirt sé nach raibh muna raibh aon scéal aige féin.

“Tá scéal nua agam,” a dúirt an tiarna, “ó tháinig mé sa teach seo chluinfinn trí ghlaio fathaigh ach níor chuala mé glao ar bith anocht.”

“As baile atá siad,” a dúirt mac na baintrí, “agus b’fhéidir gur fada go gcluinféá arís iad.”

“*Well* tá scéal eile agam duit,” a dúirt an tiarna.

“Cia’n scéal é?” a dúirt mac na baintrí.

“Tá brón mór ar fud an oileáin,” a dúirt an tiarna, “anocht.”

“Cia’n fáth an buaireamh sin?” a dúirt mac na baintrí.

“Iníon de Rí an oileáin,” a dúirt an tiarna, “atá le slogadh ag an ollphéist a bhfuil trí chloigeann uirthi amárach. ‘Sí an bhean is breátha sa ríocht go léir [í]. In éadan chuile sheacht mbliana caithfidh an ollphéist bean éigin a fháil le slogadh agus i mbliana tháinig sé ar chrann iníon an Rí.”

“Is dócha,” a dúirt mac na baintrí, “nach féidir éinne acu [í] a shábháil.”

“Chinn sé ar aon ghaiscíoch ariamh,” a dúirt an tiarna “an ceann is fearr a fháil uirthi.”

“Dearfa,” a dúirt mac na baintrí, “is mór an feall a leithéid de bhean bhreá bás a fháil ar an mbealach sin dá mbeadh neart air.”

“Ní raibh a leithéid de chruinniú ar an oileán ariamh,” a dúirt an tiarna, “is a bhéas ann amárach.”

Fágadh an scéal mar sin agus chuaigh mac na baintrí a chodladh. Nuair a d’éirigh sé ar maidin lá arna mhárach bhí a bhéile réidh roimhe. D’ith sé a bhéile agus ghabh sé amach ag seoladh a chuid bó. Ní raibh aon fhaitíos air an lá seo go dtiocfadh aon cheo thart go dtí na ba.

D’imigh sé chun an chaisleáin agus ghléas sé suas é féin i gculaith an chéad fhathaigh a mharaigh sé. Tharraing sé amach an t-each caol dubh, thug sé leis an claíomh solais agus thug sé aghaidh ar an bhfarraige an áit a raibh an cruinniú. Bhí iníon an Rí ar an gcladach ina suí i gcathaoir óir ag fanacht leis an ollphéist a theacht isteach agus gan duine ar bith in aice léi.

Is gearr go bhfaca [mac na baintrí] an fharraige ag ardú. Nuair a bhí [an ollphéist] ag déanamh ar an gcladach chuir [mac na baintrí] an t-each caol dubh go dtína bholg i bhfarraige. D’ionsaigh an troid agus thabharfá troid chrua air. Is gearr a bhíodar le

chéile nuair a bhí an fharraige dearg le fuil. Bhí mac na baintrí dá lot lena chlaíomh ach nuair a bhí deireadh an lae ag teacht bhain sé cloigeann di.

“Tá an lá inniu agat,” a dúirt an ollphéist, “ach beidh mise agat amárach.”

D’iompaigh sé an srian i mbéal an chapail agus thug sé aghaidh ar chaisleán na bhfathach. Níor aithin fear ná bean é ach dúirt siad uilig [gur] dearfa gur Éireannach a bhí sa ngaiscíoch.

Chuir [mac na baintrí] a chapall ar stábla agus thug sé rud le n-ithe don trí cinn. Chaith sé de a chulaith gaisce agus chuir sé a chulaith féin air. Thug sé abhaile a chuid bó tráthnóna. Nuair a tháinig sé isteach chuig an tiarna d’fhiafraigh sé de an raibh iníon an Rí slogtha inniu.

“Ó níl,” a dúirt an tiarna, “tháinig gaiscíoch éigin inniu a shábháil í. Dúirt chuile dhuine a chonaic é nárbh fhacthas ar an oileán ariamh cheana é ach dearfa gur Éireannach a bhí ann.”

“Tá mé an-ríméadach,” a dúirt mac na baintrí, “as í a bheith sábháilte.”

“Ó caithfidh sí dul ar an gcladach arís amárach,” a dúirt an tiarna, “agus tá súil againn go dtiocfaidh an gaiscíoch céanna arís, agus céibí rud a dhéanfas na ba tabharfaidh mé cead duit féin a dhul ag féachaint ar an gcrúinniú amárach.”

“Tá mé buíoch díot,” a dúirt mac na baintrí, “ach tabharfaidh mise aire do mo chuid oibre féin.”

Maidin an dara lá bhí a bhricfeasta réidh nuair a d’éirigh [mac na baintrí]. D’ith sé a bhricfeasta agus chuaigh sé amach lena chuid bó. Theann sé isteach go maith iad ar thalamh na bhfathach an lá seo. Ghabh sé go dtí an caisleán. Ghléas sé suas é féin i gculaith an dara fathach. Thug sé amach each caol donn agus a chlaíomh solais. Rinne sé ar an bhfarraige.

Bhí cruinniú níos mó an lá seo ann leis an áthas a bhí orthu gur sábháladh [iníon an Rí] an lá roimhe sin. Nuair a bhí [mac na baintrí] ag déanamh ar an gcladach bhí [an ollphéist] ag teacht chuige ríghar. Léim sé amach sa bhfarraige roimpi. D’ionsaigh an troid agus nuair a bhí an ghrian ag dul faoi bhain sé cloigeann eile anuas.

“Tá an lá inniu agat,” a dúirt an ollphéist. “Féachfaidh mise leat amárach é.”

D'iompaigh sé an srian i mbéal an eich agus thug sé aghaidh ar an gcaisleán. Chaith sé de a chulaith gaisce. Thug sé rud le n-ithe do na trí each, chuir sé a chulaith féin air agus thiomáin sé a chuid bó abhaile. Nuair a tháinig sé isteach chuig an tiarna d'fhiafraigh sé cén bhail a chuaigh ar iníon an Rí inniu.

“Tá sí sábháilte,” a dúirt an tiarna, “ag gaiscíoch eile inniu, agus dá fheabhas dá raibh an fear inné bhí an fear inniu in ann [é] a fhéachaint.”

“Tá an-ríméad orm,” a dúirt mac na baintrí, “go bhfuil sí sábháilte go fóill.”

“Amárach a bheas an lá cruaidh,” a dúirt an tiarna, “agus d'fhéadfá dul ag féachaint ar an troid.”

“Níl gnaithe ar bith agam ann,” a dúirt mac na baintrí. “Caithfidh mise aire a thabhairt do mo chuid ba.” Chuaigh sé a chodladh. Nuair a d'éirigh sé maidin an tríú lá bhí a bhricfeasta réidh roimhe. D'ith sé a bhricfeasta. Chuaigh sé amach lena chuid bó gur fhág sé ar thalamh na bhfathach iad. Thug sé aghaidh ar an gcaisleán. Bhuail sé air culaith an tríú fathach [agus] a chlaíomh solais agus thug sé leis a each caol bán. Rinne sé ar an bhfarraige.

Ar an bpointe a dtáinig [mac na baintrí] ar an tráigh bhí an ollphéist ag teacht isteach ar thalamh tirim. D'éirigh sé de léim as an diallait amach ar an tráigh agus d'ionsaigh an troid. Bhí [mac na baintrí] dá fhéachaint amach [ag an ollphéist] ach faoi dheireadh bhain sé an tríú cloigeann anuas. Rinne sé píosaí den cholainn.

Thosaigh an gháir mholta ar an ngaiscíoch. D'iompaigh sé thart go sciobtha ag dul ag marcaíocht. Bhí cos aige sa stíoróip agus an chos eile tógtha le dul trasna nuair a tháinig iníon an Rí agus sciob sí an bhróg de. Níor fhéach sé ina dhiaidh ach d'imigh sé chomh sciobtha agus a d'fhéad sé é go dtáinig sé chun an chaisleáin. Chaith sé de an chulaith ghaisce, thug sé beatha dá chuid capall, chuir sé a chulaith féin air agus chuaigh sé abhaile lena chuid bó.

Nuair a tháinig sé abhaile chuaigh sé isteach chuig an tiarna. D'fhiafraigh sé de cén chaoi a ndeachaigh an troid inniu.

“Tá sí sábháilte,” a dúirt an tiarna. “Tá bród mór ar fud an oileáin anocht. Tháinig gaiscíoch eile inniu nárbh fhacthas ariamh agus rinne sé píosaí den ollphéist, ach nuair a bhí sé ag dul ag marcaíocht sciob an bhanríon óg an bhróg de.”

“*Well* is maith liom í a bheith sábháilte,” a dúirt mac na baintrí.

Ar maidin lá arna mhárach, chuir an Rí amach a chuid arm ag tóraíocht an bhfaigheadh sé an gaiscíoch a shábháil an iníon. Bhí go leor fir mhóra láidre ag teacht ag rá gurbh iad féin a throid an cath. Dúirt an bhanríon óg nach bpósfadh sí aon fhear choíche ach an fear a bhfeilfeadh an bhróg é. Na fir ba mhó ar bith a bhí ag teacht, ghabhfadh a dhá chois in éineacht síos sa mbróig.

D’fhiafraigh an Rí an raibh aon fhear eile ar an oileán nach raibh ar fáil. Dúirt an tiarna leis go raibh buachaill aige féin a bhíodh i gcionn bó agus nach bhfaca sé ag teacht in am ar bith é. Nuair a chuaigh tóir ar mhac na baintrí, ‘sé an áit a bhfuair an t-arm é ar thalamh na bhfathach. Dúirt siad leis go gcaithfeadh sé teacht go dtí teach an Rí. Dúirt sé leo deasú leo as a bhealach go sciobtha. D’imigh siad. Ghabh seisean isteach chun an chaisleáin, bhuail sé air culaith an fhathaigh [agus] a chlaíomh solais agus thug sé leis each caol dubh.

Nuair a tháinig sé isteach go dtí cúirt an Rí d’ísligh sé den each. Bhí an bhanríon óg amuigh agus an bhróg aici. Bhain sé de an bhróg a bhí air agus is beag nár imigh an bhróg as lámh iníon an Rí ag dul ag léimneach ar a chois. Bhuail sí a dhá lámh thart air. “Gairim go deo thú,” a dúirt sí. “Bhí a fhios agam gur Éireannach a shábháil mé.”

Tógadh isteach go cúirt an Rí é. Pósadh é féin agus iníon an Rí le chéile. Dúirt an Rí go dtabharfadh sé leath a ríochta dó. Dúirt sé leis nach nglacfadh sé tada uaidh, go raibh caisleán aige féin chomh breá agus a bhí sa ríocht agus níos mó óir agus airgid ná [mar a] bhí aigesean. Bhí bainis ag íseal agus ag uasal go ceann míosa. Chroch sé leis ansin go caisleán na bhfathach. Tháinig sé go Cill Ghlasáin i gcoinne a mháthar agus bhí sí ina bean uasal arís an fhad agus a mhair sí.

## **Scológ na Féasóige Liath**

*Micheál Ó Somacháin a d'inis*

Bhí sin ann mac Rí fadó agus chuaigh sé síos go bruach na farraige. Chonaic sé an báidín ag teacht agus iomramh na gcéadta uirthi agus gan uirthi ach aon fhear amháin. Tharraing sé an bád den chéad *sweep* aníos seacht slat ar an talamh tirim.

“Go mbeannaí Dia duit, a mhic an Rí,” a deir sé.

“Go mbeannaí Dia agus Muire [duit],” a deir mac an Rí.

“An imreofá *game* cártaí, a mhic an Rí?” a deir sé.

“*Well* mo chrá Dé,” a deir mac an Rí, “má thug mé mo ghléas imeartha liom ón mbaile.”

“Mo chrá Dé mé féin,” a deir sé, “nár fhág an baile ariamh gan mo ghléas imeartha.” Tharraing sé amach a bhord, a phéire cathaoireacha agus a phaca cártaí agus shuíodar síos agus ghnóthaigh mac an Rí an chéad *game*.

“Tabhair do bhreith, a mhic an Rí,” a deir sé.

“Talamh m’athar,” a deir sé, “a bheith lán de stoc.”

“Féach tharat, a mhic an Rí,” a deir an Scológ.

D’fhéach mac an Rí thairis agus ní raibh ceann ar an talamh acu. Bheannaigh siad dá chéile. Tháinig mac an Rí abhaile agus d’inis sé an scéal dá athair.

“Á,” a deir an t-athair, a deir sé, “tá an scéal rómhaith,” a deir sé, “gheobhaidh tú *drop* fós.”

“Á ní gheobhaidh,” a deir sé.

Lá arna mhárach, chuaigh [mac an Rí] síos ar bhord na farraige. Chonaic sé an báidín ag teacht agus iomramh na gcéadta uirthi agus gan uirthi ach aon fhear amháin. Tharraing sé an bád aníos seacht slat den chéad *sweep*.

“Go mbeannaí Dia duit, a mhic an Rí,” a deir sé.

“Go mbeannaí Dia agus Muire duit,” a deir mac an Rí.

“An imreoidh tú *game* cártaí inniu?” a deir sé.

“Mo chrá Dé má thug mé liom mo ghléas imeartha inniu ach oiread,” a deir mac an Rí.

“*Well*,” a deir sé, “mo chrá Dé mé féin nár fhág an baile ariamh gan mo ghléas imeartha a thabhairt [liom].” Tharraing sé amach a bhord, a phéire cathaoireacha agus a phaca cártaí agus shuíodar síos agus bhí *game* acu. Ghnóthaigh mac an Rí.

Nuair a ghnóthaigh mac an Rí an *game*: “Tabhair do bhreith, a mhic an Rí,” a deir [Scológ na Féasóige Liath].

“Talamh m’athar lán stoic,” a deir sé.

“*Well*,” a deir an Scológ, a deir sé, “féach tharat a mhic an Rí,” a deir sé. D’fhéach. Bhí an talamh lán stoic.

“Féach tharat arís, a mhic an Rí,” a deir sé.

D’fhéach. Ní raibh ceann ann.

“Dia sin dár réiteach,” a deir mac an Rí, “tá sin féachta go leor.”

Chuaigh sé abhaile agus d’inis sé an chraic dá athair. “Beidh sé ag sroigheall<sup>1</sup> fós leat,” a deir an t-athair, “go gcuirfidh sé treampán<sup>2</sup> ort.”

Bhailigh [mac an Rí] leis go dtí lá arna mhárach. Lá arna mhárach, chuaigh sé síos arís agus chonaic sé an báidín ag teacht, iomramh na gcéadta uirthi agus gan uirthi ach aon fhear amháin. Tharraig sé aníos seacht slacht den chéad *sweep* í.

“Go mbeannaí Dia duit, a mhic an Rí,” a deir sé.

“Go mbeannaí Dia agus Muire duit,” a deir mac an Rí.

“*Well*,” a deir sé, an imreofá *game* cártaí inniu?”

“Mo chrá Dé má thug mé mo ghléas imeartha liom,” a deir mac an Rí, “mura bhfuil sé agat féin inniu.”

---

<sup>1</sup> ‘srubhal’ sa LS. Ní bhfuarthas aon mhíniú ar an fhocal ‘srubhal,’ ach tá an focal ‘srabhal’ mar leagan malartach den fhocal ‘sroigheall’ i bhfoclóir an Duinnínigh: tugtar. Tugtar *a whip, a lash; fig. a plague*, etc.; Lat. *Flagellum* mar aistriúcháin ar an téarma sin (Dinneen 1996).

<sup>2</sup> ‘teampán’ sa LS. Tugann an Duinníneach an focal ‘teampán’ mar leagan malartach den fhocal ‘tiompán,’ i. an uirlis cheoil (Dinneen 1996). Ón chomhthéacs, glactar leis gurb é an focal ‘treampán’ atá i gceist .i. *Trouble, difficulty*. ~ a chur ar dhuine, *to cause s.o. trouble* (Ó Dónaill 1977).

“Ó tá,” a deir sé, “mo chrá Dé mé féin nár fhág an baile ariamh dá uireasa.” Tharraing sé amach a bhord [agus] a phaca cártaí. Tharraing sé amach a phéire cathaoireacha. Shuíodar síos agus thosaíodar ag imirt. Ghnóthaigh mac an Rí.

“Tabhair do bhreith, a mhic an Rí,” a deir an Scológ. Thug mac an Rí a bhreith: talamh a athar a bheith lán stoic, gan gar acu fágáil go ligfeadh siad féin as iad. Bhí an talamh lán stoic ar an bpointe, nuair a d’fhéach sé thairis. Ní raibh gar acu sin a fhágáil. Agus ar maidin nuair a d’éirigh mac an Rí bhí an stoc ag ithe a chéile d’uireasa beatha.

“Tá sin déanta,” a deir an Rí, a deir sé, “beidh a fhios agamsa go gcuirfear fós bail ort.”

An ceathrú lá, chuaigh sé síos. “Go mbeannaí Dia duit, a mhic an Rí,” a deir [Scológ na Féasóige Liath].

“Go mbeannaí Dia agus Muire duit,” a deir mac an Rí.

“An imreoidh tú *game* cártaí inniu?”

“*Well* mo chrá Dé má thug mé liom mo ghléas imeartha.”

“Ó tá sé agamsa,” a deir sé, “mo chrá Dé nár fhág an baile ariamh gan é.” Tharraing sé amach a bhord, a phéire cathaoireacha agus a phaca cártaí agus shuíodar síos. Ghnóthaigh an Scológ ar mhac an Rí.

“Tabhair do bhreith, a Scológ,” a deir mac an Rí.

“Cuirimse faoi gheasa thú,” a deir sé, “faoi mór díomdha<sup>3</sup> na bliana gan an dara hoíche a chodladh ar aon leaba, an dara béile a ithe ar aon bhord, [go dtí go ndéarfadh tú] “Go mbeannaí Dia isteach anseo,” i dteach Scológ na Féasóige Liath sa Domhan Thoir.”

D’imigh mac an Rí agus tháinig sé abhaile isteach go teach a athar. Chuir sé osna as agus bhris sé trí easna sa teach.

“*Well* bhí a fhios agamsa,” a deir an Rí, a deir sé, “gur mac Rí faoi gheasa thú.”

“Ó sea, a athair,” a deir sé, “geasa cruaidh.”

---

<sup>3</sup> ‘d’iomadh’ sa LS. Cf. Foclóir Uí Dhuinnín: ‘fá dhíomdha na bliadhna, *throughout the year*’ (Dinneen 1996).



“Cén geasa atá ort anois?” a deir sé.

“Tá,” a deir sé, “gan an dara béile a ithe ar aon bhord, an dara hoíche a chodladh ar aon leaba, nó go n-abróidh mé “Go mbeannaí Dia isteach anseo,” i dteach Scológ na Féasóige Liath sa Domhan Thoir.”

“Dia sin dár réiteach,” a deir an t-athair, a deir sé, “ach tabharfaidh mise lá agus bliain duit,” a deir sé, “i do theach féin, gan aon ghreim a ithe ar aon bhord,” a deir sé, “ná an dara béile, ná an dara hoíche a chodladh ar aon leaba,” a deir sé, “tabharfaidh mé leaba áirid duit féin,” a deir sé, “go ceann lá agus bliain.”<sup>4</sup>

“Níl aon mhaith ansin, a athair,” a deir sé, “ós liom imeacht,<sup>5</sup> caithfidh mé imeacht.”

D’imigh sé leis. “Más mar sin é,” a deir an mháthair, a deir sí, “tabharfaidh mise,” a deir sí, “lón duit ag imeacht duit,” a deir sí. “Tabharfaidh mé duit cáca beag,” a deir sí, “tabharfaidh an cáca go dtí teach mo dhearthár tú,” a deir sí, “ina leithéid seo d’áit,” a deir sí. “Caithfidh tú chuig an gcoileáinín é nuair a thioctas sé amach,” a deir sí, “agus aithneoidh an coileáinín,” a deir sí, “lorg mo láimhe. Tabharfaidh sé isteach chuig an máistir tú. Aithneoidh,” a deir sí, “a mháistir chomh maith leis an choileán,” a deir sí, “lorg mo láimhe.”

D’imigh leis agus an cáca aige agus nuair a chuaigh sé go dtí teach an uncail thosaigh an madadh beag go n-íosfadh sé é. Chaith sé ruainne den cháca chuige agus thug sé isteach chuig an máistir ina bhéal é. *Mheetáil* an máistir ag an doras é.

“Céad míle fáilte roimh mhac mo dheirfear as Éirinn,” a deir sé. “Gabh chugam isteach.” D’fhliuch sé le póga é, bháigh sé le deora é agus thriomaigh sé le brait mhíne shíoda é agus le gruaig a chinn féin. Nuair a bhí sin aige thug sé leaba mhaith dó le dul a chodladh agus nuair a d’éirigh sé ar maidin: “*Well*,” a deir sé, “dá gcaithfeá an oíche i mo theach, a mhic mo dheirfear,” a deir sé, “níor chuir mé d’anshógh ort nó d’anró fiafraí díot cé [as a] dtáinig tú.”

D’inis sé dó agus nuair a bhí inste aige dó: “Dia sin dár réiteach,” a deir sé, “má thig liom tada a dhéanamh,” a deir sé, “ach tabharfaidh mé,” a deir sé, “cáca duit,” a deir sé. “Tabharfaidh tú [é] don choileáinín,” a deir sé, “atá ag mo dheartháir ina leithéide

---

<sup>4</sup> “tabharfaidh mé leaba,” a deir sé, “go ceann lá agus bliain duit áirid duit féin” atá sa LS. Athraíodh struchtúr na habairte seo ar mhaithe le soiléireacht.

<sup>5</sup> Is léir gur ‘ós éigean dom imeacht’ atá i gceist leis an nath seo.

seo d'áit,” a deir sé, “nuair a thioctas sé ag tafann ort, caithfidh tú ruainne ina bhéal,” a deir sé, “agus tabharfaidh sé isteach chuig an máistir thú agus feicfidh tú féin,” a deir sé, “go n-aithneofar thú.”

Fuair sé an cáca agus nuair a chuaigh sé go dtí teach an dearthár d'éirigh an coileán amach go n-íosfadh sé é, chaith sé ruainne den cháca chuige. Rith sé isteach chuig an máistir leis agus thug sé isteach [mac an Rí].

“Ó céad míle fáilte,” a deir [an t-uncaill], “mac mo dheirféar as Éirinn, nach fada go dtáinig tú ar cuairt.” Bháigh sé le póga é agus d'fhliuch sé le deora é. Thriomaigh sé le brait mhíne shíoda agus le gruaig a chinn féin é. Thug sé isteach é. Thug sé bord agus beatha dó, bord maith ina cheann agus a sháith go maith le n-ithe. Nuair a bhí sin déanta aige chuir sé a chodladh ar leaba mhaith shócúlach é agus a bhéile go maith ar maidin nuair a d'éirigh sé. Agus nuair a bhí an béile ite aige: “A mhic mo dheirféar,” a deir sé, “tá tú i gcaitheamh na hoíche i mo theach,” a deir sé, “agus níor chuir mé aon rian ort ná fiafraí díot,” a deir sé, “cé as a dtáinig tú, céard a thug an bealach tú,” a deir sé, “le go dtáinig tú i mo thigh.”

D'inis [mac an Rí] dó. Dúirt sé leis go raibh air a dhul go teach Scológ na Féasóige Liath sa Domhan Thoir.

“Dia sin dár réiteach,” a deir sé, “ní thig liomsa [é] a dhéanamh duit,” a deir sé, “ach tabharfaidh mé each duit,” a deir sé, “a bhéarfás,” a deir sé, “ar an ngaoth Mhárta a bheas roimhe agus nach mbéarfáidh an ghaoth Mhárta a bheas ina dhiaidh,” a deir sé. “Sin é a dtig liom a dhéanamh,” a deir sé, “go dté tú,” a deir sé, “go dtí an Domhan Thoir. Thug sé dó an t-each agus bhuail leis<sup>6</sup> agus ní raibh achar ar bith go raibh sé sa Domhan Thoir.

Nuair a chuaigh [mac an Rí] soir chomh fada leis an Domhan Thoir: “Anois,” a deir sé, “go mbeannaí Dia isteach anseo,” a deir sé, “i dteach Scológ na Féasóige Liath.”

“Go mbeannaí Dia agus Muire duit,” a deir an Scológ. “An tusa mac an Rí as Éirinn?” a deir sé.

“Is mé,” a deir sé, “an tusa Scológ na Féasóige Liath?”

---

<sup>6</sup> ‘léithchi’ sa LS. Tá an focal ‘each’ baininsneach sa LS, chomh maith.

“Is mé,” a deir sé. Thug sé trí ghreim den arán donn agus trí dheoch den tríú lionn dó, a dhul a chodladh ar leaba chaol chrua iarainn,<sup>7</sup> súsa riabhach thairis, tua na béile móire<sup>8</sup> ag béal na tairsí leis an gcloigeann a bhaint ar maidin dó. Chuaigh sé a chodladh agus nuair a chuaigh sé a chodladh tháinig iníon an Rí go dtí é.

“Sea,” a deir iníon an Rí,” a deir sí, “a mhic an Rí, an bhfuil tú i do chodladh?”

“Níleas, a iníon an Rí,” a deir sé, “fós,” a deir mac an Rí.

“Well,” a deir sí, “maidin amárach,” a deir sí, “gheobhaidh tú *job*, agus ná déan aon cheo agus ná cuireadh sé aon inní ort,” a deir sí, “go dtéigh mise le do dhinnéar chugat. Nuair a ghabhas mise chugat le do dhinnéar,” a deir sí, “feicfidh tú féin,” a deir sí, “nach gcuirfidh sé aon anró ort. Ach ná déan aon cheo go dtéigh mise chomh fada leat.”

Nuair a d’éirigh mac an Rí, d’fhiafraigh an fathach<sup>9</sup> dó: “Well,” a deir an fathach, a deir sé, “tá *job* anseo agam duit,” a deir sé, “agus caithfidh tú é a dhéanamh nó mura mbí [sé déanta],” a deir sé, “beidh do chloigeann bainte díot. Beidh do cheann agus do choimeád beatha agamsa,” a deir sé, “mura ndéanfaidh tú é.”

“Well, céard [é] sin?” a deir mac an Rí.

“Tá,” a deir sé, “stábla atá ansin amuigh,”<sup>10</sup> a deir sé, “a chartadh,” a deir sé, “go bhfaighidh tú an fáinne a chaill mo mháthair mhór ann,” a deir sé, “tá seacht gcéad bliain ó shin.”

“Dia sin dár réiteach,” a deir mac an Rí, “cá bhfuil an píce?” Rug sé ar an bpíce agus amach leis. Níl aon phíce a chaithfeadh sé amach nach dtiocfadh seacht bpíce isteach ina aghaidh. Thosaigh sé ag caoineadh agus ag deoiríneacht. Faoi cheann tamaill bhí sé ag tarraingt ar am dinnéir. Shuigh sé síos agus níor rinne sé punt<sup>11</sup> ar bith, bhí sé sáraithe. Bhí sé ag caoineadh nuair a tháinig iníon an Rí isteach lena dhinnéar chuige.

“Céard atá ort?” a deir sí.

---

<sup>7</sup> ‘Cliath fhuirste’ atá i dtromlach na leaganacha de ATU 313 ón cheantar seo.

<sup>8</sup> Tá an focal ‘béal’ firinsneach de réir CO, ach cloítear leis an leagan baininsneach a d’úsáid an scéalaí síos tríd agus an scéal seo á chur i láthair aige.

<sup>9</sup> Scológ na Féasóige Liath atá i gceist leis an fhathach, ar ndóigh.

<sup>10</sup> I dtraidisiún béil na hÉireann, is iondúil gur stábla atá lán go béal le haoileach a bhíonn le glanadh ag an laoch.

<sup>11</sup> D’fhéadfadh sé gurb é an focal ‘puinn’ atá i gceist anseo.

“Ó, tá mé sáraithe,” a deir sé, “níl aon píce a chuirfinn amach nach dtiocfadh seacht bpíce isteach in m’aghaidh.”

“Ara, a amadáin,” a deir sí, “nár dúirt mé sin leat. Cén chiall duitse,” a deir sí, “tada a dhéanamh go dtagainnse go dtí thú?” Tharraing sí píce beag as a póca agus chaith sí an píce amach agus ní raibh aon ghreim sa teach nár lean é agus rug sí ar an bhfáinne agus thug sí dó é. “Tabharfaidh tú é seo do m’athair anocht,” a deir sí.

Bhailigh sé leis. Bhailigh sise léi agus bhailigh seisean leis é féin. Bhí sé ag fairnéis<sup>12</sup> thart ar an teach nó go raibh sé ina thráthnóna agus chuaigh sé isteach chuig an Rí agus sheachaid sé an fáinne dó.

“Go saolaí Dia thusa,” a deir [Scológ na Féasóige Liath], “ach nár shaolaí Dia béal do mhúinte.” Bhí a fhios aige go maith go raibh an iníon á mhúineadh.

*Well*, faoi cheann tamaill fuair [mac an Rí] trí ghreim den arán donn, trí dheoch den tríú lionn. Cuireadh a chodladh é ar leaba chaol chrua iarainn, súsa riabhach thairis, tua na béile móire ag béal na tairsí leis an gceann a bhaint ar maidin dó.

Nuair a d’éirigh mac an Rí d’fhiafraigh sé den Rí an raibh aon *job* eile le déanamh aige. Dúirt sé go raibh, é a dhul síos agus nead a bhí istigh ar an oileán a choilleadh nár coilleadh le seacht gcéad bliana agus na huibheacha a thabhairt chuige. D’imigh leis síos go ndeachaigh sé ar bhord na farraige, agus dá mbeadh sé ansin ó shin ní raibh sé in ann a dhul amach ar an bhfarraige gan bhád agus ní raibh aon bhád aige. D’fhan sé ansin go ham dinnéir agus bhí sé ag caoineadh go dtáinig iníon an Rí lena dhinnéar aige.

Nuair a tháinig sí chuige: “An ndeachaigh tú amach?”

“Ní dheachaigh mé amach,” a deir sé, “ní raibh aon bhád agam le dul amach.”

Tharraing sí sliseog<sup>13</sup> amach as a póca agus rinne sí long. Isteach leis an mbeirt [sa long] go ndeachaigh siad isteach ar an oileán. Nuair a chuadar isteach: “Gabh suas anois,” a deir sí, “agus coill an nead.”

---

<sup>12</sup> Ní bhfuarthas aon mhíniú ar an fhocal seo. Ón chomhthéacs, dealraíonn sé gur ‘fálróid’ .i. Ag ~ thart, *wandering about; loitering, loafing, about* (Ó Dónaill 1977) atá i gceist. D’fhéadfadh ‘fuireach,’ sa chiall fanacht, nó moill a dhéanamh (Ó Dónaill 1977), nó furnaidhe .i. *act of awaiting; a resting; a staying* (Dinneen 1996) a bheith i gceist, ach an oiread.

<sup>13</sup> ‘Slisóg’ sa LS.

Nuair a thug [mac an Rí] an chéad *step* ag dul suas sa gcrann chuir an t-iolar anuas le smugairlí é. Ní raibh aon *step* dá dtugadh sé suas nach gcuireadh an t-iolar anuas ar ais é.

“*Well* anois,” a deir sí, “níl aon ghar agat,” a deir sí, “an nead sin a choilleadh go brách nó,” a deir sí, “go ndéanfaidh tú na cúig mhéar a bhaint díomsa,” a deir sí, “agus cúig *step* a dhéanamh suas sa gcrann, agus gabhfaidh tú isteach sa nead,” a deir sí, “agus coillfidh tú í ansin.”

“Sin rud nach ndéanfaidh mé go brách muise,” a deir sé, “bean a chruthaigh chomh maith dom leatsa. Níl mé ag dul á dhéanamh.”

“Á stop,” a deir sí, “níl aon dochar ann,” a deir sí, “déan é.” Ach bhí sí ag dul dó gur rinne sé é, gur bhain sé barr na gcúig mhéar di. Nuair a bhain sé na cúig mhéar di rinne sé cúig *step* suas sa gcrann agus thug sé anuas na huibheacha. Isteach leis an bpéire sa long ar ais agus anall leo go ndeachaigh siad isteach ar an talamh.

“Fan tusa thart anois go tráthnóna,” a deir sí, “agus baileoidh mise abhaile.”

D’fhan sé thart go tráthnóna. Tráthnóna, chuaigh sé go dtí an Rí<sup>14</sup> agus na huibheacha aige.

“Go saolaí Dia tú féin,” a deir [Scológ na Féasóige Liath], “agus nár saolaí Dia béal do mhúinte.” D’fhan mar sin. Dúirt sé: “Tá m’iníon saothraithe agat,” a deir sé, “ach caithfidh tú,” a deir sé, “í a shaothrú tuilleadh beagán eile.”

“Á *well*,” a deir [mac an Rí], “déanfaidh mé mo dhícheall air.”

Nuair a chuaigh mac an Rí a chodladh, cuireadh a chodladh ar an leaba chaol chrua iarainn é, súsa riabhach thairis, tua na béile móire ag béal na tairsí leis an gcloigeann a bhaint dó. Is gearr a bhí sé ina chodladh nuair a tháinig iníon an Rí go dtí é.

“Ara,” a deir sí, “an bhfuil tú i do chodladh, a mhic an Rí.”

“Níleas,” a deir sé.

“*Well* anois,” a mhic an Rí, a deir sí, “tá sé chomh maith domsa,” a deir sí, “agus duitse a bheith ag glanadh. Gabhfaidh an bhail chéanna ormsa,” a deir sí, “a ghabhas ortsa,”

---

<sup>14</sup> .i. Scológ na Féasóige Liath.

a deir sí, “má tá i ndán is,” a deir sí, “go marófar duine againn, marófar an bheirt. Bhí sé chomh maith dúinn glanadh linn,” a deir sí.

“Gabh amach,” a deir sí, “má fhéadann tú é,” a deir sí, “agus faigh an capall is fearr ar an stábla. Éalaigh amach,” a deir sí, “agus baileoidh muid linn.”

Chuaigh mac an Rí amach agus d’fhan sise istigh agus rinne sí trí shiodóg<sup>15</sup> cáca. Chuir sí siodóg i gcosa na leapa, siodóg i gceannadhairt na leapa, agus siodóg ag béal na tairsí ar a dhul amach dó. Ní raibh aon achar ina dhiaidh sin go dtáinig an Rí. D’fhiafraigh sé do mhac an Rí an raibh sé ina chodladh.

“Níl fós,” a deir an tsiodóg a bhí i gceannadhairt na leapa. Tháinig sé faoi cheann cúpla uair ina dhiaidh, ná uair.

“A mhic an Rí,” a deir sé, “an bhfuil tú i do chodladh?”

“Níl fós,” a deir an ceann a bhí i gcosa na leapa. D’imigh sé go ceann tamaill eile.

“A mhic an Rí,” a deir sé, “bí nó ná bí i do chodladh anois,” a deir sé, “is gearr uait, a mhic an Rí,” a deir sé, “an bhfuil tú i do chodladh?”

“Óra beannacht Dé duit,” a deir an tsiodóg a bhí ag an tairseach, “is fada mac an Rí agus t-iníon [imithe] siar go hÉirinn,” a deir sé, “tá siad leath bealaigh go hÉirinn mar seo.”

“Gabh amach a chailligh go beo, beo,” a deir [Scológ na Féasóige Liath]. Amach leis agus ní raibh bróg ná stoca air féin [ná] ar an gcailligh agus rith an péire ina ndiaidh. Agus deamhan a chónaigh siad ariamh go raibh siad ag teacht an-ghar dóibh.

“Ara, a mhic an Rí,” a deir [iníon na Scolóige], “féach i do dhiaidh agus féach an bhfuil rud ar bith ag teacht i do dhiaidh.”

“Á m’anam go bhfuil dorchadh mór,” a deir sé.

“Féach i do dhiaidh,” a deir sí, “agus féach céard é.”

“Déarfainn,” a deir sé, “gurb é t-athair.”

---

<sup>15</sup> Dealraíonn sé gurb é an focal ‘siodóg’ .i. *chit, little brat* atá i gceist anseo (Ó Dónaill 1977). D’fhéadfadh sé, ach an oiread, gur ‘siodóg’ .i. *Suave, soft-spoken, woman; smooth-tongued person* (Ó Dónaill 1977) nó *a plausible fellow* (Dinneen 1996) atá i gceist.

“Á *well* anois,” a deir sí, “féach i gcluas an chapaill.” D’fhéach. “Céard atá ann?” a deir an bhean óg, a deir sí.

“Tá braon uisce,” a deir sé.

“Tabhair dom é,” a deir sí. Thug. Chaith sí ina diadh é agus rinne sí farraige mhór ina ndiaidh.

“Ara imigh a chailligh,” a deir [Scológ na Féasóige Liath] go tobann<sup>16</sup> agus tabhair chugam mias a thaoscas í seo. Ar imigh tú a chailligh?” a deir sé.

“D’imigh agus tháinig,” a deir an chailleach.

“Leath luach do shláinte a chailligh, nár fhaighe<sup>17</sup> tú,” a deir sé, “is maith an deifir a rinne tú.”

D’imigh leo nuair a taoscadh é sin. Bhí siad gar dó a theacht suas leo arís. Agus ansin nuair a chonaic siad go raibh siad i ngar dóibh: “Ara,” a deir an bhean óg, a deir sí le mac an Rí. “Féach i do dhiadh,” a deir sí.

“Á m’anam go bhfuil dorchadh mór ag teacht,” a deir sé.

“Féach,” a deir sí, “céard é.”

“Tá, t-athair,” a deir sé.

“Féach i gcluas an chapaill,” a deir sí. D’fhéach. “Céard atá ann?”

“Tá cipín maide,” a deir sé.

“Caith chugam é go beo,” a deir sí. Chaith. Rinne sí coill ina diaidh chomh tiugh agus nach raibh sé in ann a theacht go bhfaigheadh sé an tua ba mhó a bhí ag an teach.

“Imigh a chailligh,” a deir sé, “agus tabhair chugam an tua. Ar imigh tú a chailligh?” a deir sé.

“D’imigh agus tháinig,” arsa an chailleach.

“Leath luach do shláinte nár fhaighe tú, a chailligh,” a deir sé, “mura maith an coisí tú.”

---

<sup>16</sup> ‘go tobann’ i lúibíní sa LS.

<sup>17</sup> Malartaítear idir ‘nár fhágaidh’ agus ‘nár fhaígh’ sa trascríobh a dhéantar ar an nath seo sa LS.

D’fhan mar sin nuair a tháinig sé. *Away* leo agus níor chónaigh siad ariamh ariamh nó go dtáinigedar suas leo arís an-ghar dóibh.

“Féach i do dhiaidh, a mhic an Rí.”

Bhí a fhios aigesean i gcónaí go raibh sé ag tarraingt orthu.

“Féach i do dhiaidh, a mhic an Rí,” a deir sí. D’fhéach.

“Á, tá dorchadh mór ag teacht.”

“Ara, féach arís,” a deir sí. D’fhéach.

“Tá t-athair agus do mháthair,” a deir sé.

“Ara,” a deir sí, “féach i gcluas an chapaill.” D’fhéach. “Céard atá ann?” a deir sí.

“Ó tá m’anam,” a deir sé, “ruainne beag, snáthaidín bheag,” a deir sé.

“Tabhair dom í go beo beo,” a deir sí. Chaith sí ina diaidh í. Rinne sí cnoc snáthaidí beaga agus cnoc snáthaidí móra. Deamhan bróg ná stoca a bhí ar an gcailligh ná ar an seanbhuachaill. B’éigean don bheirt acu filleadh. Ní rabhadar in ann iad a leanúint níos faide.

“*Well* imigh anois a chailleach,” a deir sé leis an gcailligh, “agus tabhair chugainn na bróga. Ar imigh tú a chailligh?” a deir sé.

“M’anam gur imigh,” a deir an chailleach, “agus go dtáinig.”

“Leath luach do shláinte, a chailligh, nár fhaighe tú, murar áibhéil an coisí tú.”

D’fhan mar sin. Leanadar arís iad agus nuair a bhí siad tamall eile: “Ara anois,” a deir iníon an Rí, a deir sí, “féach i do dhiaidh, a mhic an Rí,” a deir sí.

D’fhéach. Nuair a d’fhéach mac an Rí ina dhiaidh dúirt sé go raibh dorchadh ag teacht.

“Ara,” a deir sí, “m’athair atá ann,” a deir sí.<sup>18</sup> “Anois a mhic an Rí,” a deir sí, “féach i gcluais an chapaill.”

D’fhéach.

“Céard atá ann?”

---

<sup>18</sup> Tagann an abairt “agus is doiligh domsa,” a deir sí, ina dhiaidh seo, sa LS, ach is léir gur dearmad a rinne an scéalaí: féach go bhfaightear an abairt seo faoi cheann cúpla líne eile sa scéal.



“Úll,” a deir sé.

“*Well*, féach anois,” a deir sí, “is doiligh domsa m’athair a mharú duitse,” a deir sí, “agus b’fhéidir nach ndéanfá domsa,” a deir sí, “dá maróinn m’athair duit.”

“Ó déanfaidh go brách,” a deir sé, “chúns a mhairfidh mé, mo mhíle dícheall duit.”

“*Well* anois,” a deir sí, “tabhair dom an t-úll.” Thug. Chaith sí an t-úll agus bhuaill sí ar an gcroí an seanbhuachaill agus mharaigh sí é. *Away* leo ansin agus ní raibh ann níos mó go dtáinig siad abhaile.

Nuair a bhí siad ag tarraingt ar an teach, dúirt sise nár mhaith léi a dhul isteach leis nó go dtéadh sé féin isteach i dtosach. “Ach tá mé ag cur comhairle ort,” a deir sí, “gan aon duine a phógadh ná aon duine a ligean i ngaire do bhéil,” a deir sí, “dubh, bán ná buí,” a deir sí, “nó go dtéigh mise isteach. Nó má thugann,” a deir sí, “tú póg d’aon duine,” a deir sí, “ná do dhuine ar bith, ní chuimhneoidh tú,” a deir sí, “an bhfaca tú mise ariamh.”

“Á, an ea nach gcuimhneoidh?” a deir sé.

D’fhan mar sin. Bhí go maith agus ní raibh go hollc. Chuaigh sé isteach. Ara rug an mháthair agus an t-athair air abhus agus thall agus thosaigh siad ag iarraidh [é] a phógadh agus ní ligfeadh sé aon duine ina ghaire. Shuigh sé síos ar an gcathaoir agus bhí go leor comharsana ag teacht agus ní ligfeadh sé aon duine ina ghaire. Tháinig coileáinín beag a bhí ar an teallach agus bhí sé [á] shroichint nó go ndeachaigh sé ar a ghlúine. Shéid sé ag líochán a lámhaí agus a bhéil ariamh. Chomh luath agus [a] ligh sé a bhéal níor chuimhnigh sé an bhfaca é an bhean ariamh.

D’fhan mar sin. Bhí a chleamhnas seo déanta le bean óg, *lady* óg, sular imigh sé. Agus nuair a chuala siad sin go raibh sé sa mbaile tháinigeadar d’aon rí-rá amháin uilig i léir. Agus bhí an bhainis dá caitheamh agus an pósadh le déanamh ar maidin lá arna mhárach.

D’fhan mar sin. D’imigh craolachaí<sup>19</sup> amach ar gach taobh ag an Rí, ag tabhairt cuireadh chun bainise do chuile dhuine dá bhfaca sé ná a raibh eolas ariamh aige air. Ní raibh aon spáráil ar airgead ann ó tháinig an mac abhaile. Bhí an cliamhain agus

---

<sup>19</sup> .i. craoltaí.

chuile dhuine acu fré chéile istigh agus iad ag caitheamh na bainise agus an créatúr seo amuigh sa gcrann.

D’fhan mar sin. Bhí caibléir de ghréasaí ar an mbaile agus bhí cuireadh faighte aige le dul chun na bainise. Chuir sé amach a chailín luath go maith i gcoinne uisce, agus nuair a chuaigh sí amach chrom sí síos sa tobar ag tógáil buicéid uisce, agus chonaic sí scáile na mná breátha thíos sa tobar.

“Muise dheamhan,” a deir sí, “mo leithéidse de chailín,” a deir sí, “de bhean chomh breá liom,” a deir sí, “a fhanas ag a leithéid de sheanchaibléir,” a deir sí, “go brách,” ag bualadh an bhuicéid faoin talamh agus ag bailiú léi.

Nuair ab fhada leis [an gcaibléir] a bhí an cailín amuigh, chuir sé amach a bhean agus nuair a chrom sí síos sa tobar: “Á muise,” a deir sí, “mo leithéidse de bhean bhreá,” a deir sí, “ag seanleithéide<sup>20</sup> de chaibléir,” a deir sí, “ní bheidh [mé] níos faide agat,” ag bualadh an bhuicéid faoin talamh agus ag bailiú léi.

Nuair ab fhada leis an gcaibléir go raibh duine ar bith ag teacht go dtí é rug sé féin ar shoitheach agus chuaigh sé amach, agus nuair a chrom sé sa tobar chonaic sé an scáile agus bhí a fhios aige go maith nárbh í a scáile féin a bhí ann, gur scáile mná a bhí ann. D’fhéach sé os a chionn sa gcrann. “Ó, is dócha,” a deir sé, “gur tusa a dhíbir mo bhean agus mo chailín?”

“*Well*, is dócha gur mé,” a deir sí.

“Ach céard a chas ansin tú?” a deir sé.

“Á,” a deir sí, “is cuma céard a chas ann mé,” a deir sí, “níl athrú d’áitreamh agam faraor,” a deir sí, “mura bhfaighidh mé lóistín ó dhuine éigin.”

“An dtiocfá liomsa?” a deir sé.

“Tiocfad, dar nónach,”<sup>21</sup> a deir sí, “má thugann tú lóistín dom.”

“Tabharfaidh,” a deir sé, “agus míle fáilte. Siúil leat,” a deir sé, “agus fanfaidh tú i mo theachsa. Tá mise ag dul chuig bainis.”

---

<sup>20</sup> ‘sean leithide’ sa LS. D’fhéadfadh sé gurb e an focal ‘leibide’ atá i gceist, ach féach gur ‘a leithéid de sheanchaibléir’ atá ráite roimhe seo.

<sup>21</sup> ‘a nónach’ sa LS. Is leagan malartach é seo den nath ‘i nDomhnach!’

D’fhan mar sin. Chuaigh sé isteach, bhearr sé é féin, ghlan sé é féin. Nuair a bhí chuile shórt déanta réidh glan aige: “Fan tusa ansin anois,” a deir sé, “agus tá mise ag dul chuig an mbainis.”

“Muise, an ligfeá mise leat?” a deir sí.

“Muise, deamhan an miste liom,” a deir sé.

Amach leis an bpéire agus chuadar chuig an mbainis. Bhí an caibléir seo ina dhuine an-spóirtiúil: damhsóir agus fear mór amhrán a bhí ann. Iarradh air faoi cheann tamaill cúpla amhrán a rá. Bhí sise ag imeacht ar fud na cistine mar a d’fheicfeá bean bhocht, an créatúr, í féin go cúthail. Chrom sí anuas ag an gcaibléir agus dúirt sí leis: “Muise meas tú,” a deir sí, “an iarrfá ar cheann de na cócairí cead a thabhairt dom putóg a ghléasadh.”

“Muise iarrfaidh, m’anam,” a deir sé. D’iarr sé ar cheann de na cócairí agus séard a dúirt sí go mbuailfeadh sí siar ar an mbéal [iníon na Scolóige], ag dul ag réiteach a leithéid do dhaoine móra.

“Ó stop,” a deir ceann eile,” a deir sí, “lig di,” a deir sí, “mura n-íosfaidh duine í, íosfaidh an mhuc í nó íosfaidh an madadh í. Sásaigh an bhean,” a deir sí, “i láthair bainise.”

Shásaigh sí í agus lig sí di. Nuair a bhí an phutóg gléasta aici tharraing sí lorg a cúig mhéar sa bputóg agus bhí chaon braon meala uirthi. D’fhan mar sin, nuair a bhí an phutóg réidh ní raibh aon cheann le dul go barr an tí ba bhreátha ná í. Nuair a chuaigh an phutóg go barr an tí d’fhiafraigh na daoine móra do chuile cheann acu cén cócaire a rinne í, chuile cócaire ag rá gurbh í féin.

D’fhan mar sin. D’ionsaigh an spraoi agus an spóirt sa gcistin agus ar fud an tí, thart sa chuile áit. Thug [iníon na Scolóige] cogar arís don chaibléir agus dúirt sí leis: “Muise,” a deir sí, “an ligfeadh siad dom píosa spóirt a dhéanamh?”

“Well, fiafróidh mise sin,” a deir an caibléir. “Well anois,” a deir sé, “tá bean anseo,” a deir sé, “ag dul ag déanamh píosa spóirt,” a deir sé, “[bean] de bhean siúil, an créatúr,” a deir sé, “nach bhfaca muid ariamh go dtí anocht. Agus má ligeann sibh di fios a spóirt a dhéanamh,” a deir sé, “tá sí ag dul á dhéanamh.”

“Ligfidh agus míle fáilte,” a deir chuile dhuine.

Rinne [iníon na Scolóige] coileach agus cearc. Nuair a bhí an coileach agus an chearc déanta aici, chaith sí gráinne coirce chucu agus sciob an coileach ón gcearc é.

“Á muise shoraidh dhíot,” a deir sí, “níor chóir duit sin a dhéanamh liomsa,” a deir sí, “an lá a bhí tú ag cartadh an stábla,” a deir sí, “chuile píce a chuirfeá amach go dtiocfadh seacht gcéad píce isteach ina aghaidh,” a deir sí, “nó go dtáinig mé agus gur chaith mé píce amach mé féin, píce beag as mo phóca,” a deir sí, “agus gur lean a raibh sa stábla é, gur thug mé duit an fáinne,” a deir sí, “a chaill máthair mhór,” a deir sí, “na Scolóige,” a deir sí, “seacht gcéad bliain ó shin.”

Ghriothnaigh<sup>22</sup> an fear óg é féin ach níor labhair sé.

“Á,” a deir sí. Chaith sí gráinne eile chuige. Sciob an coileach ón gcearc é.

“Shoraidh dhíot,” a deir an chearc, “níor chóir díot sin a dhéanamh liomsa, agus ní chuimhníonn tú ar an lá,” a deir sí, “a chuaigh tú isteach ar an oileán agus arbh éigean duit a dhul,” a deir sí, “agus cúig staighre,” a deir sí, “a dhéanamh de mo chúig mhéar suas sa gcrann agus tú ag coilleadh nead an iolair. Dá chomharthaíocht sin féin,” a deir sí, ag síneadh amach a coise. Agus bhí a méaracha bainte dá cois, agus shín an bhean óg a lámh féin amach an pointe ar labhair sí agus d’fhéach an fear óg uirthi agus chonaic sé na cúig mhéar bainte di.

D’éirigh sé suas agus d’fhiafraigh sé dá raibh istigh sa teach as éadan. D’fhiafraigh sé díobh: “Más é bhur dtoil é, a dhaoine uaisle,” a deir sé, “an dtabharfaidh sibh cead cúpla focal cainte domsa, agus an ndéanfaidh sibh breithiúnas ceart ann?”

“*Well*, déanfaidh,” ar siadsan, “chomh fada agus atá muid in ann duitse, a dhuine uasail, a chuaigh tríd a ndeachaigh tú.”

“*Well*,” a deir sé, “tá anseo,” a deir sé, “anois,” a deir sé, “seaneochair,” a deir sé, “a bheadh agat agus an eochair ab fhearr a fuair tú ariamh,” a deir sé, “agus a bhainfeadh chuile ghlas duit,” a deir sé, “dá bhféachfá léi é. Dá gcaillfeá an eochair,” a deir sé, “agus go gceannófá eochair nua agus nach mbeadh aon cheo millte faoin eochair nua agat,” a deir sé, “ach an t-airgead íoctha uirthi, an n-iompófá thart,” a deir sé, “agus an gcaithfeá an tseaneochair uait,” a deir sé, “ar an eochair nua?”

---

<sup>22</sup> Cf. an focal ‘griotháil’ .i. *grunt, snort* (Dinneen 1996).

“Ní chaithfeadh,” arsa chaon duine, “choinneoinn an tseaneochair a bhí agam ariamh agus a sheas go maith dom agus a rinne go maith dom.”

“*Well*, dá bhrí sin,” a deir sé, “ag breith ar an mbean, “coinneoidh mise an bhean a shaothraigh mé féin.”

Phóg sé an bhean agus phós sé í. Sin é mo scéal.

## **Mac Bhaintreach Loch Coirib**

*Pádraig Ó Súilleabháin a d'inis*

Bhí baintreach fadó taobh thall de Loch Coirib anseo, an taobh ó dheas de Loch Coirib, agus ní raibh aici ach aon mhac amháin. Ní raibh aon déantas maitheasa ann i gcaitheamh an ama, ach caite sa teallach i gcónaí agus an mháthair ag imeacht ag iarraidh a bheith ag soláthar dó, agus ag fáil beatha dó, go raibh sé fásta suas, go raibh sé fiche bliain d'aois.

D'éirigh sé ina sheasamh ansin maidin lae agus bhain sé craitheadh as féin, agus ghabh sé anuas ag cladach an locha. Chuir sé tuairim trí thonna luatha amach as an méid éadaigh a bhí air i gcaitheamh an tsaoil ó tháinig sé suas. Sa luaith a bhí sé ag caitheamh a shaoil i gcónaí. Tháinig sé isteach nuair a nigh sé é féin agus d'iarr sé ar a mháthair a dhul isteach, in áit a dtugann siad Uachtar Ard air, ag fear siopa, agus a rá le fear an tsiopa culaith éadaigh a chur chuige.

“Ara, cá bhfuil tú ag dul?” a deir an mháthair.

“Tá mé ag dul ag saothrú mo bheatha,” a deir sé, “in áit éigin feasta, tá sé in am agam.”

D'imigh [an mháthair] isteach go hUachtar Ard agus ghabh sí go dtí fear an tsiopa agus d'inis sí an scéal dó.

“Cuirfidh mise culaith éadaigh chuige ar chuma ar bith,” a deir [fear an tsiopa], “b'fhéidir go ndéanfadh sé graithe maith go fóill.”

Tháinig an chulaith éadaigh chuig [mac na baintrí] agus bhuaíl sé air í. Shiúil sé amach agus bhí sé ag féachaint air féin. B'fhacthas dó go raibh sé ag féachaint i bhfad Éireann ní b'fhearr ná [mar a] bhí sé i gcaitheamh an ama roimhe sin, ar chuma ar bith. Bhí sé nite glanta, culaith nua éadaigh air.

“Dá mbeadh maide láimhe agam,” a deir sé, “anois ar chuma ar bith, d'imeoinn liom agus ghabhfainn ag tóraíocht aimsire in áit éigin.”

Ghabh sé isteach sa ngarraí agus bhí crann deas fuinseoige ag fás i gcoirnéal an gharraí.

“*By dad,*” a deir sé, “feictear dom,” a deir sé leis féin, “go ndéanfadh sé sin maide deas dom.” D'fhiafraigh sé don mháthair an raibh aon tua istigh. Dúirt sí go raibh seantua

caite ansin in áit éigin. Fuair sé an tua agus ghabh sé amach. Ar ndóigh ní raibh an tua in ann tada a ghearradh. Is dócha gur fadó nach ndearna sí aon cheo roimhe sin. Chaith sé an tua in aer uaidh ar fad agus bhuail sé barróg ar an gcrann. D’ionsaigh sé dá *slingáil* in éadan a chéile, ach thug sé as an talamh é agus thabharfadh sé ualach mór créafóige leis ag teacht dó. Bhí sé ag srubhal<sup>1</sup> gur ghearr sé an bun den chrann agus na géagáin, agus nuair a bhí an maide feistithe aige, bhí an maide tuairim agus dhá through déag ar airde, ach thabharfá maide breá air ar chuma ar bith.

Bhog sé amach agus bhailigh leis. Bhí sé suas Gaillimh agus chaith sé oíche i nGaillimh. Ach níl teach ar bith a ngabhfaidh sé ann nach gcaithfeadh sé a mhaide a thabhairt isteach [ar] fhaitíos go gcaillfeadh sé é. An chéad teach a ndeachaigh sé ann an oíche seo, nuair a thug sé isteach a mhaide, thosaigh fear an tí ag féachaint air.

“*Well*,” a deir sé, “tá maide deas agat.”

“Ó tá maide beag deas agam,” a deir sé, “maide scafánta.” Ach dúirt sé nach raibh airgead ná ór aige, go raibh sé ag tóraíocht lóistín go maidin agus a shuipéar a fháil. Dúirt [fear an tí] go bhfaigheadh [sé sin]. Ach thug sé a shuipéar go han-mhaith dó, agus a bhricfeasta lá arna mhárach.

Nuair a bhí [mac na baintrí] ag imeacht ar maidin: “*Well*, níl airgead ná ór agamsa anois,” a deir sé, “ach má fhillim choíche an bealach seo arís, íocfaidh mé an oíche leat.”

“Ó, go soirbhí Dia duit,” a deir fear an tí, bí ag imeacht leat ar chuma ar bith.”

Chaith sé oíche eile i mbaile mór eile, ach bhí sé ag triall leis mar seo nó go ndeachaigh sé go Cúige Mumhan. Agus chuala sé go raibh duine uasal i gCúige Mumhan ansin ar theastaigh buachaill uaidh. Agus tháinig sé go dtí é agus d’fhiafraigh an duine uasal seo de cá raibh sé ag dul.

“Tá mé ag dul ag tóraíocht máistir,” a deir sé, “[le dul ar] aimsir. An dteastódh aon bhuachaill uait.”

“*Well* theastódh,” a deir an duine uasal, “a deir sé, “má tá tú in ann mo sheirbhís a dhéanamh.”

---

<sup>1</sup> Féach Fonóta 1 ar lth. 12 den imleabhar seo.

“Feictear dom,” a deir sé, “go bhfuil mé in ann rud ar bith a rinne aon fhear ariamh a dhéanamh.”

*Well* thug sé isteach é agus thug sé a shuipéar dó agus chuir sé a chodladh é. Nuair a d'éirigh [mac na baintrí] ar maidin lá arna mhárach, d'fhiafraigh sé de [.i. an duine uasal] céard a ghabhfadh sé ag déanamh inniu.

“Muise, beidh mná níocháin anseo,” a deir sé, “amárach agus theastódh tine uainn. Dá ngabhfa amach,” a deir sé, “agus uailín<sup>2</sup> broсна de chrainn a chruinniú isteach i gceann na móna, d'fheilfeadh sé do na mná.”

“Déanfaidh sin,” a deir sé, “tabhair dom rópa.”

Thug. Amach leis agus ghabh sé isteach sa gcoill agus chonaic sé crann mór sa gcoill, lomáin agus géagáin an-leathan air, agus ghabh sé go dtí an crann.

“*By dad,*” a deir sé, “dá mbeadh sé sin bainte agam, dhéanfaidh sé tine do na mná ar chuma ar bith go ceann laethanta.”

D'fháisc sé faoin gcrann agus bhí sé leis ariamh ariamh go dtug sé an crann leis as an talamh agus rúta talún aníos in éineacht leis. Bhuail sé faoi bhun an chrainn agus chuir sé bun an chrainn ar a ghualainn agus dheasaigh sé leis trí bhallaí agus trí gheataí. Ní raibh sé ag fágáil balla ná geata dá raibh ag teacht roimhe nach raibh sé ag leagan agus ag réabadh, go dtáinig sé amach sa *yard*.

“Seo é anois agat ábhar na tine,” a deir sé leis an duine uasal.

“Ó is maith an buachaill [tú],” a deir sé, “is tú an fear is fearr a chonaic mé fós.”

“Cá bhfuil tú ag dul á leagan seo?” a deir sé.

“Ó, áit ar bith ansin sa *yard* a gcaithfidh tú é,” a deir sé, “déanfaidh sé graithe.”

Rinne agus tharraing sé thart ar leithligh é agus ghabh sé isteach. Chaith sé an lá sin ansin ag siúl soir agus siar, go dtí maidin lá arna mhárach.

Chuaigh an duine uasal go dtí an bhean. “Á,” a deir sé, “is aisteach an buachaill é seo a fuair muid, mura gcuirfidh muid deis éigin air lena chur chun báis, bainfidh sé an teach mór agus a bhfuil ann dinn ar deireadh. Ach tá tarbh mór agamsa,” a deir sé, “sa

---

<sup>2</sup> Foirm dhíspeagtha den fhocal ‘ualach.’



bpáirc, agus abróidh mé leis a dhul go dtí an tarbh amárach, agus a thabhairt chun tí le dul chun aonaigh. Agus ní dheachaigh aon fhear ariamh,” a deir sé, “ó tháinig an tarbh sin suas, isteach sa bpáirc nach mbeadh marbh. B’fhéidir go bhfaigheadh sé teagmháil ón tarbh.”

“Déanfar sin,” a deir sí, “déan mar sin féin é.”

Ar maidin lá arna mhárach, nuair a bhí a bhricfeasta ite aige, d’fhiafraigh [mac na baintrí] céard a bhí sé ag dul a dhéanamh inniu.

“Tá tarbh ansin thoir sa bpáirc,” a deir [an duine uasal], “agus tabhair leat anoir é go gcuirfidh muid ar stábla é, go mbeidh muid á chur chun an aonaigh amárach.

“Déanfar sin,” a deir sé. D’imigh sé agus nuair a ghabh sé go dtí an pháirc, bhí maor ag an duine uasal seo, ag aireachas ar an áit. Buachaill breá de mhac aige, agus bhí sé ag siúl thart déanta suas agus bhí sé féin ag súil le hiníon an duine uasail, mo léan.

“Céard atá tú ag déanamh?” a deir mac an mhaoir, a deir sé, “an [ag] brath atá tú a dhul ag goid an tairbh?”

“Ní hea, muise,” a deir sé, “[ar] chor ar bith, d’ordaigh an duine uasal dom a theacht ina choinne.”

“Fág ansin an tarbh,” a deir sé, “agus ná bíodh tada le déanamh agat leis, nó cuirfidh an tarbh drochbhláth ort.”

“Dún suas do chlab tusa, ar chuma ar bith,” a deir sé, “ní bhaineann mo scéal duit [ar] chor ar bith.”

Rith sé go dtí é agus fuair sé greim brollaigh air. Thóg [mac na baintrí é] agus bhuaile sé in aghaidh an bhalla é. Tá mé ag ceapadh nár éirigh sé ó shin, leis an gcrathadh a fuair sé ar chuma ar bith. Isteach leis [.i. mac na baintrí] agus nuair a ghabh sé thar an mballa, chonaic an tarbh é [agus] rinne sé chuige. Bhí dhá adharc ar an tarbh a raibh an-fhad iontu, agus nuair a bhí sé ag déanamh go dtí é, chuaigh mac na baintrí de léim amach thar an mballa agus chuaigh an tarbh de léim taobh amach ina dhiaidh, agus isteach leisean arís, agus an tríú huair a chuaigh mac na baintrí thar an mballa amach, *landáil* an tarbh, tháinig sé trasna ar bharr an bhalla, a leataobh istigh agus taobh amuigh dó agus d’iompaigh mac na baintrí agus fuair sé greim dhá adharc air.

“Deamhan a mharóidh mé díot,” a deir sé, “go dtéigh tú chun aonaigh.” Tharraing sé chuige amach i ngreim dhá adharc é, agus tharraing sé leis an bóthar é. Scaití eile bhíodh sé ag siúl, nó go dtug sé isteach ag an *yard* isteach é.

“Seo é an tarbh anois,” a deir sé leis an duine uasal, “Cá gcuirfidh mé é?”

“Ó, cuir isteach sa stábla go maidin é,” a deir an duine uasal, “go mbí muid ag imeacht.”

Chuir sé isteach é agus dhún sé [an doras] air. Nuair a chuaigh an duine uasal isteach go dtí an bhean: “Á,” a deir sé, “níl aon léamh air seo [ar] chor ar bith, déanfaidh sé an mí-ádh mór orainn. Meas tú nach bhfuil an tarbh curtha isteach sa stábla aige.”

“Á,” a deir an bhean, a deir sí, “b’fhearr duit gan aon cheo a bheith le déanamh agat ariamh leis.”

“Níl a fhios agam fós,” a deir sé, “b’fhéidir go gcuirfeadh muid deis éigin ar ball air.”

Maidin lá arna mhárach, nuair a bhí a bhéile ite aige [.i. mac na baintrí], dúirt an duine uasal leis go bhfuair sé scéal nach mbeadh aon aonach ann inniu.

“Téirigh amach,” a deir sé, “agus fág sa bpáirc arís [an tarbh] go dtaga lá an aonaigh.” Bhí súil ag an duine uasal nuair a bhí a scéith ligthe ag an tarbh, dá bhfágfadh [mac na baintrí] sa stábla é, go maródh sé istigh é. Nuair a d’oscail sé doras an stábla, i leaba iompú go dtí mac na baintrí, séard a rinne [an tarbh] rith i gcoirnéal le faitíos. Chuaigh seisean isteach agus fuair sé greim geoice<sup>4</sup> air agus tharraing sé leis amach é agus ba shocair an beithíoch é gur chuir sé isteach an geata arís é.

Tháinig [mac na baintrí] abhaile an tréú lá. Nuair a d’éirigh sé ar maidin agus [nuair] a d’ith sé a bhricfeasta, d’fhiafraigh sé den duine uasal arís céard a bhí sé ag dul ag déanamh inniu.

“*Well*, tá páirc mhór coirce agam,” a deir an duine uasal, “agus tá deichniúr fear agam inniu,” a deir sé, “ag baint ann, agus beirt bhuachaillí. Ar bhain tú aon choirce ariamh?” a deir sé. “B’fhéidir go dtabharfá cúnamh dóibh sa bpáirc inniu.”

“Ó tá mé in ann coirce a bhaint,” a deir mac na baintrí, “*alright*, má fhaigheann tú corrán maith dom.”

---

<sup>4</sup> ‘geóic’ sa LS. Is leagan malartach é ‘geoc’ den fhocal ‘geocán’ .i. píobán (Ó Dónaill 1977).

Fuair. Amach leis agus nuair a ghabh sé isteach sa bpáirc, ‘sé an chaoi a raibh na fir seo ar fad ag baint, a iomaire féin ag chuile fhear den dá fhear déag, agus bhí siad ag bordáil leath bealaigh sa bpáirc nuair a tháinig [mac na baintrí] isteach chucu. Chaith sé de agus thóg sé féin ucht dhá iomaire dhéag dó féin agus dheasaigh sé amach, ach ní raibh [na fir eile] ag an mbarr go ndeachaigh sé tharstu amach lena dhá iomaire dhéag féin. Ach nuair a chonaic siadsan an t-*action* a bhí déanta, nuair a d’fhéach sé thairis le tosú ar an dara hucht, ní raibh fear ar bith sa bpáirc. Bhailigh leo uilig, dúirt siad dá bhfanadís ní b’fhaide go mbeidís marbh uilig i léir aige. Bhí an pháirc ag bordáil ceathair ná cúig d’acraí coirce inti, ach i bhfad sula raibh grian faoi ní raibh aon phunann ar an bpáirc nach raibh leagtha ag mac na baintrí. Tháinig sé isteach.

“An bhfuil aon bhaol ar an gcoirce a bheith bainte?” a deir an duine uasal.

“Ó nach fada an lá réidh í, an pháirc,” a deir mac na baintrí, ach níor fhan duine ar bith agamsa ach mé féin.”

“Á is tú an fear is fearr,” a deir sé, “a chonaic mé ariamh fós.”

Ghabh sé isteach go dtí an bhean agus d’inis sé an scéal di. “Ní fhágfaidh sé teach ná cró againn,” a deir an bhean. “Sin é an chaoi a mbeidh an scéal anois.”

“*Well* is dócha liom,” a deir sé, “de réir cosúlachta nach bhfágfaidh.”

“Ach an bhfuil a fhios agat céard ab fhearr dúinn a dhéanamh?” a deir an duine uasal.

“Tá sé chomh maith dúinn an iníon a thabhairt dó le pósadh, nó mura dtuga, ní imeoidh sé choíche go maróidh sé muid féin chomh maith leis an iníon.”

“Déanfaidh muid mar sin féin,” a deir sí, “ní bhfaighidh tú fear ar bith di is fearr ná é.”

D’fhiafraigh sé dó an bpósfadh sé an iníon. “Pósfaidh mé,” a deir sé, “má tá tú ag dul á tabhairt dom.”

“Ó, tabharfaidh mé duit í,” a deir sé, “feictear dom gur maith an fear tú lena haghaidh.”

Thug sé an iníon dó ansin agus pósadh iad agus bhí bainis seacht n-oíche agus seacht lá acu. Chuile dhuine timpeall ar an áit cruinníodh ann iad, beag agus mór. Agus nuair a bhí an bhainis caite ansin laethanta, dúirt mac na baintrí go gcaithfeadh sé a theacht ar ais abhaile ar cuairt go dtína mháthair.

*Mac Bhaintreach Loch Coirib*

“Tig leat,” a deir an duine uasal, “ach ar ndóigh tiocfaidh tú anseo arís?”

“Ó tiocfaidh,” a deir sé. Dheasaigh leis, capall agus cóiste, go dtáinig sé go Loch Coirib arís ar ais go dtí an mháthair, agus chroch sé leis í sa gcóiste ansin, agus d’íoc sé chuile fhear acu seo ar chaith sé oíche ar an mbealach acu nuair a bhí sé ag imeacht, go ndeachaigh sé go dtí an Rí arís. Agus nuair a tháinig sé isteach go dtí an Rí, bhí fáilte mhór aige roimhe arís.

“*Well* tá mé féin agus mo mháthair anois,” a deir sé, “ar fáil, agus tá mé ag ceapadh go bhfanfaidh muid anseo, nach scarfaidh muid leat choíche.”

Shocraigh siad fúthu ansin sa teach seo, agus níor fhág siad sin go bhfuair siad bás. Ach tá mise ag rá leatsa gur maith a chuir mac na baintrí a shaol na fiche bliain a chaith sé sa luath, ar chuma ar bith.

## **Seán an Ghabha**

*Tomás Ó Cadhain a d'inis*

Bhí seanghabha in Éirinn fadó sa tseanaimsir agus bhí sé pósta agus ní raibh de mhaoín<sup>1</sup> an tsaoil aige ach aon mhac amháin leis an mbean, agus ó bhí an mac in ann oibre bhíodh sé ag obair leis an athair sa gceárta ag foghlaim a cheirde ar nós fear ar bith ariamh ná gur cailleadh an t-athair.

Nuair a cailleadh an t-athair bhí sé ag coinneáil ag obair leis i gcónaí, ag déanamh obair an athar sa gceárta ná gur cailleadh an mháthair. Nuair a cailleadh an mháthair, dúirt Seán seo leis féin go raibh sé in am aige pósadh agus phós. Ní raibh sé ach bliain pósta nuair a rugadh mac óg do Sheán agus dúirt sé leis an mbean lá: “*Well*, tá sé in am agamsa,” ar seisean, “a dhul amach agus féachaint an bhfaighinn fear óg ar bith a rachadh chun baistí leis an mac seo.”

“Is dócha go bhfuil sé chomh maith agat,” a deir an bhean. D’imigh le Seán, bhí sé ag síorimeacht ariamh an bóthar ná go raibh nóin<sup>2</sup> agus deireadh an lae ag teacht air, agus céard a chasfaí dó ar an mbóthar ach Dia.

“Cá bhfuil tú ag dul inniu, a Sheáin?” a deir Dia.

“Tá mé ag imeacht,” arsa Seán, “ag tóraíocht fear a rachadh chun baistí le mo ghasúr.”

“Rachaidh mise chun baistí leis,” a deir Dia.

“Cé thú féin?” arsa Seán.

“Mise Dia,” ar seisean, “is mé is cóir a dhul chun baistí le do ghasúr.”

“*Well* ní rachaidh tusa chun baistí leis,” arsa Seán.

“Cén fáth?” arsa Dia.

“Tá,” arsa Seán, “mar tugann tú dhá mhuinín den saol do chuid de na daoine agus fágann tú an dream eile agus iad ag tóraíocht na déirce.”

“Dia dár réiteach,” ar seisean, “níl gar agam a dhul chun baistí leis mar sin.”

“Níl,” ar seisean.

---

<sup>1</sup> ‘muinín’ sa LS.

<sup>2</sup> ‘Díuin – sa gceantar seo’ scríofa mar fhonóta sa LS.

D'imigh le Seán nó go dtáinig sé isteach i seanbhothóg tí ar thaobh an bhóthair agus chaith sé an oíche sin ann. An dara lá d'imigh sé arís. Bhí sé ag imeacht agus ag síorimeacht ná cé [a] chasfaí dó ach an Diabhal ar an mbóthar.

"Cá bhfuil tú ag dul inniu?" a deir an Diabhal le Seán.

"Tá mé ag imeacht ag tóraíocht fear a rachadh chun baistí le mo ghasúr," arsa Seán.

"Má tá," arsa an Diabhal, "rachaidh mise chun baistí leis."

"Cé thú féin?" arsa Seán.

"Mise an Diabhal."

"Ó," arsa Seán, "níl gar ar bith agatsa a dhul chun baistí leis."

"Cén fáth sin?" arsa an Diabhal.

"Tá," ar seisean, "ní fear ceart tusa [ar] chor ar bith le dul chun baistí leis." Ní ligfeadh Seán an Diabhal chun baistí lena ghasúr agus d'imigh sé leis go raibh nóin agus deireadh an lae ag teacht arís air. Tháinig sé isteach i seanbhothóg eile agus chaith sé an oíche sin ann.

Ar maidin lá arna mhárach, d'imigh sé arís. Bhí sé ag síorimeacht ná gur casadh fear eile dó ar an mbóthar.

"Cá bhfuil tú ag dul inniu?" a deir an fear.

"Tá mé ag imeacht," ar seisean, "ag tóraíocht fear a rachadh chun baistí le mo ghasúr."

"*Well* má tá," arsa an fear, "rachaidh mise chun baistí leis."

"Ní rachfar," arsa Seán, "ná go mbeidh a fhios agamsa cé thú."

"*Well* mise an Bás," ar seisean.

"*Well* más tusa an Bás," arsa Seán, "is tusa an fear a rachfas chun baistí leis."

"Cén fáth sin?" arsa an Bás.

"Tá, mar níl aon fhear amuigh chomh cneasta leat," arsa Seán, "is cuma leat bocht ná saibhir, cam ná cruiteach iad, ach crochfaidh tú leat chuile chineál acu a thiocfas in do bhealach."

“Maith an buachaill,” arsa an Bás. D’imigh sé féin agus Seán leis agus tháinig siad go dtí an teach ná gur baisteadh an gasúr.

“Anois,” arsa an Bás, “tabharfaidh mise saothar maith duit. Beidh tú ag fáil íoctha,” ar seisean, “chuile sheachtain agus níl call duit focal ar bith a rá cá bhfuil tú ag fáil an airgid, agus tabharfaidh mé rud eile duit,” ar seisean. “Tá mé ag tabhairt fainne duit agus buidéilín. Mar feicfidh tú sna páipéir,” ar seisean, “go mbeidh a leithéid seo d’fhear go dana, agus féadfaidh tú a dhul go dtí an teach agus trí bhraon den stuif atá sa mbuidéal a thabhairt dó. Nuair a rachfas tú go dtí an teach, agus [nuair] a rachfas tú isteach sa seomra in áit a bhfuil an fear go dana, breathnóidh tú tríd an bhfáinne. Má fheiceann tú mise ag a cheann, leigheas é. Ach má fheiceann tú mise ag a chosa, ar a bhfaca tú ariamh an dtabharfá aon deor den rud atá sa mbuidéal dó.”

“Tá go maith,” arsa Seán. Ghlac sé buíochas leis agus d’imigh sé. Bhí Seán ag fáil an airgid ach ní raibh a fhios aige cé as a raibh sé ag teacht, agus ní raibh sé ag rá smid ar bith faoi, agus bhí sé ag coinneáil a shúil ar na páipéir go bhfeicfeadh sé cáide go dtiocfadh scéal faoin bhfear uasal seo a bheadh go dana go dtéadh sé go leigheasfadh sé é.

Ní i bhfad ar bith a bhí caite ná go bhfaca sé sa bpáipéar go raibh a leithéid seo d’fhear mór go dana agus go raibh an oiread seo céadta punt geallta d’fhear ar bith a leigheasfadh é. Maidin lá arna mhárach, dúirt Seán lena mhnaoi: “Tá sé in am,” ar seisean, “agamsa imeacht. Beidh mé imithe go ceann cúpla lá agus ná bíodh aon inní agat dom.”

D’fhág sé slán agus beannacht aici agus bhuail sé bóthar. Bhí sé ag imeacht agus ag síorimeacht ariamh go dtáinig sé go dtí an teach a raibh an fear seo go dana ann. Nuair a bhuail sé an doras tháinig searbhónta amach: “Céard atá uait?” ar seisean.

“Tá, teastaíonn uaim a dhul,” ar seisean, “isteach nó go leigheasfaidh mé an fear atá go dana.”

“Ó, tá,” arsa an searbhónta, “go leor dochtúirí istigh. Ach má tá féin tá cinnte orthu aon mhaith a dhéanamh dó.”

“Well, ní bheidh mise mar sin,” arsa Seán, “leigheasfaidh mé é ach go dtéigh mé isteach.”

Chuaigh an searbhónta isteach agus d'inis sé an scéal don fhear a bhí istigh.

“Ó, tabhair isteach é má tá aon mhaith leis,” ar seisean. Chuaigh an searbhónta amach agus dúirt sé le Seán a theacht isteach. Nuair a chuaigh sé isteach sa seomra, chuir sé chuile dhochtúir a bhí ann istigh amach agus tharraing sé amach an fáinne agus an buidéilín as a phóca. Bhreathnaigh sé tríd an bhfáinne agus chonaic sé an Bás thuas ag cloigeann an fhir. Ní dhearna sé ach trí bhraon den uisce a bhí sa mbuidéal a thabhairt dó agus chomh luath in Éirinn agus a bhí siad ólta ag an bhfear, d'éirigh sé aniar sa leaba agus d'iarr sé a chuid éadaigh. Tháinig na searbhónta isteach nuair a chualadar an chaint istigh agus dúirt an fear a bhí go dana: “Íocaigí é seo anois go maith,” ar seisean, “tá mise leigheasta agus tá mé in ann éirí agus a dhul amach ar fud mo chuid talún.”

Fuair Seán a dhóthain airgid ar chuma ar bith agus d'imigh leis abhaile. Bhí sé ag coinneáil a shúil ar na páipéir arís ná go bhfeicfeadh sé cáide go mbeadh aon fhear eile go dana agus ní i bhfad a bhí ná go bhfaca sé faoi fhear eile a bhí sa bpáipéar a bhí go dana agus an oiread seo céadta punt geallta as a leigheas.

D'imigh Seán ón mbaile mar a rinne sé cheana agus thriail sé ar an teach a raibh an fear seo go dana ann. Nuair a tháinig sé go dtí an doras, bhuail sé an doras agus tháinig searbhónta amach go dtí é. “Céard atá uait?” ar seisean. “Tá,” arsa Seán, “chonaic mé sa bpáipéar go raibh a leithéid seo go dana agus tháinig mé go leigheasfainn é.”

“Ó, ní fhéadfaidh tú a dhul isteach anois,” arsa an searbhónta, “mar tá ard-dhochtúirí as gach ceard istigh ag iarraidh [é] a leigheas. Ach má tá féin, má tá féin tar isteach agus inseoidh mé an scéal dó.”

Bhuail Seán isteach leis an searbhónta agus chuaigh sé suas agus d'inis sé don fhear seo go raibh a leithéid seo d'fhear thíos a tháinig a leigheasfadh é.

“Má tá aon mhaith leis,” ar seisean, “tabhair aníos go beo é.”

Chuaigh an searbhónta síos agus chroch sé Seán leis go dtí barr an tí in áit a raibh an fear go dana agus d'ordaigh sé gach dochtúir a bhí istigh amach. Nuair a bhíodar ar fad gafa amach, tharraing sé an fáinne aníos as a phóca agus an buidéilín. Bhreathnaigh sé tríd an bhfáinne agus chonaic sé an Bás ag a chosa.



“Ó Dia dár réiteach,” arsa Seán leis féin, “tá an Bás ag a chosa, níl a fhios agam sa domhan céard a dhéanfas mé.” Chuimhnigh sé air féin agus dúirt: “Nach mór an feall,” ar seisean, “cébrí céard a dhéanfas an Bás ná rud ar bith, an t-airgead a chailleadh.”

Chuimhnigh sé ar bheart a chur ina shuíomh ar an bpointe. Ní dhearna sé ach breith ar an bhfear a bhí istigh sa leaba agus a chloigeann a chur suas in áit a raibh a chosa. Ach má chuir féin, bhí an Bás ag dul thart ag díriú ar a chosa arís. Má bhí féin, níor thug Seán aon aird air, thug sé trí bhraon den stuif a bhí sa mbuidéal dó agus leigheas sé é. D’éirigh an fear aniar de léim ar an urlár chuig Seán. “Cá bhfuil mo chuid éadaí?” ar seisean, “go gcuirfidh mé orm iad.”

Fuair sé a chuid éadaigh agus chuir sé air iad agus shiúil sé anuas. Nuair a chonaic na dochtúirí agus na searbhóntaí é ag dul anuas is beag nár thit an t-anam astu leis an bhfaitíos.

“Íocaigí an fear seo go rímhaith,” ar seisean. “A leithéid de dhochtúir ní fhaca mise ariamh ná ní fheicfidh arís go brách.”

Íocadh Seán go maith agus d’imigh leis. Ní i bhfad ar bith a bhí sé ón teach nuair a casadh an Bás leis. “Sea,” arsa an Bás, “ní raibh tú suas le do ghealladh.”

“Á, ní rabhas,” arsa Seán, “ní raibh neart agam air, chuir an t-airgead cathú orm.”

“*Well* má chuir,” arsa an Bás, “tá sé chomh maith duit an fáinne agus an buidéalín sin a thabhairt domsa anois.” Thug Seán an buidéalín agus an fáinne dó.

“Ó bhí tú chomh maith,” arsa an Bás, “agus a bhí tú, tabharfaidh mé trí achainí ar bith duit a iarrfas tú.”

Chuimhnigh Seán ar na trí achainí ab fhearr a d’fhéadfadh sé cuimhneamh orthu le n-iarraidh. “*Well*, tá,” ar seisean, “máilín a bhíos agamsa sa mbaile a mbínn ag tabhairt féir chuig beithígh ann. Rud ar bith a ordós mé síos sa mála sin, go gcaithfidh sé a dhul ann agus fanacht ann go ligfidh mise as é. Tá crann úll amuigh ar aghaidh an tí agam a mbíonn na húlla á ngoid dó, agus cibé cén fear a leagfas ar aon úll go ngreamóidh sé den úll agus an t-úll den chrann agus gan gar aige sin a fhágáil ná go ligfidh mise as é. Tá sa gceárta chomh maith,” ar seisean, “in áit a mbím ag déanamh crúite capall, tá mé cinnte go mbíonn daoine ag obair ann an fhad agus a bhím féin imithe as baile,

agus cébí cén fear a bhéarfais ar an ord mór atá sa gceárta, go gcaithfidh sé coinneáil ag bualadh na hinneonach, ná go n-abróidh mise leis stopadh.”

“Tádar sin faighte agat,” arsa an Bás, “tá mé ag fágáil slán agus beannacht agat.”

D’imigh le Seán ariamh go dtáinig sé abhaile. Nuair a tháinig sé abhaile, bhí sé ag caitheamh leis ná go raibh an t-airgead caite.

Bhí sé lá ag siúl an bhóthair, agus céard a gheobhadh sé ach píosa airgid ar an mbóthar. Phioc sé suas an t-airgead agus chuir sé síos ina phóca é. Nuair a bhí sé thíos ina phóca aige, labhair an guth aníos as a phóca: “Há,” a deir sé, “tá an Diabhal i do chreataí,” arsa an píosa airgid, “mar is mise an Diabhal, ach más mé féin,” arsa an Diabhal, “tabharfaidh mé lán an tseomra d’ór duit, má gheallann tú dom go dtiocfaidh tú liom tar éis seacht mbliana.”

Nuair a chuala Seán caint ar an ór gheall sé don Diabhal go rachadh sé leis. D’imigh le Seán abhaile agus nuair a chuaigh sé abhaile bhí an seomra beag lán le hór. Nuair a chonaic sé an t-ór, mar bhí sé gointe ag an ól, ní i bhfad a chaith lán an tseomra bhig dó ná go raibh sé caite aige. Nuair a bhí sé caite aige bhí sé ag caitheamh leis ná go raibh na seacht mbliana thuas. Nuair a bhí na seacht mbliana thuas, céard a thiocthadh chuig an doras ach an Diabhal.

“An bhfuil tú réidh inniu,” arsa an Diabhal le Seán, “le teacht liom?”

“Ó, is beag nach bhfuileas,” arsa Seán. Bhí ruainne de choinnín lasta ar cheann an bhoird ag Seán agus dúirt sé leis an Diabhal: “Is fearr duit,” ar seisean, “an oiread spáis a thabhairt dom ná go mbeidh an choinneal caite.”

“Tabharfaidh mé sin duit,” arsa an Diabhal.

Ní dhearna Seán ach breith ar an gcoinneal agus séideog a chur fúithi agus an choinneal a chur as. “*Well*, an méid sin ní chaithfear go deo,” ar seisean leis an Diabhal. Nuair a chonaic an Diabhal sin d’imigh sé.

Bhí Seán ag caitheamh leis go ceann cúpla bliain agus chuaigh an bhean ag glanadh suas an teach agus céard a gheobhadh sí ach an ruainne de choinneal sactha ar chúl rata sa teach ag Seán. Tharraing sí amach é agus nuair a chonaic sí é dúirt sí: “Nach mór an t-ionadh go gcuirfeadh Seán a leithéid de rud ar chúla rata nach raibh aon mhaith leis,” ag breith ar an gcoinneal agus á caitheamh isteach sa tine. Chomh luath

in Éirinn agus a las an choinneal [agus] a bhí an choinneal dóite, bhí an Diabhal ag an doras. “An bhfuil tú réidh inniu?” ar seisean le Seán.

“Ó, tá sé chomh maith duit,” arsa Seán, “a dhul amach agus ceann de na húlla sin amuigh ar an gcrann a thabhairt isteach chugam le n-ithe. Is dócha nach n-íosfaidh mé aon cheann eile arís go brách.”

Chuaigh an Diabhal amach agus rug sé ar cheann de na húlla go dtabharfadh sé isteach chuig Seán é agus nuair a shíl sé an t-úll a tharraingt den chrann, bhí sé greamaithe den úll agus an t-úll [greamaithe] den chrann.

“Fan ansin anois,” arsa Seán, “ná go ligfidh mise as tú, agus is mór an mhoill a bheas ort sula ligfidh mise as tú.”

“Ó, tabharfaidh mé lán an tseomra bhig d’ór duit arís,” arsa an Diabhal, “má ligeann tú as seo mé.” Nuair a chuala Seán caint ar an ór arís, mar bhí sé gointe ag an airgead, scaoil sé an Diabhal agus líon an Diabhal an seomra beag le hairgead arís dó.

Bhí siad ag caitheamh leo ná go raibh lán an tseomra bhig d’airgead caite ag Seán, agus tháinig an Diabhal arís ar a thóir.

“An bhfuil tú réidh inniu?” ar seisean le Seán, “le teacht liom?” Agus ar an nóiméad a bhí an Diabhal ag caint le Seán, céard a thiocfadh ach fear sa tsráid. Ghlaigh sé ar Sheán agus d’fhreagair Seán é.

“Gabh amach go beo,” ar seisean, “go gcuirfidh tú *set* crúite ar an gcapall seo dom, tá an dian-deifir orm.”

“Beidh mé amach ar an nóiméad anois,” arsa Seán. “Tá sé chomh maith duit,” a deir sé leis an Diabhal, “a theacht amach go gcuirfidh muid *set* crúite ar an gcapall don fhear sin.”

Amach leis an Diabhal agus le Seán amach sa gceárta. Dhearg Seán píosa iarainn sa tine. Nuair a bhí an t-iarann dearg, dúirt sé leis an Diabhal: “Beir ar an ord sin,” ar seisean, “go mbuailfidh tú an t-iarann seo dom. Tá mé ag ceapadh gur thú an lámh is fearr ina éadan, mar bhí tú cleachtach ar thine ariamh.”

Ní dhearna an Diabhal ach breith ar an ord mór agus shac Seán an t-iarann isteach ar an inneoin. Bhuail an Diabhal iarraidh ar an iarann agus chomh luath agus a bhuail ní

dhearna Seán ach an t-iarann a tharraingt uaidh agus a chaitheamh isteach ar theallach na ceárta.

“Buail leat anois,” ar seisean leis an Diabhal, “ná go n-abróidh mise leat stopadh, mar ní chuirfidh mé aon *set* crúite ar an gcapall sin choíche.” Bhí an Diabhal ag gléaradh leis gan gar aige stopadh ariamh ariamh ná go raibh an inneoin caite aige ach ruainne beag.

“Is dócha,” arsa an Diabhal, “nach stopfaidh mé choíche ach ag gléaradh seo.” Ach nuair a tháinig Seán thart go dtí an ceárta arís, dúirt an Diabhal leis: “*Well*, a Sheáin,” ar seisean, “líonfaidh mé an seomra beag arís le hór duit má ligeann tú as seo mé.”

“Mo choinsias má líonann,” arsa Seán, “ligfidh mise as seo thú.” Scaoil sé an Diabhal amach as an gceárta ó bheith i ngreim san ord mór agus nuair a chuaigh Seán isteach chun an tí bhí an seomra lán óir arís dó. Nuair a chonaic Seán an t-ór, chroch sé leis roinnt éigin dó agus bhuail sé chun an bhaile mhóir ag ól agus bhí siad ag caitheamh leo mar sin ná go raibh an t-airgead caite.

Bhí Seán lá ag siúl tríd an mbaile mór agus gan pingin rua ina phóca, é gointe ag deoch a fháil agus ar a bhealach abhaile chaithfeadh sé a dhul trasna abhainn a bhí ann. Céard a d’fheicfeadh sé ar an taobh eile ach rud mar a bheadh fear.

“Cé atá thall ansin?” ar seisean.

“Tá, an Diabhal,” arsa an guth ar an taobh eile.

“Má tá,” arsa Seán, “ordaímse síos i mo mháilín tú.” B’éigin don Diabhal a dhul síos sa mála agus nuair a fuair Seán thíos sa mála é, buaileann sé sreangán ar uachtar. Chroch sé suas ar a dhroim é agus as go brách leis abhaile. Chaith an Diabhal an oíche sin sa mála i dteach Sheáin, agus maidin lá arna mhárach nuair a d’ith Seán a bhricfeasta, dúirt sé leis féin: “Tá sé chomh maith dom,” ar seisean, “an mála agus an Diabhal a thabhairt liom go mbáfaidh mé san abhainn in áit éigin é.”

Chroch Seán an Diabhal ar a dhroim agus bhuail sé bóthar. Bhí sé ag imeacht ag tóraíocht áit mhór dhomhain san abhainn, ná cá dtiocfadh sé ach isteach i muileann a bhí acu le haghaidh ramhrú bréidín. Nuair a tháinig sé isteach, d’fhiafraigh fear an mhuilinn de Sheán céard a theastaigh inniu uaidh.

“Ó tá,” ar seisean, “mála atá agam anseo agus theastódh uaim ramhrú a chur ann go géar.”

“Muise, mura bhfuil agat ach mála,” arsa fear an mhuilinn, “caith isteach ansin é.”

Ní dhearna Seán ach siúl anonn go dtí an áit a raibh na bloic ag bualadh a chéile le haghaidh ramhrú an bhréidín agus caitheann sé an mála agus an Diabhal isteach. Chomh luath in Éirinn agus a thosaigh na bloic ag bualadh, buaileadh *blast* ar an Diabhal agus chuir an Diabhal béic as.

“Ó,” arsa fear an mhuilinn, “céard atá sa mála?”

“Ó mo choinsias, tá,” arsa Seán, “an Diabhal.”

Buaileadh *heave* eile ar an mbuachaill agus chuir sé béic eile as.

“Ó,” arsa an Diabhal, “má ligeann tú as seo, a Sheáin, mé,” ar seisean, “líonfaidh mé an seomra beag arís duit.”

Mar nach raibh ar an saol seo aon fhear ba ghointe ag airgead ná Seán, dúirt sé leis an Diabhal go scaoilfeadh sé uaidh é. Nuair a bhí an Diabhal scaoilte amach as an mála, dúirt sé leis nach mbeadh aon cheo le déanamh aige arís go brách leis, nach dtiocfadh sé ar a thóir. Nuair a bhí an méid sin faighte ag Seán, bhuail sé bóthar abhaile.

Bhí an saol á chaitheamh ar chuma ar bith ná gur cailleadh Seán, agus nuair a cailleadh d’imigh an t-anam go ndeachaigh sé go dtí geataí in áit a raibh Naomh Peadar.

Nuair a chonaic Naomh Peadar ag teacht é: “Céard a chas anseo tú, a Sheáin?” ar seisean.

“Tá,” ar seisean, “go dtéigh mé go dtí na Flaithis.”

“Níl aon ghar agat a dhul ann,” arsa Naomh Peadar, “caithfidh tú,” ar seisean, “imeacht agus a dhul leis an Diabhal in áit ar chaith tú an chuid eile de do shaol.”

“Tuige a gcaithfinn,” arsa Seán, “a dhul go dtí é sin? Nár shíl mé,” ar seisean, “go raibh chuile dhuine ag dul go dtí na Flaithis nuair a chaillfí é.”

“Níl aon mhaith ann,” arsa Naomh Peadar, “caithfidh tú a dhul síos.”

Nuair a chuala Seán sin filleann sé ar a chois, agus níor stop sé ariamh ná gur bhuail sé geataí Ifrinn. Nuair a tháinig sé go dtí geataí Ifrinn, bhuail sé an geata. Tháinig an

Diabhal amach. Chomh luath in Éirinn agus a chonaic sé Seán taobh amuigh de na geataí: “Ó imigh uaim,” ar seisean, “as m’amharc.”

“Mo choinsias ní imeoidh,” arsa Seán, “ná baol ar bith orm, caithfidh tú mé a ligean isteach.”

“Isteach anseo ní thiocfaidh tú,” arsa an Diabhal, “cébí céard a dhéanfas rud ar bith. Fuair mise mo sháith féin díotsa,” ar seisean, “agus níl aon ghraithe agam isteach anseo díot. Ach fan,” ar seisean, “go dtaga mé amach.”

Nuair a chuaigh an Diabhal isteach thug sé amach dhá splanc dearg chuig Seán. “Seo duit an dá splanc seo,” ar seisean, “agus croch leat iad agus b’fhéidir go gcoinneoidís te tú.”

Beireann Seán ar an dá splanc agus chomh luath in Éirinn agus a rug d’éirigh sé ina shórt rud fiáin sa spéir agus bhí sé ag imeacht ag béiceach ar fud na spéire. Déarfadh na seandaoine go mba é Giolla na Béice a bhíodh ann fadó é, ach níl a fhios agam, níor chuala mé féin Giolla na Béice agus níorbh fhéarr liom a chloisteáil. Ach ar chuma ar bith, chaith sé a shaol ag imeacht ar an mbealach sin, cébí cén chaoi a bhfuil sé anois. Beannacht Dé le hanam Sheáin an Ghabha nuair a chaillfear é.

## **Cailleach an Oileáin Ghlais**

*Ruairí Ó Comair a d'inis*

Bhí Rí ann fadó agus cailleadh a bhean agus d'fhág sí le huacht aige gan aon bhean a phósadh choíche ach an bhean a d'fheilfeadh an fáinne di a bhí ar a méar féin.<sup>1</sup>

Bhí an Rí ansin lá, bhí an iníon ag teacht suas - ní raibh acu ach aon iníon amháin - agus bhí sí ag teacht suas go raibh sí ina bean óg. Chuaigh sí ansin trí bhosca a máthair agus fuair sí ann istigh an fáinne a d'fhág a máthair sa mbosca nuair a cailleadh í, chuir sí isteach ar a méar féin é agus nuair a chuir sí isteach ar a méar é chinn sé uirthi [é] a bhaint amach. *Well* chas sí ceirt ar a méar ansin ná go bhfeiceadh sí an bhfaigheadh sí duine ar bith a ghearrfadh an fáinne go bhfaigheadh sí am air. Ní bhfuair sí aon am air sin a dhéanamh go dtáinig a hathair isteach.

“Céard atá ar do lámh,” a deir an t-athair léi, “ar do mhéar?”

“Níl tada,” a deir sí.

“Murach go bhfuil,” a deir sé, “ní chuirfeá ceirt uirthi.”

“Níl tada,” a deir sí.

“*Well* caithfidh tú an méar a thaispeáint dom,” a deir sé. B'éigean di an méar a thaispeáint dá hathair agus bhí an fáinne ar a méar.

“*Well* caithfidh tú,” a deir sé, “mise a phósadh, d'fhág do mháthair le huacht agam<sup>2</sup> gan aon duine a phósadh ach an bhean a d'fheilfeadh an fáinne di.”

“Ara tuige a bpósfainnse thú?” a deir sí.

“Caithfidh tú [é] a dhéanamh,” a deir sé.

“*Well* ní chaithfidh,” a deir sí.

“*Well* caithfidh,” a deir sé.

---

<sup>1</sup> Athscríobhadh an abairt seo ar mhaithe le soiléireacht mar go ndeachaigh an scéalaí amú agus an scéal á chur i láthair aige. Sa LS, deir an scéalaí i dtosach báire gurb é an Rí a chailtear, ansin ceartaíonn sé é féin.

<sup>2</sup> Tá ‘agat’ scríofa idir lúibíní anseo sa LS, ach is léir gur ‘agam’ atá i gceist, ó tharla gurb é an Rí atá ag caint.

*Well* b'éigean di gealladh dó ansin go bpósfadh sí é, an iníon ag pósadh an athar. Agus dúirt sí gur maith an scaitheadh go mbeadh sí faoi réir fós.

“Céard atá uait?” a deir sé.

“Ní phósfaidh mé choíche,” a deir sí, “go ngearrfaidh tú an *cut* seo,” a deir sí, “amach ón teach mór, go dtiocfaidh an fharraige isteach le taobh an tí mhóir seo.”

“Is furasta sin a dhéanamh,” a deir sé.

Bhuail sé páipéar ar na coirnéil ag tóraíocht *navvies* agus fir oibre. Ach tháinig siad agus gearradh amach é go dtí an fharraige agus tugadh an fharraige isteach thart ar an teach mór.

“An bhfuil tú réidh anois?” a deir sé.

“Níleas,” a deir sí.

“Céard atá uait anois?” a deir sé.

“*Well* theastódh,” a deir sí, “bád pléisiúir uaim,” a deir sí, “a thabharfadh isteach agus amach anseo mé,” a deir sí, “chuile lá a thogróinn a dhul ann.”

“*Well* gheobhaidh tú sin,” a deir sé. D’ordaigh sé bád pléisiúir a dhéanamh agus is gearr go raibh sí déanta agus go raibh sí ag dul isteach agus amach ann agus chuir sé dhá bhean déag coimhdeachta léi, á cumhdach. *Well* bhí sé féin agus í féin ag dul isteach agus amach, á n-iomramh isteach agus amach go dtí an fharraige.

“*Well* an bhfuil tú réidh anois?” a deir sé.

“Níleas,” a deir sí.

“Céard atá uait anois?” a deir sé.

“Theastódh trí chulaith éadaigh uaim,” a deir sí.

“Cén sórt cultacha a theastódh uait?” a deir sé.

“Theastódh culaith uaim,” a deir sí, “den tsíoda dhubh, culaith den tsíoda bhán agus culaith den tsíoda dhearg.”<sup>3</sup>

---

<sup>3</sup> Tá an focal ‘síoda’ firinsneach de réir CO, ach cloítear leis an leagan baininsneach a d’úsáid an scéalaí síos tríd.



“Déanfar sin,” a deir sé.

D’ordaigh sé iad sin dá ndéanamh agus is gearr go rabhadar déanta. Nuair a tháinig na cultacha aici: “An bhfuil tú réidh anois?” a deir sé.

“Beidh amárach,” a deir sí.

D’iomair sí féin agus an dá bhean déag amach an bád pléisiúir go dtí an fharraige.

“Téadh ceathrar agaibh amach anois go bhfeicfidh mé an iomróidh mé féin agus an ceathrar eile,” a deir sí, “isteach agus amach,” a deir sí, “an bád, an t-ochtar.”

Chuaigh, agus d’iomair go réidh.

“Téadh ceathrar eile amach,” a deir sí, “go bhfeicfidh mé an iomróidh mé féin agus an mhuintir eile isteach agus amach an bád.”

Chuaigh, ach d’iomraíodar isteach agus amach an bád sáthach réidh, amach go dtí an fharraige. *Well*, an *turn* deiridh ansin: “Téigí amach ar fad anois,” a deir sí, “go bhfeicfidh mé an iomróidh mé féin isteach agus amach an bád.”

Chuaigh agus d’iomair sí amach an bád agus shuigh sí síos sa mbád agus thug sí cead don bhád bailiú léi ar fud na farraige. Bhailigh an bád léi agus tháinig sí isteach i ngleann sléibhe, ní raibh teach ná baile ná aon áit le feiceáil aici, ach cnoic agus gleannta agus féar agus luachair. Thosaigh sí ag déanamh trilseán den luachair ná go ndearna sí cóta di féin, agus sé an t-ainm a baisteadh ansin uirthi Cóitín Luachra.

*Well* bhí maor ag dul thart ansin ann lá agus chonaic sé bean uaidh ar bhord na farraige. Ach nuair a rinne sé ansin go dtí í, bhí sí *coveráilte* i gcóta den luachair a bhí ag fás ar an talamh. Bhí an luachair chomh hard léi féin, ach go raibh sí ina seasamh ar thuláinín a bhí ann. *Well* labhair sé léi agus labhair sí leis.

“An dtiocfá liomsa abhaile anois?” a deir sé. “Cé’s fearr leat é ná fanacht ansin?”

“Ó is fearr liom a dhul in áit ar bith,” a deir sí, “ná fanacht anseo.”

Chroch sé leis abhaile ansin í agus séard a bhí ann maor. Ach bhí an-ríméad ag a bhean agus aige féin aisti nuair a tháinig siad abhaile. Ach chuaigh an *landlord* a raibh sé ag maoirseacht dó agus a mhac thart ag foghláireacht as sin go ceann scaití laethanta i ndiaidh an ama sin agus tháinig an lá fliuch orthu. Chuadar isteach ansin i dteach an mhaoir go n-imeodh an bháisteach agus bhí sé ag cur i gcónaí agus an lá garbh. D’iarr

bean an mhaoir uirthi seo, agus ‘sé an t-ainm a bhíodar a tabhairt uirthi i gcónaí Cóitín Luachra:

“Éirigh, a Chóitín,” a deir sí “agus gléas dinnéar don *landlord*,” a deir sí “agus dá mhac.” D’éirigh. Rinne sí dinnéar dóibh agus nuair a bhí an dinnéar caite bhí an lá tirim agus thánig siad abhaile.

“*Well*,” a deir bean an Rí a deir sí, “tá sibh caillte leis an ocras.”

“Níl,” a deir an mac, a deir sé, “níor ith muid aon dinnéar ariamh,” a deir sé, “mar [a] d’ith muid inniu.”

“Cé a thug daoibh é?” a deir an mháthair.

“Thug,” a deir sé, “bean an mhaoir.”

“Ara, gur measa bliain ó inniu í,” a deir sí, “tuige a mbeadh sí in ann dinnéar a ghléasadh,” a deir sí, “chomh maith liomsa?” ag éirí ina seasamh agus ag déanamh dinnéir.

*Well*, nuair a bhí an dinnéar réidh. “An bhfuil tú ag ceapadh anois,” a deir sí, “go raibh sé chomh maith leis an dinnéar sin?”

“Muise go deimhin,” a deir sé, “ní fhéachfainn ar do dhinnéar,” a deir sé, “lena ais. Ní tada é,” a deir sé, “ar a ghualainn.”

“An fíor dó é?” a deir sí lena fear.

“*Well* is fíor,” a deir sé, “níl sé ag rá aon fhocal bréige, ‘sé is breá,” a deir sé, “a chonaic mise ariamh.”

“*Well* gabhfaidh mise amárach ann,” a deir sí, “agus beidh a fhios agam an ag déanamh bréige atá sibh.”

“Céibí áit a ngabhfaidh tú,” a deir sé, “ní fhaca tú aon dinnéar ariamh mar é sin agus ní fheicfidh choíche.”

D’imigh sí lá arna mhárach nuair a d’éirigh sí agus tháinig sí féin go teach an mhaoir. Chaith sí scaitheamh ag caint le bean an mhaoir.

“Is fearr duit, a Choitín Luachra, éirí,” a deir sí, “agus dinnéar a dhéanamh don *landlady*. Is seo í,” a deir sí, “an *landlady* atá orainn.”

“Tá sé chomh maith is dócha,” a deir Cóitín Luachra. D’éirigh Cóitín Luachra agus ghléas sí an dinnéar agus ní fhaca bean an Rí aon dinnéar gléasta ariamh mar é, a bhí chomh breá leis, ná i ngar féin dó.

*Well*, bhí go maith nuair a bhí sí ag dul abhaile: “An ligfeá liom an gearrchaile seo,” a deir [an *landlady*], “ar aimsir.”

“*Well* ní bhacfaidh mé í,” a deir sí, “agus ní dhéarfadh mé léi a dhul ann má thograíonn sí féin é.”

“An dtiocfá liom?” a deir sí leis an ngearrchaile.

“*Well* thiocfainn,” a deir sí, “má thugann tú rúma dom,” a deir sí, “dom féin, nach mbeidh aon duine ag dul isteach ann ach mé féin.”

“*Well* tá sin réidh go leor agamsa a thabhairt duit,” ar sise, “tá gach rúma i mo theach agus atá de laethanta sa mbliain.”

Chroch sí léi go ndeachaigh sí in éineacht le bean an Rí agus thairg bean an Rí a rogha rúma di ansin a raibh sa teach. Thóg sí rúma a bhí suas ar aghaidh na cistine.

Ach lá ansin tháinig mac an Rí isteach. Bhí an lá fliuch agus ghabh sé dá thriomú féin leis an tine sa gcistin. Agus ghabh [Cóitín Luachra] suas go ceann an tí san áit a raibh an rúma agus chaith sí di an chulaith a bhí uirthi, a bhíodh ag obair uirthi, agus chuir sí culaith den tsíoda dhubh uirthi féin.

Thosaigh sí dá cuimilt agus dá *brusháil*, ag ceapadh gur ag glanadh na culaithe a bhí sí. Bhain sí foscladh beag as an doras, i riocht agus go bhfeicfeadh an fear a bhí thíos ag an tine á triomú féin í. Ach nuair a chonaic, *by gob* bhí sé ag féachaint suas ar an doras. Chaith sí di í sin agus chuir sí culaith den tsíoda dhearg uirthi féin agus d’fhéach sí anuas arís agus chonaic sé í. *By gob* thit an sruth deoraí ansin uaidh nuair a chonaic sé an dara culaith uirthi. Chaith sí di í sin agus an tríú culaith a chuir sí uirthi, culaith den tsíoda bhán. Dar nónach, b’éigean dó tabhairt dá shiúl an uair sin agus a dhul go barr an tí agus a dhul ar a leaba agus bhí sé mín marbh ar an leaba agus nuair a bhí an dinnéar réidh ní raibh mac an Rí le fáil. Ní raibh fios ar bith cá raibh sé ansin, ná tuairisc ar bith le fáil air.

Ach nuair a chuaigh na cailíní tráthnóna - bhí seisear eile cailíní sa teach - nuair a ghabhadar ag cóiriú leapacha tráthnóna fuaireadar mac an Rí i mbarr an tí. Nuair a

chuaigh an cailín ag cóiriú na leapa bhí mac an Rí ar a leaba agus bhíodar ag ceapadh go raibh sé marbh ach ní raibh. D'imigh duine ar an bpointe ag tóraíocht dochtúra go bhfeicfí an raibh sé marbh, tháinig an dochtúir agus bhí sé dá *examínáil*, ach ní raibh a fhios aige an raibh nó nach raibh go ceann scaití, ach fuair sé amach nach raibh sé cailte ar deireadh.

*Well* bhí dochtúirí ag teacht as an chuile thír, as an chuile áit, ag féachaint air mar bhí go leor airgid le fáil ag dochtúir ar bith a leigheasfadh é. Ach tháinig dochtúir ar deireadh agus dúirt sé nach raibh aon dochtúir in ann aon bharúil a bhaint as, mura raibh an bhanaltra beo a bhí ag tabhairt bainne cíche dó an t-am a raibh sé ina leanbh. Dúradh go raibh sí sin beo.

D'imigh duine ar an bpointe ina coinne sin agus tháinig sí. Ghabh sí sin go dtí an leaba an áit a raibh sé agus shocraigh sise cathaoir i bhfianaise na leapa agus thosaigh sí ag rá “a mhuirín is a stoirín, inis domsa céard atá ort agus nach bhfuil a fhios agat cé atá ag caint leat?”

Agus faoi cheann scaití: “Tá náire orm,” a dúirt sé.

“Céard a chuirfeadh náire ort?” a deir sí, “agus nach bhfuil a fhios agat gur mise a thóg thú ó bhí tú i do mhalrach?”

“*Well* ní dhéanfaidh mé aon mhaith choíche,” a deir sé, “mura bhfaighidh mé Cóitín Luachra le pósadh.”

“Ó gheobhaidh tú sin,” a deir sí.

Nuair a fuair sí sin amach go raibh sé in ann cainte, rith sí anuas as barr an tí agus nuair a ghabh sí amach as barr an tí leagadh ag dul anuas an staighre í agus gearradh go mór a dá lorgaí, ach má gearradh féin níor airigh sí é mar bhí go leor airgid le fáil aici nuair a thiocfadh sí anuas. Dúirt sí lena mháthair go mbeadh sé go rímhaith ach Cóitín a thabhairt dó le pósadh.

“Ó caitear go dtí é í,” a deir sí, “go ceann seachtaine agus beidh sé tuirseach go maith di.”

*Well* nuair a insíodh sin dó: “*Well* ní dhéanfaidh mé sin,” a deir sé, “ná go bpóstar muid.”

*Well* pósadh ansin iad agus bhí an dearg-ghráin ag na cailíní eile a bhí sa teach ar Chóitín Luachra, nuair nach bhfuaireadar féin an seans a fuair sí agus gan í ann ach le seachtain.

*Well* chuir [mac an *landlord*] isteach ansin i rúma í agus ghléas sé suas rúma di agus ghabh sé féin agus a athair amach ag foghlacaireacht agus d'iarr sé uirthi gan sin a fhágáil go dtipáilfeadh sé féin trí huaire ar an doras agus an doras a oscailt. Is aici féin a bhí an glas taobh istigh curtha ar an doras.

Agus nuair a chuaigh na cailíní eile ag dustáil na rúmaí, chonaiceadar an doras breá seo a bhí curtha ar an rúma a raibh sí ann istigh agus *tipáil* ceann acu ar an doras agus *shoundáil* an doras.

“Is breá an *tsound* atá aige sin,” a deir an ceann eile. *Tipáil* sí féin air. Ach nuair a *tipáil* sí sin, dúirt an tríú ceann go mba bhreá an *tsound* a bhí aige. Ach *tipáil* an tríú ceann air agus osclaíonn [Cóitín Luachra] an doras. Shíl sí gurb é a fear a bhí ag teacht. Agus ghabhadar isteach agus rugadar uirthi agus chaitheadar amach ar an bhfuinneog í, amach ar an bhfarraige.

D'imigh léi ansin ar bhord na farraige agus bhí seanchailleach as *Green Island* ag teacht ina cobhád, agus fuair sí ag imeacht ar an uisce í agus chroch sí léi í go dtug sí go *Green Island* í.

Nuair a tháinig a fear abhaile, *tipáil* sé ag an doras agus ní bhfuair sé aon fhreagra. Nuair a *tipáil* sé an tríú huair ann ní raibh sí le fáil aige. Ach nuair a ghabh sé isteach sa seomra ní raibh aon duine sa seomra roimhe, agus rug sé ar a mhaide agus ghabh sé thart le bruach na farraige go bhfeicfeadh sé an bhfaigheadh sé beo ná marbh í. Bhí a fhios aige go maith ansin gurb iad na cailíní a chuir amach í ar an bhfarraige. Ach cé a chasfaí dó ar an bhfarraige ag teacht ina cobhád ach cailleach mhór *Ghreen Island*.

“Tá tú ann, a mhic an Rí,” a deir sí.

“Tá,” a deir sé.

“An mbeadh *game* cártaí agat?” a deir sí leis.

“Ní bheidh,” a deir sé.

“Ó, is nach gcaithfidh sé píosa den am dúinn?” a deir sí.

“*Well* níor thóg mé aon ghléas imeartha liom,” a deir sé, “ón mbaile.”

“*Well* níor fhág mise an baile ariamh,” a deir sí, “d’uireasa mo ghléas imeartha. Suigh síos,” a deir sí, “agus beidh *game* cártaí againn.” Dár nónach thóg mac an Rí an chéad *game*, agus an dara *game* a d’imríodar thóg an cailleach mhór an dara *game*.

“Tabhair do bhreith, a mhic an Rí,” a deir sí.

“Ó ní de ghrá breithe a ghabh mé ag imirt,” a deir sé, “ach ag caitheamh an ama.”

“Ó, ‘sé an ceart breith a thabhairt,” a deir sí.

“*Well* cuirim de gheasa ort,” a deir sé, “do chloigeann a chromadh agus gan ardú go n-iarrfaidh mé ort é.”

Chrom sí a cloigeann agus is gearr a bhí sé cromtha nuair a d’iarr sé uirthi a cloigeann a chrochadh agus chroch.

“Tabhair féin do bhreith anois,” a deir sé.

“Ní beag duitse a luaithe,” a deir sí.

“Déanfaidh sin,” a deir sé.

“*Well* cuirim de gheasa ort,” a deir sí, “agus go mór díomdha na bliana, gan an dara béile a ithe ar aon bhord, gan an dara hoíche a chodladh ar aon leaba, go dtéigh tú go *Green Island* chugam féin.”

Tháinig sé abhaile agus chuir sé osna as.

“Céard atá ort a mhic?” a deir an mháthair.

“Tá mo sháith orm,” a deir sé.

“B’fhéidir gur faoi gheasa atá tú?” a deir sí.

“Sea, dearfa,” a deir sé.

“Cén geasa é?” a deir sí.

“Gan an dara béile a ithe ar aon bhord,” a deir sé, “ná an dara hoíche a chodladh ar aon leaba, go dtéigh mé go *Green Island*,” a deir sé, “chuig cailleach mhór *Ghreen Island*.”

“Ó, féadfaidh tú do shaol a chaitheamh mar atá tú,” a deir sí “an fhad agus a mhairfidh tú,” a deir sí, “gan [é] sin a dhéanamh. Tá neart bord anseo,” a deir sí, “agus neart leapacha le codladh orthu,” a deir sí, “agus féadfaidh tú,” a deir sí, “gan sin a fhágáil.”

“*Well* ní dhéanfaidh mé sin,” a deir sé, “gabhfaidh mé ann.”

“*Well* má thograíonn tú féin é,” a deir sí.

D’imigh leis agus níor stop sé go ndeachaigh sé go *Green Island*, agus nuair a tháinig sé isteach go *Green Island*: “Tá tú ann, a mhic an Rí,” a deir an Chailleach Mhór.

“Tá,” a deir sé.

“Tugaigí greim den arán donn dó sin,” a deir sí, “deoch den tríú lionn agus cuirigí a chodladh ar an gcliath fhuirste<sup>4</sup> go maidin é.”

“M’anam gurb olc an leaba í sin,” a deir sé.

Cé a thiofadh chuige lena bhéile ach Cóitín Luachra. “Is dócha gur mise a d’fhág anseo thusa?” a deir sí.

“Tuige an bhfágfása ann mé?” a deir sé.

“Ní aithníonn tú mé, is dócha,” a deir sí.

“Ní aithním,” a deir sé.

“An raibh aithne agat,” a deir sí, “ar Chóitín Luachra?”

“Á muise m’anam go raibh,” a deir sé, “agus aithne mhaith.”

“*Well*, mise Cóitín Luachra, deile,” a deir sí.

“Ní tú muise,” a deir sé, “ní raibh aon bhean sa domhan ariamh,” a deir sé, “a d’fheicfeá ní ba bhreátha ná Cóitín Luachra, agus ní bean bhreá thusa.”

“Á muise go bhféacha Dia ort,” a deir sí, “tá mé faoi dhraíocht anseo,” a deir sí, “ag an mbean atá ann,” a deir sí. “Níl aon inneamh cainte agam ort anois,” a deir sí. “Ná hith mórán de sin,” a deir sí, “atá tú ag fáil. Tabharfaidh mise chuile shórt ar fheabhas

---

<sup>4</sup> Cf. Ó Máille: ‘Cliath fhuirste atá le fuirseadh a dhéanamh. Tá cúig bhalc sa gcliath fhuirste agus trí thrasnán ag dul trasna. Tá cúig pholl ar gach uile bhalc acu sin, agus tá cúig bhior iarainn ag dul síos i ngach uile bhalc acu’ (Ó Máille 2002, 217).

ar ball chugat le n-ithe,” a deir sí, “agus leaba chlúmhach éin le dul a chodladh liom féin go maidin.

“M’anam gur maith thú,” a deir sé, “mar sin.” Ach tháinig an oíche agus nuair a ghabhadar a chodladh bhíodar ag cur síos ar scéalta dá chéile.

“Anois amárach,” a deir sí, “tá an-tasc romhat agus mura ndéanfaidh tú mo chomhairlese,” a deir sí, “agus má níonn,” a deir sí, “b’fhéidir go dtiocfaidh muid amach ceart fós. Ach tá drochsheans againn,” a deir sí. “Cuirfidh sí siar amárach anois thú,” a deir sí, “sa stábla ag tóraíocht an fháinne a chaill máthair a garmháthar, agus níl de ghar agat é sin a fháil,” a deir sí, “dá rachfá ag piocadh na réaltóg den aer, go dtéigh mise le do dhinnéar agat, agus b’fhéidir go bhfaigheadh muid réidh go leor an uair sin é,” a deir sí.

Ach nuair a d’éirigh sé ar maidin, d’fhiafraigh an chailleach mhór dó an raibh sé ina shuí. “Tá,” a deir sé.

“*Well* gabh siar mar sin,” a deir sí, “sa stábla agus tabhair chugamsa aniar,” a deir sí, “an fáinne a chaill máthair mo garmháthar, nó mura dtuga tú,” a deir sí, “beidh do chloigeann le cur ar bharr spíle tráthnóna.”

Chuaigh sé siar agus rug sé ar a phíce. Thosaigh sé ag caitheamh amach aoiligh agus dá mbeadh sé ag caitheamh amach go brách, chuile shlám a chuirfeadh sé amach, thagadh péire isteach ina aghaidh. Ach bhí dath dubh air tráthnóna agus gan fáil ar bith ar an bhfáinne. Ach ansin chuaigh Cóitín Luachra lena dhinnéar.

“An bhfuair tú an fáinne?” a deir sí.

“Ní bhfuairéas,” a deir sé.

“Tá drochbhail ort,” a deir sí, “nár iarr mise aréir ort,” a deir sí, “gan mórán oibre a dhéanamh, ar a thóir nach raibh gar ar bith agat [é] a fháil? Ach go deimhin,” a deir sí, “níl aon mhaith ag inseacht tada duit. Téirigh ag ithe do bhéile ar chuma ar bith,” a deir sí, “agus nigh do lámhaí.”

Chuaigh. Nigh sé a lámhaí agus chuaigh sé ag ithe a bhéile. Ach rug sí féin ar shlatóigín agus ghabh sí suas chuig bun an dorais agus chairt sí ruainne beag leis an tslatóigín ag bun an dorais agus sháith sí an tslatóigín amach i mbarr an fháinne agus thug sí dó anuas é.



“Tabhair chuici é sin anois,” a deir sí, agus bhog sé leis nuair a bhí an dinnéar ite agus thug sé chuici isteach an fáinne.

“Mura dté sin i d’aghaidh,” a deir [Cailleach an Oileáin Ghlais], “nár éirí leat”.

“Ná raibh tú féin go maith,” a deir sé.

“*Well* tugaidh greim den arán donn dó,” a deir sí “agus cuirigí a chodladh ar an gcliath fhuirste go maidin é.”

Tháinig Cóitín Luachra chuige leis an mbéile. “Céard a dúirt sí leat?” a deir Cóitín Luachra.

“Dúirt sí liom,” a deir sé, “nár éirí sin liom.”

“Céard a dúirt tú léi?” a deir Cóitín Luachra.

“Dúirt mé léi,” a deir sé, “ná raibh sí féin go maith.”

“Bhí an ceart agat,” a deir sí. “Ná tabhair *parley* ar bith di, ‘sé an cás céanna duit é,” a deir sí, “ná tabhair *parley* ar bith di. Ná caith dó sin,” a deir sí, “ach ríbhagán, tabharfaidh mise neart le n-ithe agus le n-ól de thogha an bhia duit,” a deir sí, “ar ball, agus leaba chlúmhach liom féin,” a deir sí, “agus le dul a chodladh liom féin go maidin.”

“M’anam gur fearr thú ná an chliath fhuirste,” a deir sé.

Ach nuair a ghabhadar a chodladh san oíche: “Tá an-drochthasc romhat amárach anois muisé,” a deir sí, “agus tá faitíos orm go gcinnfidh sé ort, ach mura ndéanfaidh tú mo chomhairlese” a deir sí, “níl aon mhaith duit ann. Beidh ordú agat amárach anois,” a deir sí, “a dhul siar ar an genocán seo thiar,” a deir sí, “agus an chúirt is breátha faoin domhan a bheith déanta agat ann,” a deir sí, “tráthnóna, gan aon éan,” a deir sí, “a bheas ag dul an aeir nach mbeidh cleite dhó ann, gan bunchleite amach gan barrchleite isteach, ach chuile chleite ag déanamh ceoil agus ag fáscadh a chéile. Agus níl de ghar agat é sin a dhéanamh anois,” a deir sí, “ach oiread agus dá rachfá ag piocadh na réaltóg den aer,” a deir sí, “go dtéigh mise le do dhinnéar agat. Thug sí an *power* sin domsa,” a deir sí, “an lá a thug sí anseo mé.”

D’éirigh sé ar maidin. Nuair a d’éirigh sé tháinig an chailleach go dtí é: “An bhfuil tú i do shuí, a mhic an Rí?” a deir sí.

“Tá,” a deir sé.

“*Well* gabh siar ar an gcnocán seo thiar,” a deir sí, “agus bíodh an chúirt is breá faoin domhan déanta agat ann,” a deir sí, “tráthnóna, [é] sin nó beidh do chloigeann,” a deir sí, “ar bharr spíle.”

Ghabh sé siar agus thosaigh sé ag piocadh clocha beaga, ag iarraidh a bheith ag cruinniú leaichtíní<sup>5</sup> clocha beaga, agus má bhí féin ba bheag an mhaith dó é. Ní raibh sé ag déanamh aon tsaothar ag déanamh an chaisleáin. Tháinig Cóitín Luachra lena bhéile cúige.

“An bhfuil tú ag déanamh go maith?” a deir sí.

“Níleas,” a deir sé, “níl bun ná barr agam air.”

“Á, b’fhéidir go ndéanfáí,” a deir sí, “réidh go leor é. Téirigh ag ithe do bhéile,” a deir sí.

Chuaigh, leag sí a bhéile chuige. Fuair sí féin ceithre chloichín agus leag sí i gceithre choirnéal iad. Le hiontú an phosta bhí an chúirt déanta. D’éirigh sí ina seasamh ansin agus shéid sí eochair a bhí ina póca. Ní raibh aon éan dá ndeachaigh an t-aer ariamh nach raibh cruinnithe thart uirthi.

“Éirigh i do sheasamh anois,” a deir sí, “agus bain cleite as chuile cheann acu sin,” a deir sí, “agus scaoil chun bealaigh iad. Ná bain astu,” a deir sí, “ach aon chleite amháin, cleite as an chuile cheann acu.”

D’éirigh [sé]. De réir mar a bhí sé ag baint amach na gcleiteachaí bhí na héanacha ag imeacht, ná go raibh cleiteachaí ag éirí agus ag dul isteach sa gcúirt. Níorbh fhéidir aon chúirt a fháil ba bhreátha ná [mar] a bhí déanta tráthnóna.

“*Well*, tá éan eile,” a deir sí, “nach dtáinig fós. Féach uait,” a deir sí, “is tú is grinne amhairc,” a deir sí, “féach an bhfeiceann tú aon cheo,” a deir sí, “ag teacht an aeir.”

“Ní fheiceann,” a deir sé.

Shéid sí an eochair arís. “Féach uait anois,” a deir sí, “an bhfeicfidh tú aon cheo ag teacht.”

---

<sup>5</sup> Foirm dhíspeagtha den fhocal ‘leacht.’

“Ní fheicim,” a deir sé.

“*Well* níl fhios agam céard atá dá coinneáil,” a deir sí, “ba cheart di a bheith anseo.”

Shéid sí an tríú uair an eochair agus: “Tá an t-aer,” a deir sé, “an-dubh,” a deir sé, “i bhfad uaim soir.”

“Tá sí ag teacht anois,” a deir sí, “mar sin, tá sé in am aici.”

Sí an *Chronicle* mór a bhí sa Domhan Thoir a raibh sí ag glaoch<sup>6</sup> uirthi. Ach nuair a tháinig sí: “Céard a choinnigh tú,” a deir sí, “go dtí an tráth seo?”

“Ní raibh neart agam air,” a deir an *Chronicle* mór, a deir sí, “bhí mé ar gor ar an nead nuair a ghlaoigh tú an chéad uair orm.”

“Cá raibh tú an dara *turn*?” a deir sí.

“*Well* bhí mé ag fáil faoi réir,” a deir sí, “ag dul ag imeacht den nead.”

“Cá raibh tú an tríú *turn* a ghlaoigh mé ort?” a deir sí.

“Bhí leath an éin amuigh,” a deir sí, “agus an leath eile istigh agus bhí mé ag fanacht go dtiocfadh an t-éan ar fad amach.”

“Ní raibh neart agat air,” a deir sí. “Tarraing cleite uaithi sin,” a deir sí [le mac an *landlord*], “agus scaoil abhaile í.”

Tharraing sé cleite agus d’imigh an cleite ar an bpointe a tarraingíodh é sa gcúirt. Ní raibh aon chúirt ariamh sa domhan ba bhreátha ná a bhí déanta.

“Téirigh anois,” a deir sí, “soir go dtí [Cailleach an Oileáin Ghlais] agus abair léi,” a deir sí, “go bhfuil an chúirt déanta. Déarfaidh sí leat anois,” a deir sí, “gurb í Cóitín Luachra a rinne é agus abair léi féin,” a deir sí, “agus le Cóitín Luachra a dhul chun diabhail agus gan a bheith do bhadráil. Níl gar aici,” a deir sí, “mise a choinneáil uait.”

Nuair a ghabh sé soir go dtí an chailleach: “An bhfuil an chúirt déanta?” a deir sí.

“Tá,” a deir sé.

“Ó, Cóitín Luachra, an diabhal, a rinne duit é,” a deir an chailleach.

---

<sup>6</sup> ‘a’ blaodhach’ sa LS.

“Ara, go raibh tú féin agus Cóitín Luachra ag an diabhal,” a deir sé. “Cén bheann atá agamsa ort féin ná ar Chóitín Luachra?”

“Mura dté sin i d’aghaidh,” a deir sí, “nár éirí leat.”

“Ná raibh tú féin go maith,” a deir sé.

“Tugaigí greim den arán donn dó,” a deir sí, “deoch den tríú lionn agus cuirigí a chodladh ar an gcliath fhuirste go maidin é.”

*Well* tháinig Cóitín lena bhéile aige. “Ná déan ach go mblaisfidh tú dó sin,” a deir sí, “tabharfaidh mise chuile shórt ar fheabhas ar ball chugat,” a deir sí, “leaba chlúmhach éin,” a deir sí, “agus a dhul a chodladh liom féin go maidin.”

“Mo choinsias, is fearr thú ná an chliath fhuirste!” a deir sé, “ar chuma ar bith.”

Ach ghabhadar a chodladh san oíche. “Anois,” a deir sí, “tá drochthasc romhat amárach agus mura ndéanfaidh tú an rud a iarrfas mise ort anois,” a deir sí, “tá tú réidh amárach. Déanfaidh sí dhá chapall déag dín,” a deir sí, “amárach. Tá dhá chailín déag anseo,” a deir sí, “agus níl aon duine faoin domhan inniu,” a deir sí, “in ann ceachtar de na capaill,” a deir sí, “a aithint ach oiread le chéile. Tá sí go do chur,” a deir sí, “i gcoinne trí bhromach fhiáine atá ar Shliabh Bán an Dubháin nár rugadh ariamh orthu agus nach mbéarfad choíche orthu go mbéarfadh tusa orthu. Níl de ghar agat a dhul ag breith orthu sin,” a deir sí, “go rachfá ag piocadh réaltóga den aer,” a deir sí, “mura dtógfaidh tú mise, agus níl aon fhear sa domhan,” a deir sí, “in ann ceachtar againn a aithint,” a deir sí, “beidh dhá chapall déag déanta dín. Tabharfaidh sí srian agus diallaít duit,” a deir sí, “agus spor. Ach,” a deir sí, “beidh mise ag cuimilt mo smuit,” a deir sí, “den doras agus is furasta duit ansin,” a deir sí, “mise a *catcháil*,” a deir sí, “agus a thabhairt leat. Ach má thugann tú leat mé,” a deir sí, “ná cuir aon spor ort.”

Nuair a d’éirigh mac an Rí ar maidin: “An bhfuil tú i do shuí, a mhic an Rí?” a deir [Cailleach an Oileáin Ghlais].

“Tá’s,” a deir sé.

“*Well*, gabh thart anseo anois,” a deir sí, “agus tá dhá chapall déag sa stábla anseo thíos,” a deir sí, “agus tabhair leat do rogha acu,” a deir sí, “agus tabhair chugamsa,” a deir sí, “na trí bhromach fhiáine, atá ar Shliabh Bán an Dubháin,” a deir sí, “ná beidh

do chloigeann ar bharr spíle tráthnóna. Seo diallait,” a deir sí, “agus srian agus péire spor.”

Bhuail sé a péire spor air agus rug sé ar a shrian agus ghabh sé amach agus bhí sé scaitheamh ag féachaint ar na capaill. “Mo chrá Dé,” a deir sé, “mura bhfeictear dom gurb é aon mhaith amháin iad, mura dtógfaidh mé an ceann is gaire dom.”

“Mura dté sin i d’aghaidh,” a deir sí, “nár éirí leat.”

“Ná raibh tú féin go maith,” a deir sé.

D’imigh leis agus é ar marcaíocht go dtáinig sé go dtí Sliabh Bán an Dubháin in áit a raibh na bromaigh.

“Seo iad istigh anois iad,” a deir an capall, a deir Cóitín Luachra, a deir sí, “gabh isteach agus beir orthu. Ach chuir tú drochbhail ormsa.”

“Céard a chuir mé ort?” a deir sé.

“Nár iarr mé aréir ort gan aon spor a chur ort. Féach an bhail atá anois” a deir sí, “ar mo dhá leataobh.”

“Bain ruainne den scaith chloch ansin thall, atá ag fás ar an gcloich dom,” a deir sí, “a leagas mé,” a deir sí, “ar mo dhá leataobh.”

Bhí an-aiféala ansin air agus a chroí briste faoi gur chuir sé air na spoir.

“Sin iad istigh anois iad,” a deir sí, “agus gabh isteach agus beir orthu.”

Nuair a théadh seisean go dtí barr na háite a mbíodar ann, bhí na bromaigh in íochtar agus nuair a théadh sé go híochtar, bhíodh na bromaigh in uachtar.

“An bhfuileadar i ngreim fós agat?” a deir sí.

“Níl,” a deir sé, “agus ní bheidh go brách.”

“Well, dá ndéanfá an rud a d’iarr mise aréir ort,” a deir sí, “ní bheifeá mar sin,” a deir sí, “ní raibh call ar bith duit,” a deir sí, “dul ag cur spoir ort féin,” a deir sí, “agus an bhail atá curtha agat,” a deir sí, “ar mo dhá leataobh.”

“Ó caithfidh mé tabhairt suas,” a deir sé, “níl aon mhaith dom ann.”

“*Well* má tá,” a deir sí, “gabh amach anois,” a deir sí, “mar sin.” Ghabh sí féin isteach ansin agus rug sí ar shriantáinín agus chraith sí an sriantáinín agus tháinig na trí bhromach agus chuireadar a gcloigeann isteach sa sriantán.

“Téirigh ag marcaíocht ormsa anois,” a deir sí, agus rinne sí capall di féin. “Is dócha gur fearr duit na spoir fhágáil ort,” a deir sí, “mar a rinne tú cheana.”

“Ó muise m’anam nach bhfágfaidh,” a deir sé. Chuir sé na spoir ina phóca. Tháinig sé abhaile.

“Tádar agat,” a deir an chailleach mhór.

“Tá,” a deir sé.

“Mura dté sin i d’aghaidh,” a deir sí, “nár éirí leat.”

“Ná raibh tú féin go maith,” a deir sé.

“*Well* tugaigí greim den arán donn dó sin,” a deir sí, “deoch den tríú lionn, agus cuirigí a chodladh ar an gcliath fhuirste go maidin é.”

“Ná déan dó sin,” a deir Cóitin, a deir sí, “ach go mblaisfidh tú dó, tabharfaidh mise chuile shórt ar fheabhas ar ball le n-ithe agus le n-ól chugat,” a deir sí. “Tá a fhios ag Dia go mba olc an díol ort é, agus an bhail a chuir tú ar mo dhá leataobh. Ní raibh tú féin go maith,” a deir sí, “agus an bhail a chuir tú ar mo dhá leataobh.”

Ach san oíche ansin: “Tá an-drochthasc romhat,” a deir sí, “arís amárach, agus tá muid ag tarraingt ar an am deiridh,” a deir sí, “má choinníonn tú suas chomh maith,” a deir sí, “agus a rinne tú an méid atá caite,” a deir sí, “b’fhéidir,” a deir sí, “go bhfaigheadh muid réidh ar fad uaithi.”

“Déanfaidh sí dhá bhean déag dínn amárach anois,” a deir sí, “agus cuirfidh sí tusa ag damhsa linn, agus ní bheidh aon duine sa domhan,” a deir sí, “in ann ceachtar againn a aithint ach oiread le chéile. *Well* ná déan,” a deir sí, “ach go n-iontóidh tú ar an urlár linn,” a deir sí, “nuair a ghabhas an dá bhean déag againn,” a deir sí, “ag damhsa leat. Is cuma cé acu ceann,” a deir sí, “a mbéarfaidh tú air ach bain *wheel* thart aistí, agus fiafróidh sí díot,” a deir sí, “an mbeidh sí sin agat, agus abair léi,” a deir sí, “nach mbeidh, go gcaithfidh tú do scíth a ligean. Suigh síos ansin,” a deir sí, “agus lig do scíth agus éireoidh ceathrar ansin,” a deir sí, “agus damhsóidh tú leo agus ní bheidh mise i gceachtar acu sin. Ná déan,” a deir sí, “ach go n-iontóidh tú leo sin,” a deir sí.

“Beir ar cheann acu agus bain *wheel* aisti thart,” a deir sí, “agus fiafróidh sí díot an mbeidh sí agat. Abair léi,” a deir sí, “nach mbeidh. *Well* an dara ceathrar a éireos leat ansin,” a deir sí, “ná déan ach go n-iontóidh tú leo. Ní bheidh mise ar cheachtar acu sin,” a deir sí, “beidh mé ar an gceathrar deiridh, agus bain *wheel* thart aisti,” a deir sí “agus ná tuisigh tú féin ag damhsa leo,” a deir sí, “agus fiafróidh sí díot an mbeidh sí sin agat agus abair nach mbeidh. Agus an tríú ceathrar a ghabhas ag obair ansin,” a deir sí, “tig leat do sháith inmhe a chaitheamh ag damhsa ansin,” a deir sí, “má thograíonn tú é. Ach coinnigh do shúile foscailte,” a deir sí, “agus feicfidh tú mise,” a deir sí, “ag cur síos mo lámhaí ag mo bhásta agus tiocfaidh bun cos *loading whip*,” a deir sí, “aníos faoi mo gheolbhach. Nuair a fheicfidh tú é sin,” a deir sí, “féadfaidh tú breith orm agus a rá go mbeidh mise agat.”

*Well*, rinne sé an rud a d’iarr sí air. An chéad cheathrar a chuaigh ag damhsa ar maidin leis, nuair a bhain sé *wheel* thart as ceann acu, d’fhiafraigh sí de an mbeadh sí sin aige agus dúirt sé nach mbeadh. Rinne sé an cleas céanna leis an dara ceathrar. Ach an tríú ceathrar a chuaigh ag damhsa leis, chaith sé scaitheamh ag damhsa. Nuair a mheas Cóitín Luachra go raibh sé tuirseach, chuir sí a lámh síos ag a básta agus tháinig bun cos *loading whip* aníos ag a geolbhach agus rug sé uirthi.

“An mbeidh sí sin agat?” a deir an Chailleach Mhór.

“Beidh,” a deir sé.

“Mura dté sin i d’aghaidh,” a deir sí, “nár éirí leat.”

“Ná raibh tú féin go maith,” a deir sé.

“Ach tugaigí greim den arán donn dó,” a deir sí, “deoch den tríú lionn agus cuirigí a chodladh ar an gcliath fhuirste go maidin é.”

Tháinig sé agus tháinig Cóitín Luachra lena bhéile chuige.

“Chruthaigh tú go maith inniu,” a deir sí, “ach ná déan ach go mblaisfidh tú dó sin” a deir sí, “agus tabharfaidh mise chuile shórt ar fheabhas le n-ithe agus le n-ól ar ball chugat agus leaba chlúmhach éin le dul a chodladh liom féin go maidin.”

Ach nuair a ghabhadar a chodladh: “Anois amárach,” a deir sí, “tá tú ar an lá deiridh,” a deir sí, “má chruthaíonn tú go maith amárach anois,” a deir sí, “tá muid réidh léi má fhéadann muid é,” a deir sí. “Déanfaidh sí dhá *turkey* dhéag amárach dúinn,” a deir sí,

“agus caithfidh sí cruithneacht chugainn agus ní bheidh aon duine sa domhan,” a deir sí, “in ann ceachtar againn a aithint ach oiread lena chéile. *Well* má thugann tú faoi deara mise,” a deir sí, “ní bheidh mé ag ithe tada den chruithneacht,” a deir sí, “ach ag bualadh goib anonn agus anall,” a deir sí, “ar an gcuid a bheidh le m’ais agus féadfaidh tú mise a thógáil,” a deir sí, “an uair sin.”

“M’anam go ndéanfaidh mé sin,” a deir sé.

Nuair a d’éirigh sé ar maidin: “An bhfuil tú i do shuí, a mhic an Rí?” a deir sí.

“Tá,” a deir sé.

“*Well* tabharfaidh mé seans eile duit ar Chóitín Luachra,” a deir sí, “má tá tú in ann a piocadh amach.”

“An dtabharfar?” a deir sé.

“Tabharfad,” a deir sí. Ghabh sí amach. “Tá dhá *turkey* dhéag anseo thíos,” a deir sí, “agus gabh isteach anois,” a deir sí, “agus tóg do rogha acu.”

Chaith sí dorna cruithneachta isteach ina measc. Thosaigh na *turkeys* ag ithe na cruithneachta. Chonaic sé í seo ag dul anonn agus anall agus ní raibh sí ag caitheamh mórán den chruithneacht, ach ag bualadh *tip* anonn agus anall uirthi.

“*Well* tógfaidh mé í seo,” a deir sé.

“Mura dté sin i d’aghaidh,” a deir sí, “nár éirí leat.”

“Ná raibh tú féin go maith,” a deir sé. Tháinig sé abhaile ansin.

“Tugaigí greim den arán donn anois dó,” a deir sí, “deoch den tríú lionn, agus cuirigí a chodladh ar an gcliath fhuirste go maidin é.”

Nuair a ghabhadar a chodladh ansin san oíche: “Ní fiú dúinn a dhul a chodladh anois,” a deir Cóitín Luachra, a deir sí, “is fearr dúinn fáil faoi réir le n-imeacht má fhéadann muid é.”

Rinne sí trí cháicín agus bhí beagán draíochta aici. Chuir sí ceann acu i gcosa na leapa, ceann i lár na leapa agus ceann i gceannadhairt na leapa.

“Ach an bhfuil aon rath i do mharcach ort?” a deir sí le mac an Rí.

“*Well* bhí mé thar cion fadó,” a deir sé, “cébí [cén] chaoi a bhfuil mé anois.”



“*Well* déanfaidh mise iolar díom féin anois,” a deir sí, “agus téirigh ag marcaíocht orm,” a deir sí, “ agus ní mór dúinn,” a deir sí, “tabhairt dár siúl chomh luath agus a fhéadfas muid é. Tá mé siúrálte,” a deir sí, “go leanfaidh sí muid.”

Tháinig [Cailleach an Oileáin Ghlais] chuig doras an rúma a rabhadar ina gcodladh ann go bhfeicfeadh sí an rabhadar ina gcodladh go maródh sí iad.

“An ndeachaigh sibh a chodladh fós?” a deir sí.

“Diabhal trácht againn air,” a deir an cáca a bhí i gcosa na leapa. D’imigh sí agus is gearr go dtáinig sí arís.

“An bhfuil caint ar bith agaibh a dhul a chodladh?” a deir sí.

“Is gearr go dtéigh anois,” a deir an ceann a bhí a lár na leapa. Ach d’imigh sí ansin arís. Tháinig sí an tríú *turn*: “An ndeachaigh sibh a chodladh fós?” a deir sí.

“Á muise is fada an lá ó d’fhág siad seo,” a deir an cáca a bhí i gceannadhairt na leapa. Tháinig [Cailleach an Oileáin Ghlais] isteach.

“Cé atá ag caint liomsa?” a deir sí.

“Tá muide,” a deir na cácaí a bhí sa leaba. Nuair a chonaic sí céard a bhí ann rinne sí iolar di féin agus as go bráth léi ina ndiaidh. Ach nuair a bhíodar scaitreamh maith ag imeacht: “Á muise,” a deir Cóitín Luachra, “feictear dom,” a deir sí, “go leanfaidh sí muid.”

“Dheamhan fhios agam,” a deir sé.

“Ach féach i do dhiaidh,” a deir sí.

D’fhéach. “Ara tá an t-aer ag teacht,” a deir sé, “an-dubh.”

“An bhfuil rud ar bith ar iompar leat?” a deir sí.

“M’anam nach bhfuil,” a deir sé.

“Á muise mairg a d’fhág an baile ariamh,” a deir sí, “le drochlaiste. Seo,” a deir sí, “cúpla crath<sup>8</sup> duit agus nuair a aireos tú ag teacht i ngar duit í,” a deir sí, “caith na crathannaí,” a deir sí, “fút síos,” a deir sí, “agus b’fhéidir go gcuirfidís moill uirthi.”

Nuair a d’airigh sé ag teacht ríghar dó í, scaoil sé síos na crathannaí agus bhí sé chomh trom. Bhí coill fásta ar an bpointe agus bhí sé ag cinneadh [ar Chailleach an Oileáin Ghlais] a dhul go barr na coille. B’éigean di a dhul abhaile go bhfuair sé gléas a ghearr na crainnte a d’fhás as na crathanna. Rinne sí bealach amach tríothú.

“*Well* tá moill uirthi ar chuma ar bith,” a deir Cóitín Luachra, a deir sí, “ach leanfaidh sí fós muid.”

Ach scaitheadh gearr i ndiaidh an ama sin: ‘Féach i do dhiaidh anois go bhfeicfidh tú an bhfeicfidh tú aon cheo ag teacht.’

“Dar fia! Tá an t-aer ag teacht,” a deir sé, “tá an áit an-dubh arís.”

“Ó,” a deir sí, “an bhfuil aon rath i d’fhoghlair leat?” a deir sí.

“Muise bhí mé thar cion,” a deir sé, “fadó.”

“*Well* seo úll duit anois,” a deir sí, “agus mura bhfuil tú dearfa dó,” a deir sí, “níl aon mhaith duit ann. Ná buail choíche í,” a deir sí, “go mbuailfidh tú faoin sciathán deas í. Gabhfaidh sí taobh amuigh dinn anois,” a deir sí “agus tiocfaidh sí isteach go n-íosfaidh sí muid, agus bí siúrálte,” a deir sí, “í a bhualadh faoin sciathán deas, sula scarfaidh tú leis an úll.”

“M’anam go ndéanfaidh mé sin,” a deir sé, “má fhéadaim.”

“*Well* ná caith an t-úll,” a deir sí, “go mbí tú dearfa dó.”

Ach is gearr go ndeachaigh sí tharstu amach agus d’iontaigh sí orthu isteach agus d’oscail sí a béal, ag dul ag breith orthu, nuair a chaith sé an t-úll léi agus bhuaile sé faoin sciathán deas í agus rinne sí cith luatha.

“Tá muid maith go leor anois,” a deir [Cóitín Luachra], “ar chuma ar bith.”

---

<sup>8</sup> Ní bhfuarthas aon mhíniú ar an fhocal ‘crath’, ach dealraíonn sé ón chomhthéacs gur leagan malartach é den fhocal ‘creathaide’ .i. *a small seed potato; any bulb or clove designed for propagation* (Dinneen 1996).

Thángadar abhaile ansin go dtí teach an Rí agus nuair a thángadar chuig doras theach an Rí: “Níl mise ag dul isteach anois deile,” a dúirt sí, “tig leatsa a dhul isteach agus má bhaineann aon ní beo díot,” a deir sí, “póg tar éis a dhul isteach duit,” a deir sí, “ní chuimhneoidh tú,” a deir sí, “an bhfaca tú mise ariamh agus téirigh tusa,” a deir sí, “amach in mo choinne.”

Nuair a ghabh sé isteach d’éirigh a mháthair agus d’éirigh na cailíní agus d’éirigh an t-athair go bpógfaidís é agus bhí sé á gcoinneáil dó chomh maith agus a d’fhéad sé. Ach bhí *lap-dog* beag aige, madadh beag a bhíodh ag imeacht in éineacht leis, agus níor airigh sé go ndeachaigh sé suas ar an mbord agus chuimil sé a theanga dá bhéal. Deamhan ar chuimhnigh sé go bhfaca sé Cóitín Luachra ariamh.

Bhí Cóitín fágtha taobh amuigh ansin aige. Bhí cailleach chearc ann ansin a bhíodh ag tabhairt aire do chearca taobh amuigh den doras agus chuaigh Cóitín Luachra isteach go dtí í agus d’fhiafraigh sí di an bhféadfadh sí fanacht go dtí oíche.

“Ó muise féadfair,” a deir sí, “agus míle fáilte.”

Chaith sí cúpla lá ansin. Ach bhí an Rí óg seo ag dul ag pósadh agus *lady* an-bhreá geanúil aige, agus é ag dul á pósadh lá arna mhárach.

Agus d’fhiafraigh an chailleach chearc de Chóitín Luachra: “an dtiocfá siar chuig an teach mór, teach an Rí anocht?” a deir sí. “Tá cleamhnas á shocrú ann,” a deir sí. “Tá an Rí óg ag dul ag pósadh.”

“Ó muise cén graithe a bheadh ag mo leithéidse ann?” a dúirt Cóitín Luachra.

“*Well* tá mise ag dul ann,” a deir sí, “agus ní fearr duit istigh, beidh spóirt mhór,” a deir sí, “sa gcistin.”

“Á muise, tá mé nochta le dul ann,” a deir sí, “níl aon éadach maith orm.”

“Ó muise beidh go leor searbhóntaí sa gcistin,” a deir sí, “agus ní aireoidh muid an oíche á caitheamh.”

Bhí scaitín<sup>9</sup> cearc ag Cailleach na gCearc.

---

<sup>9</sup> Foirm dhíspeagtha den fhocal ‘scata.’

“Cé mhéad a bhainfeá díom,” a deir [Cóitín Luachra], “ar an gcoileachín sin,” a deir sí, “agus ar an sicín sin.”

“Muise, m’anam nach mbainfidh mé tada,” a deir sí, “má tá suim ar bith agat iontu,” a deir sí, “croch leat iad.”

Cheangail sí suas iad. “An dtabharfá luach pingine de chruithneacht dom?” a deir [Cóitín Luachra].

“Ní thabharfaidh,” a deir sí, “tabharfaidh mé gach is a dtogróidh tú a thabhairt leat,” a deir sí, “gan tada duit. Sin mála cruithneachta ansin,” a deir sí, “tabhair leat a dtogróidh tú dó.”

Ach thug sí léi dorna den chruithneacht agus chuir sí ceangal ar an sicín agus d’fhág sí an coileachín scaoilte. Bhí sí ag srubhal<sup>10</sup> sa gcistin ná go bhfuair sí cathaoir agus shuigh sí i bhfianaise bord a bhí ann, agus leag sí amach an dá éan ar an mbord, an sicín agus an coileachín. Chaith sí gráinne cruithneachta isteach ar an mbord agus rug an coileachín air.

“Á muise shoraidh dhíot, a choileachín,” a deir sí, “is beag an nádúr le do chircín agat. Ní chuimhníonn tú ar an lá fadó,” a deir sí, “a ghabh tú go *Green Island* agus is beag an graithe a bhí agat ann, murach do chircín a bhí romhat ann.”

Chaith sí gráinne eile amach. Rug an coileachín air. “Ní chuimhníonn tú, a choileachín,” a deir sí, “ar an lá fadó,” a deir sí, “a chuir Cailleach Mhór *Ghreen Island* tú,” a deir sí, “ag tóraíocht an fháinne a chaill máthair a garmháthar agus is beag an graithe a bhí agat ag tóraíocht, murach do chircín a chuaigh le do dhinnéar agat agus a thug duit é.”

Agus sheas [an fear óg] i ndoras an tseomra agus é ag féachaint aniar. “*Well* nach aisteach an áit a bhfuil tusa i do sheasamh?” a deir na daoine móra a bhí thiar ar an bparlús, in áit a raibh an cleamhnas dá shocrú, “ag éisteacht le searbhóntaí.”

“Á tugaigí cúig nóiméad spáis dom,” a deir sé, “agus sin é a n-iarrfaidh mé oraibh.”

D’fhan sé ina sheasamh sa doras. Ach bhí sise ag caitheamh an ghráinne isteach i gcónaí ar an mbord agus an coileachín dá sciobadh ón gcircín.

---

<sup>10</sup> Féach fonóta 1 ar lth. 12 den imleabhar seo.

“Ní chuimhníonn tú, a choileachín,” a deir sí, “ar an lá fadó a ghabh tú ag déanamh an chaisleáin,” a deir sí, “a chuir Cailleach Mhór *Ghreen Island* tú [ag déanamh],” a deir sí. “Is beag an graithe a bhí agat ann, murach do chircín,” a deir sí, “a chuaigh le do dhinnéar agat.”

Ach ansin ghabh sé ar ais. “*Well* tá ceist agam le cur oraibh anois,” a deir sé, a deir mac an Rí leis an méid a bhí ann.

“Cén cheist í?” a deir cuid acu.

“*Well* bhí bosca agam,” a deir sé, “agus chaill mé eochair an bhosca agus d’ordaigh mé eochair á déanamh,” a deir sé, “agus ní raibh an eochair a fuair mé á déanamh,” a deir sé, “déanta, nuair a fuair mé an eochair,” a deir sé, “a chaill mé. Cé acu eochair,” a deir sé, “ab fhearr dom a choinneáil?”

“*Well*,” a deir ceann de na daoine móra a bhí ann, “an bhfuil an eochair a chaill tú in ann do bhosca a bhaint chomh maith agus a bhí sí riamh?”

“Tá,” a deir sé, “sí chomh maith agus a bhí sí ariamh.”

“*Well by gob* má tá,” a deir sé, “sin í a choinneoinse.”

“*Well* déanfar sin, deile,” a deir sé, “mar sin. Bhí mise pósta fadó,” a deir sé, “agus ní raibh a fhios agam go dtí anois é,” a deir sé, “agus tá an bhean a bhí pósta agam,” a deir sé, “ar fáil anocht. Ach fanaigí,” a deir sé, “go bhfeicfidh sibh í.”

Sheas sé i ndoras an tseomra agus ghlaigh sé siar ar Chóitín Luachra. *Well* nuair a ghabh sé siar thosaigh na *ladies* a bhí thiar, *te he he* ag gáire anonn agus anall acu, ag magadh faoin mbean a bhí mac an Rí ag fáil agus nuair a ghabh sé siar sa seomra [dúirt siad] gurb aisteach an bhean a bhí mac an Rí ag fáil.

“*Well* is dócha,” a deir Cóitín Luachra, a deir sí, “gur fúmsa atá an magadh. Ach fanaigí go fóill,” a deir sí, “agus ní móide go mbeadh an oiread magaidh fúm,” a deir sí, “agus atá. Tugaigí,” a deir sí, “cúig nóiméad spáis dom,” a deir sí.

Dúradh léi go gcaithfeadh sí sin a fháil. Ghabh sí suas ina rúma, agus nigh sí í féin agus ghlan sí í féin agus chuir sí culaith den tsíoda bhán uirthi féin agus ghabh siar sa rúma a rabhadar ann agus leag sí coróin a máthar ar a baithis agus ‘sé an t-ainm baistí a bhí uirthi féin Ascar Réidh agus séard a bhí inti iníon rí le banríon. Níl fear ná bean ná *lady* dá raibh ar an rúma nach mb’éigean lámh a chur suas di ag umhlú di nuair a

*Cailleach an Oileáin Ghlais*

ghabh sí siar. Chuaigh siadsan an Chlochán agus mise an tÁtha, bádh iadsan agus tháinig mise.

## **Cú Bán an tSléibhe**

*Pádraig Ó Muireáin a d'inis*

Bhí Rí in Éirinn fadó agus bhí aige cathaoir agus níl ní ar bith a d'iarrfaí ar an gcathaoir nach raibh le fáil uaithi. Agus bhí triúr iníonacha aige agus bhí sé lá imithe ón mbaile agus shuigh an tseanínion sa gcathaoir agus d'iarr sí impí ar an gcathaoir sul dá dtí an tráth seo amárach,<sup>1</sup> mac Rí na Fraince a bheith ag teacht dá coinne. Agus chuaigh an dara hiníon agus shuigh sí féin sa gcathaoir agus d'iarr sí impí ar an gcathaoir, sul dá dtí an tráth seo amárach, mac Rí na Spáinne a bheith [ag teacht] dá coinne féin. Agus an tríú hiníon, shuigh sí féin sa gcathaoir agus d'iarr sí impí ar an gcathaoir sul dá dtí an tráth seo amárach Cú Bán an tSléibhe a bheith [ag teacht] dá coinne.

Bhí go maith agus ní raibh go holc. Tháinig an Rí abhaile agus d'aithin sé féin ar an gcathaoir go raibh siad ina suí sa gcathaoir agus d'inis siad dó agus bhí an Rí an-bhrónach go dtí lá arna mhárach. Agus chonaic sé mac Rí na Fraince ag teacht agus a chuid cóistí i gcoinne a iníne, agus chonaic sé mac Rí na Spáinne ag teacht agus a chuid cóistí féin i gcoinne na hiníne eile. Agus chonaic sé Cú Bán an tSléibhe ag teacht agus a chairtín asail aige i gcoinne an tríú hiníon agus bhí an-dólás air nuair a chonaic sé é ag teacht. Agus chroch siad leo a gcuid ban.

Agus nuair a tháinig an oíche ar an gCú Bán, d'fhiafraigh sé dá bhean féin cé mb'fhearr léi é a bheith ina chú sa lá agus ina fhear san oíche. Agus dúirt sí leis: "Is fearr liomsa tú a bheith i d'fhear san oíche," a deir sí, "agus i do chú sa lá." Faoi cheann trí ráithe bhí mac óg aici agus ní raibh sé aon aois nuair a tháinig duine, chuir a lámh anuas sa simléar agus chroch sé leis é agus bhí an-dólás uirthi ina dhiaidh go deimhin.

Agus bhí siad ag caitheamh leo nó go raibh ceann eile ann faoi cheann trí ráithe eile, agus d'éirigh an cleas céanna dó agus bhí an-dólás uirthi ina dhiaidh. Ach faoi cheann trí ráithe eile bhí ceann eile ann agus dúirt sí féin go bhfairfí é seo seachas ariamh. Agus d'airigh sí lámh an duine ag dul anuas sa simléar agus lámh aici faoina cheann. Agus rugadh ar an leanbh agus crochadh uaithi é agus choinnigh sise an tsúil as. Agus d'imigh léi.

Bhí [siad] ag caitheamh leo agus bhí an triúr clainne ansin imithe uaithi agus bhí sí an-dólásach ina ndiaidh. Ansin dúirt an Cú Bán go gcaithfeadh sé féin imeacht, go

---

<sup>1</sup> .i. go dtí an tráth seo amárach.

gcaithfeadh sé dul go Tír na hÓige, go raibh sé pósta ann. Agus d'imigh leis. Agus bhí sise an-dólásach ina dhiaidh. Agus dúirt [sí] léi féin nach stopfadh sí choíche go ngabhfadh sí féin go Tír na hÓige. Agus d'imigh léi ar maidin ina dhiaidh agus bhí sí ag imeacht léi agus ag síorimeacht go dtáinig diúin agus deireadh an lae uirthi agus casadh isteach í ag a deirfiúr agus bhí an malrach ag imirt báire ar an urlár agus liathróidín óir aige agus camáinín airgid. Agus ghair sí agus choisric sí an malrach. "Is tusa mo leanbh féin," a deir sí.

"Sé go deimhin," a deir bean an tí, a deir sí, "mise féin a thóg uait é. Cheap mé féin nach raibh aon tslí tógtha agat dó, agus má fhanann tú liomsa anois," a deir sí, "go brách, tógfaidh mé tú agus an gasúr freisin."

"Well ní fhanfaidh mé leat," a deir sí, "agus ní fhéadfainn fanacht leat," a deir sí, "mar caithfidh mise imeacht," a deir sí, "agus fáil cébí áit faoin domhan a bhfuil sé." Agus bhí sí ag dul ag imeacht ar maidin.

"Well anois," a deir sí, "nuair nach bhfuil tú ag dul ag fanacht liom tá buidéilín anseo agam," a deir sí, "buidéal deas anseo agam," a deir sí, "a bhfuil stuif breá ann," a deir sí, "má thagann creach ná gearb ná gearradh ort ar do láimh ná ar do chois," a deir sí, "ná in áit ar bith ar do chraiceann, nuair a chuimleos tú díot féin é," a deir sí, "ní fhágfaidh sé aon ghreim ort."

Thug sí di an buidéal agus d'imigh léi agus tráthnóna lá arna mhárach tháinig sí isteach ag an deirfiúr eile agus bhí a mac féin ag imirt báire ar an teallach. Agus ghair agus choisric sí é: "Is tusa mo leanbh."

"Sé go deimhin," a deir bean an tí, "agus is mise féin a thóg uait é." Agus chaith siad an oíche go spóirtiúil lena chéile agus dúirt sí léi go gcaithfeadh sí imeacht lá arna mhárach. Agus bhí sí ag iarraidh a coinneáil léi agus ní fhanfadh.

"Well anois," a deir sí, "nuair nach bhfuil tú ag dul ag fanacht agamsa," a deir sí, "tabharfaidh mise duit," a deir sí, "siosúirín deas óir atá agam," a deir sí, "agus duine ar bith a bhearrfaidh tú leis," a deir sí, "beidh loinnir an óir," a deir sí, "ina cheann é féin," a deir sí, "agus b'fhéidir go bhfónfadh sé go fóill duit."

"Well b'fhéidir go bhfónfadh," a deir sí, "tabhair dom é." Thug sí léi é agus d'imigh léi go dtí an tríú hoíche go dtáinig sí isteach ag an deirfiúr eile agus bhí an tríú mac ansin ag imirt a chuid báire ar an teallach. Agus ghair sí agus choisric sí é agus dúirt



sí gurbh é a leanbh é agus dúirt bean an tí go mba é, gurbh í féin a thug uaithi é. Agus nuair a tháinig lá arna mhárach, bhí sí ag dul ag imeacht agus dúirt sí léi fanacht léi, go gcoinneodh sí lena saol í, í féin agus a mac. Dúirt sí nach bhfanfadh.

“*Well*,” a deir sí, “nuair nach bhfuil tú ag dul ag fanacht agamsa,” a deir sí, “tabharfaidh mise tuáille duit,” a deir sí, “agus uair ar bith a thiochfaidh tart ná ocras ort,” a deir sí, “níl ort ach é a chuimilt díot,” a deir sí, “agus beidh tú chomh glan agus chomh gléasta,” a deir sí, “le haon bhean faoin domhan,” a deir sí, “ina dhiaidh, ite [agus] ólta,” a deir sí.

Chroch sí léi an tuáille<sup>2</sup> agus d’imigh léi. Bhí sí ag imeacht agus ag síorimeacht ariamh ariamh nó go dtáinig sí ag bun sléibhe a raibh sioc agus sneachta os a chionn agus nach bhféadfadh sí a dhul níos faide. Ní raibh a fhios aici in Éirinn cén chaoi a bhféadfadh sí a dhul níos faide. Ach chonaic sí solaisín i bhfad uaithi agus ní gar di, agus rinne sí ar an solas, agus céard a bheadh ansin ach gréasaí. Agus d’fhan sí ansin go maidin agus d’inis sí don ghréasaí ar maidin cá raibh sí ag dul.

“*Well* sin rud,” a deir sé, “nach féidir a dhéanamh,” a deir sé, “a dhul ansin. Agus,” a deir sé, “sé an chomhairle a chuirim ort,” a deir sé, “filleadh ar t’ais, agus b’fhearr duit é,” a deir sé, “ná déanamh ar an sliabh, mar níl gar agat a dhul ann,” a deir sé, “tá cnoic snáthaidí beaga agus snáthaidí móra,” a deir sé, “romhat, leac oighir, sioc agus sneachta.”

“Ach an ndéanfá péire bróg dom,” a deir sí, “[chun go] bhféadfainn a dhul thar an sioc agus thar an sneachta?”

“Déanfaidh go deimhin,” a deir sé, “ach tógfaidh sé i bhfad orm á ndéanamh.”

Thosaigh sé ag déanamh na mbróg agus bhí seacht mbliana sula raibh na bróga réidh agus rinne sí ar an sioc agus ar an sneachta. Chuaigh sí tríd, agus sula raibh sí tríd an gcnoc snáthaidí móra dar sliabh bhí bonn na coise ag teacht amach. Agus nuair a chonaic sí go raibh bonn na coise ag teacht amach, séard a rinne sí rolláil le fána agus stróc sí agus stiall sí [í féin] nuair a bhí sí ag dul síos le fána. Agus nuair a bhí sí ag bun an chnoic bhí sí stróctha stiallta uilig i léir. Níor rinne sí ach an tuáille a chuimilt di féin agus níor fhan blas uirthi.

---

<sup>2</sup> ‘tubháiltín’ sa LS.

Chonaic sí solas beag i bhfad uaithi agus ní i ngar di agus rinne sí air agus céard a bheadh ann ach cailleach bheag a bhí i gcionn na gcearc ag an mbanríon óg a bhí pósta le Cú Bán an tSléibhe i dTír na hÓige. Agus d’fhan sí le Cailleach Beag na gCearc go maidin agus bhí an-fháilte mhór ag Cailleach na gCearc roimpi.

Agus bhí cailín eile ag an mbanríon a dtugadh siad Máirín Cúl Carrach uirthi agus tháinig sí chuici isteach ar maidin. Agus ní raibh sí ag dearcadh an-*tslachtmhar* [ar] chor ar bith. Agus chonaic sí nach raibh sí ag dearcadh an-*tslachtmhar* chor ar bith. Séard a rinne [an ógbhean], rug sí ar an siosúr agus bhearr sí a cúl. Agus chuaigh [Máirín Cúl Carrach] abhaile go dtína máistreás agus nuair a chonaic an máistreás an chaoi a raibh sí ag dearcadh, an loinnir óir a bhí ina cúl ag an mbean óg a bhí ag Cailleach Bheag na gCearc, chuir sí ar a hais í [ag an ógbhean] ag fiafraí di céard a bhainfeadh an siosúr di agus d’fhiafraigh agus dúirt sí léi gur oíche ina codladh lena fear. Agus dúirt an bhanríon go mbeadh sin aici ach [an siosúr] a fháil.

Nuair a fuair [an bhanríon] an siosúr chuir sí fios uirthise le dul a chodladh leis an bhfear agus tháinig sí agus chuir sí an fear a chodladh agus dúirt sí leis an mbean óg a dhul siar go dtí é. Bhí deoch suain ag an mbuachaill tugtha don fhear. Agus thosaigh sí ag inseacht an t-anró bocht a ndeachaigh sí tríd, agus ní raibh aon fhios ag an bhfear air go maidin. Agus maidin lá arna mhárach tháinig Máirín Cúl Carrach arís isteach ag Cailleach Bheag na gCearc agus bhí a héadan millte salach agus níor rinne sí ach an tuáille a chuimilt di agus ba í an bhean í ba bhreátha a chonaic tú ariamh. Agus nuair a chuaigh sí abhaile chuig an máistreás d’fhiafraigh an máistreás di céard a rinne chomh *slachtmhar* í ná chomh breá agus a bhí sí. Agus dúirt sí gur tuáille a bhí ag an mbean óg a bhí le Cailleach Bheag na gCearc.

“Ara imigh leat,” a deir sí, “agus fiafraigh di céard a bhainfeadh di an tuáille.”

Agus dúirt sí léi gur oíche ina codladh lena fear.

“*Well*, tá sin ag dul di,” a deir sí.

Cuireadh fios uirthi agus chuaigh sí a chodladh leis arís ar ais, agus thosaigh sí ag inseacht an t-anró bocht agus an méid a ndeachaigh sí tríd, mar a d’inis mise daoibhse. Agus ní raibh aon fhios ag an bhfear air agus lá arna mhárach nuair a bhí an fear amuigh ag fiach agus a ghíománach leis, d’fhiafraigh sé de: “An raibh tusa pósta,” a deir sé, “a Chú Bán,” a deir sé, “ó bhí tú anseo againne cheana?”

“Ní rabhas,” a deir Cú Bán.

“Ó bhí,” a deir sé, “agus tá do bhean ina codladh leat le dhá oíche,” a deir sé, “agus is iomaí anró bocht,” a deir sé, “a ndeachaigh sí tríd ag teacht anseo,” a deir sé.

“An fíor sin?” a deir an máistir leis an ngíománach.

“*Well* go deimhin is fíor,” a deir sé, “mise féin,” a deir sé, “a thug an deoch agat chaon oíche acu,” a deir sé, “agus bhí mé ag éisteacht léi,” a deir sé, “ag inseacht an anró agus an méid síleála a fuair sí,” a deir sé, “ag teacht anseo,” a deir sé.

“Buachaill maith,” a deir sé, “meas tú an dtiocfaidh sí anocht?”

“Tá mé dearfa go dtiocfaidh,” a deir an gíománach, a deir sé.

“Muise an bhféadfá maith ar bith a dhéanamh dom?” a deir an máistir.

“Féadfaidh,” a deir sé, “caithfidh mé an deoch anocht,” a deir sé, “a thabharfaidh mé duit,” a deir sé, “caithfidh mé isteach faoin leaba í,” a deir sé, “agus beidh a fhios agat féin ansin,” a deir sé, “nach ag inseacht bréige atá mé.”

Bhí go maith agus ní raibh go hollc an trú hoíche a ndeachaigh sí a chodladh leis, nuair a chuaigh an gíománach siar ag tabhairt dó an deoch, chaith sé an deoch faoin leaba agus bhí a fhios aige féin ansin chuile anró agus chuile ní a ndeachaigh sí tríd, bhí a fhios aige é. Agus bhí úll nimhe os cionn an dorais i gcónaí crochta ag an mbanríon, agus níor rinne Cú Bán an tSléibhe<sup>3</sup> nuair a d'éirigh sé ar maidin<sup>4</sup> ach breith ar an úll nimhe agus chaith sé [leis an mbanríon] é agus rinne sé crap salainn di. Agus d'fhan an péire go haoibhinn agus go hálainn agus a chonaic tú ariamh i dTír na hÓige ón lá sin ó shin.

---

<sup>3</sup> ‘An gíománach’ sa LS. Glactar leis ón chomhthéacs gurbh é Cú Bán an tSléibhe a bhí i gceist ag an scéalaí anseo.

<sup>4</sup> Tá lánstad anseo sa LS. Rinneadh abairt iomlán amháin de ar mhaith le soiléireacht.

## **Baintreach agus a Triúr Iníonacha**

*Antoine Breathnach a d'inis*

Bhí baintreach in Éirinn fadó agus bhí triúr iníonacha aici agus bhí beirt de na hiníonacha ag déanamh éadaigh le haghaidh mná, agus ní raibh sórt maith ar bith leis an gceann eile, ach sactha sa luaith agus ní níodh sí blas ar bith. Bhí an mháthair í féin sean go maith agus ní raibh sí in ann mórán a dhéanamh. Ar aon bhealach, ‘siad an bheirt a bhí ag déanamh na n-éadaí mná a bhíodh ag coinneáil an tí ag imeacht agus ag tógáil na máthar agus an deirfiúr seo agus sé an t-ainm a bheiridís uirthi Luathramhán, de leasainm is dóigh liom.

Ar aon scéal, dúirt an bheirt a bhí ag déanamh na n-éadaí aon lá amháin ansin go mba mhór an feall dóibh a bheith ag tógáil na máthar agus Luathramhán mar nach raibh mórán maitheasa leo, agus dúradar le chéile ansin lá, dá maróidís an mháthair agus í a chur thiar sa seancharracán<sup>1</sup> a bhí thiar ar chúlaigh an tí agus Luathramhán a chrochadh anuas as an simléar agus go n-imeoidís féin leo ansin. Le linn na cainte ar aon bhealach chuala Luathramhán iad ag caint agus d'inis sí don mháthair go raibh siad ag dul á marú féin agus á cur thiar sa seancharracán a bhí thiar ar chúlaigh an tí agus go gcrochfaidís í féin anuas as an simléar agus go n-imeoidís leo ansin.

“Má bhíonn an scéal amhlaidh,” arsa an mháthair, a deir sí, “tá mé ag dul ag fágáil trí rud agat. Fágfaidh mé scian bheag agat agus ceirtlín beag snáithe. Agus má chrochann siad thusa, féadfaidh tú na rópaí a ghearradh leis an scian agus beidh an ceirtlín beag snáithe agat le géibhinn ar bith a thiocfaidh ort, le maith a dhéanamh ort.”

Bhí go maith ar chuma ar bith. Mharaíodar an mháthair agus chuireadar thiar sa seancharracán í agus chrochadar Luathramhán as an simléar agus d'imíodar leo. Nuair a bhíodar imithe, ghearr Luathramhán an rópa leis an scian bheag a thug an mháthair di agus tháinig sí anuas. Agus dúirt an mháthair léi roimhe sin, sular mharaigh siad í, a dhul siar chuig an gcarracán agus tochailt uirthi féin arís agus píosa den chraiceann a bhaint dá ceathrú leis an scian bheag agus *purse* a dhéanamh de agus go mbeadh sé aici. Rinne sí amhlaidh ar chuma ar bith agus lean sí den bheirt deirfiúr agus nuair a chonaic an bheirt deirfiúr ag teacht í d'fhéachadar tharstu.

---

<sup>1</sup> Tugtar *rocky eminence, large rock* mar aistriúchán ar ‘carracán’ in FGB (Ó Dónaill 1977).

“M’anam gurb ‘eo í Luathramhán arís,” arsa ceann acu, “agus céard a dhéanfas muid léi [ar] chor ar bith?”

Bhíodar ag tarraingt in aice páirc mhór feilméara ar chuma ar bith agus bhí crann mór i lár na páirce ann. Agus rugadar uirthi agus thugadar isteach go dtí an crann í agus chrochadar as an gcrann í agus cheanglaíodar a dhá lámh le rópaí, agus d’imíodar leo ansin.

Ní raibh le déanamh aici ansin ach tosú ag seinm agus ag rá amhráin, agus bhí scata mór beithíoch thíos in íochtar na páirce agus nuair a chualadar an tseinm chruinníodar ar an gcrann. Shíleadar gurbh é an feilméara a bhí ann ag glaoch orthu ag beatha ná ag féar. Agus d’éirigh leis an bhfeilméara go bhfaca sé na beithígh ar fad thart ar an gcrann agus tháinig sé go dtí an crann agus chonaic sé an cailín óg seo thuas i mbarr an chrainn crochta. Agus d’fhiafraigh sé den chailín óg céard a bhí sí ag déanamh ansin.

“Tá mé ag dul go Flaithis,” ar sise.

“Á,” arsa an feilméara, a deir sé, “b’fhearr duit mise a scaoileadh leat.”

“Scaoilfidh,” ar sise, “má scaoileann tú as seo mé, mo lámhaí, agus féadfaidh tú a bheith liom ansin.”

Chuaigh an feilméara suas sa gcrann ar chuma ar bith, agus scaoil sé lámhaí an chailín óig seo, agus anuas léi ansin ar an talamh, agus ritheann sí i ndiaidh na beirt deirfiúracha. Is gearr gur fhéach ceann de na deirfiúracha tharstu agus chonaic siad ag teacht í.

“Tá sí ar fáil arís,” arsa ceann acu leis an gceann eile.

“M’anam go bhfuil,” arsa an ceann eile acu. “Céard a dhéanfaidh muid léi [ar] chor ar bith? Náireoidh sí muid cébí áit a rachaidh muid agus tá drochtheadach uirthi agus eile.”

*Well* nuair a tháinig sí go dtí iad, thug ceann acu cóta beag di agus an ceann eile gúna. Dúradar le chéile go mb’fhéidir go ndéanfadh sí maith éigin dóibh fós. Ach bhíodar ag siúl leo agus bhí sé i ngar a bheith an oíche ar chuma ar bith, agus chonaic siad

solas scáitín<sup>3</sup> uathu agus dhíríodar ar an solas ar chuma ar bith agus bhuaileadar an doras taobh amuigh agus scaoileadh isteach iad.

Nuair a chuardar isteach bhí buachaill óg de mhac ina shuí ar an gcathaoir i lár an tí agus seanchailleach a scaoil isteach iad. Bhí triúr iníonacha sa teach freisin leis an gcailligh. *Well* fuaireadar a suipéar ar chuma ar bith, cébrí cén sórt suipéar a bhí ann, fuaireadar a gcuid dó. Agus nuair a bhí sé ag tarraingt in aice am codlata, chuardar a chodladh agus chuir an chailleach a triúr iníonacha féin taobh thuas dóibh sa leaba. ‘Sí Luathramhán ar chuma ar bith a bhí ar cholbha agus bhí ionadh mór aici gur chuir an chailleach a triúr iníonacha féin taobh thuas dóibh. Teach breá a bhí ann freisin, teach mór, agus bhí sí in amhras go mb’fhéidir go ndéanfaí aon cheo orthu féin. Ar aon bhealach, thit an bheirt deirfiúracha eile ina gcodladh, ach deamhan néal a tháinig ar Luathramhán ar chuma ar bith.

Amach san oíche tagann an chailleach isteach sa seomra acu, ag éalú isteach sa seomra, agus chuir sí trí chaipín ghorma, chuir sí caipín gorm ar Luathramhán agus dhá chaipín ghorma ar an mbeirt deirfiúracha, agus caipíní dearga ar a hiníonacha féin. Níor chorraigh siad ar chuma ar bith, agus bhí Luathramhán ina dúiseacht, ach go raibh sí ag ligean uirthi féin go raibh sí ina srann chodlata.

D’imigh leis an gcailligh ansin agus faoi cheann scaitheamh eile is gearr gur airigh Luathramhán ag teacht arís í agus claíomh aici. Ach sula dtáinig sí leis an gclaíomh, dhúisigh Luathramhán a beirt deirfiúracha agus dúirt sí leo a dhul taobh thuas den triúr eile a bhí taobh thuas dóibh. Chuadar suas taobh thuas dóibh ar chuma ar bith agus rinne Luathramhán a bealach suas í féin agus d’fhág siad triúr iníonacha na caillí le colbha agus bhaineadar na caipíní dóibh a bhí orthu féin agus chuireadar ar thriúr iníonacha na caillí iad.

Bhí go maith. Is gearr gur airigh Luathramhán an chailleach ag teacht arís agus claíomh ina lámh aici agus deamhan blas a níonn an chailleach ach na cloigne a sciobadh den triúr a bhí ar cholbha. Shíl sí gurb iad an triúr strainséaraí a bhí ann i gcónaí agus labhair sí leis an mac thíos ar an teallach. “A Sheáin,” ar sise, “gabh i leith anois ná [go] gcuirfidh muid iad seo.”

---

<sup>3</sup> Foirm dhíspeagtha de ‘scaitheamh’.

Níor labhair Luathramhán ar chuma ar bith. Tháinig Seán aníos agus tharraing sé féin agus an mháthair amach ceann de na cailíní óga seo agus an fhad agus bhíodar á cur labhair Luathramhán leis an mbeirt deirfiúracha.

“Anois,” arsa Luathramhán,” a deir sí, “tá a triúr iníonacha féin marbh ag an gcailligh agus síleann sí gur muidí atá ann agus ná corraígi go deo go deo ná go mbí sí imithe amach leis an tríú ceann agus ansin bígi faoi réir le rith.”

Níor chorraigh an bheirt deirfiúracha ar chuma ar bith ná go raibh an chailleach agus Seán imithe amach leis an tríú ceann agus nuair a bhí, ritheadar féin amach. Nuair a chuardar taobh amuigh ar chuma ar bith, thosaigh siad ag béiceach agus leanann an chailleach iad go dtí abhainn a bhí ann agus ní raibh a fhios acu ansin cén chaoi a rachaidís trasna na habhann. Ar aon bhealach, chuimhnigh Luathramhán ar an gceirtlín beag snáithe a thug a máthair di agus caitheann sí amach an ceirtlín beag snáithe amach roimpi trasna an bhunáin agus bhí bóthar beag aici le siúl air ach go raibh sé caol, ach má bhí féin bhí sé ag dúnadh arís ina diaidh. Chuaigh sí féin agus a beirt deirfiúracha ar chuma ar bith anonn thar an abhainn agus d’fhág siad an chailleach ina ndiaidh ar an taobh thall.

“A Luathramhán,” arsa an chailleach, a deir sí, “mo thriúr iníonacha ort, nach dtiocfaidh tú an bealach seo arís.”

“Ná bí de shíor<sup>4</sup> de mo bhoderáil,” arsa Luathramhán, a deir sí, “tiocfaidh mé ann nuair a fheilfidh sé mé.”

D’imíodar leo. Bhí baile eile taobh thall den abhainn agus chuardar isteach i dteach a bhí ann agus nuair a chuardar isteach bhí triúr buachaillí óga istigh sa teach agus bhí a n-athair go dana ar an leaba. D’inis Luathramhán an scéal do na triúr buachaillí óga, an méid a d’éirigh dóibh agus an méid a shíl an chailleach a dhéanamh leo.

“Tá ionadh mór agam,” arsa ceann de na buachaillí óga seo, “nár mharaigh sí sibh. Deamhan duine a chuaigh isteach ansin ariamh nach marbh a bheadh sé ag teacht as dó.”

“Well,” arsa ceann de na buachaillí óga seo, “tá m’athairse go dana go tinn ar an leaba leis an fhad seo ama agus níl i ndán leigheas go brách dó ná go dtugtar cearc agus

---

<sup>4</sup> ‘Ná bí hiarr a bheith’ sa LS.

coileach chuige ón gcailligh. Agus pósfaidh mise ceann de do chuid deirfiúracha má thugann tusa leat coileach agus cearc ón gcailleach sin.”

“Níl a fhios agam,” arsa Luathramhán, a deir sí, “is olc an oidhe orthusan tada a dhéanamh dóibh, mar shíleadar mé féin a chrochadh faoi dhó agus chinn sé orthu ina dhiaidh sin agus mharaigh siad mo mháthair.”

“Ná bac leis sin,” arsa an buachaill óg seo, “ach imigh agus tabhair leat an coileach agus an chearc agus má thugann, ní bheidh tú in aiféala.”

“Is cuma liom,” arsa Luathramhán, a deir sí, “is doiligh dom [é] a dhéanamh, ach féachfaidh mé leis.”

D’imigh sí léi agus chuaigh sí go dtí teach na caillí arís agus d’éalaigh sí le hais na fuinneoige agus nuair a d’fhéach sí isteach ní fhaca sí toirt fiaigh ná feannóige istigh sa gcistin. Is dócha gur imithe amach a bhí an chailleach ar chuma ar bith, ach bhí an lúb ar an doras. Ach téann Luathramhán isteach agus bhí cúp cearc istigh sa gclúid ann agus é lán de chearca agus de choiligh istigh ann. Téann Luathramhán isteach ar chuma ar bith, isteach chuig an gcúp agus tarraingíonn sí amach coileach agus cearc amach as an gcúp agus cuireann sí faoi na hascaillí iad. Agus ba mhaith léi ar bhealach éigin, ba mhaith léi sásamh éigin a fháil ar an gcailligh, an chaoi go bhfeicfeadh sí ag imeacht í leis an gcoileach agus leis an gcearc, mar bhí a fhios aici go maith nach mbeadh sí in ann a theacht suas léi.

Téann sí ar chúlaigh an dorais agus ná go dtáinig an chailleach isteach agus d’fhéach sí thart ar fud an tí nuair a tháinig sí isteach agus nuair a chas sí istigh ar an urlár, ritheann Luathramhán amach. Leanann an chailleach í agus claíomh mór ina láimh aici agus nuair a tháinig sí go dtí an abhainn, chaith sí amach an ceirtlín snáithe amach roimpi agus rinne sí bóthar breá di agus é ag dúnadh arís ina diaidh.

“Ara, a Luathramhán,” arsa an chailleach, a deir sí, “mo thriúr iníonacha ort agus mo choileach agus mo chearc, nach dtiocfaidh tú an bealach seo arís.”

“Ná bí de shíor de mo bhoderáil,” a deir Luathramhán, a deir sí, “tiocfaidh mé ann nuair a fheilfidh sé mé. Slán agat anois, a chailligh,” arsa Luathramhán.

D’imigh sí léi ná go dtáinig sí go dtí an teach seo arís, agus chuaigh sí isteach agus an coileach agus an chearc aici agus thug sí don bhuachaill óg seo iad. Cuireadh sa bpotá



an coileach agus an chearc ar chuma ar bith agus bruiteadh iad agus tugadh an t-anraith le n-ól don seanfhear agus an fheoil le n-ithe dó, cuide di. Uaidh sin amach, bhí an seanfhear ag feabhsú.

“*Well,*” arsa duine de na buachaillí óga, duine eile acu, “pósfaidh mé do dheirfiúr eile má thugann tú pluid na leapa ón tseanchailleach.”

“Á, níl a fhios agam,” arsa Luathramhán, a deir sí, “tá sé sin doiligh agam a dhéanamh agus pé taca sin é,” a deir sí, “níorbh fhiú dom a leathoiread a dhéanamh do mo chuid deirfiúracha mar shíleadar drochrath a chur orm féin. Ach féachfaidh mé leis ar aon bhealach.”

D’imigh léi agus tháinig sí go dtí teach na seancaillí arís, agus nuair a d’fhéach sí isteach tríd an bhfuinneog, d’airigh [sí] an tseanchailleach agus í ag srannadh istigh sa leaba. D’éalaigh sí go dtí an leaba ar aon bhealach agus nuair a chuaigh sí go dtí an leaba, rug sí greim ar an bpluid agus chorraigh an chailleach. Is dócha gurb é an chaoi a raibh sí idir a codladh agus a dúiseacht, ach chorraigh sí ar aon bhealach agus thit sí ina codladh arís agus nuair a fuair Luathramhán ina codladh arís í, rug sí ar an bpluid agus chuir an phluid síon aisti. Is dócha go raibh draíocht ar an bpluid ar chuma ar bith nuair a bhí an chailleach istigh fúithi. Nuair a chuir sí isteach a lámh arís an tríú huair, rug an chailleach ar lámh uirthi.

“Tá tú agam, a Luathramhán, anois,” a deir sí, “agus níl a fhios agam beo ná beirthe cén bás is fearr dom a thabhairt duit.”

“*Well,* inseoidh mise duit,” arsa Luathramhán, a deir sí, “cén bás is fearr duit a thabhairt dom arae tá coir mhór déanta agam ort anois.”

“Tá,” arsa an chailleach, a deir sí, “agus íocfaidh tú do bhealach anois má d’íoc tú ariamh é. Cén bás anois ba mhaith leat a fháil?” arsa an chailleach, a deir sí.

“*Well* inseoidh mé sin duit,” arsa Luathramhán, a deir sí, “cuir síos i mála mór mé agus buail sreangán ar bhéal an mhála, agus téirigh féin agus do mhac,” arsa Luathramhán, a deir sí, “go [dtí] na coille agus bainigí dhá ualach crainn agus tugaigí isteach an dá ualach crainn agus caithigí i mo mhullach iad, agus sin é an chaoi is faide a mbeidh mé ag fáil bháis agus ‘sé an chaoi is mó é a mbeidh pionós orm freisin.”

“Déanfaidh muid amhlaidh,” arsa an chailleach, “tá mé ag ceapadh gur fíor duit é.” D’éirigh an chailleach as an leaba ar chuma ar bith agus choinnigh sí greim cruaidh ar lámh Luathramhán ar aon bhealach. Agus fuair sí mála mór millteach agus buaileann sí Luathramhán síos sa mála agus buaileann sí sreangán ar bhéal an mhála agus d’imigh sí féin agus an mac agus dhá rópa mhóra acu. Buaileann sí sreangán ansin ar bhéal an mhála agus imíonn sí féin agus an mac chun na coille agus fágann sí Luathramhán agus an mála i lár an tí.<sup>5</sup>

Nuair a fuair Luathramhán imithe iad amach chun na coille, chuimhnigh sí ar an scian bheag a thug a máthair di agus deamhan blas a rinne sí ach an scian bheag a tharraingt as a póca agus an sreangán a ghearradh leis an scian agus í féin a theacht aníos as an mála ansin agus bhí trí mhuc bhreátha amuigh sa stábla ann, trí mhuc mhóra freisin. Agus tugann sí amach an mála agus cébí cén chaoi a gcuireann sí síos na trí mhuc síos sa mála, sacann sí na trí mhuc síos sa mála agus tugann sí isteach chun tí ansin an mála agus gach is a raibh de chearca sa gcúp agus de choiligh agus go shoithigh ar an driosúr agus chuile shórt eile agus buaileann sí sreangán ansin ar bhéal an mhála agus téann sí ansin chuig leaba na seanchaillí agus filleann sí suas pluid na seanchaillí agus cuireann sí faoina hascaill é agus téann sí isteach ar chúlaigh an dorais.

Is gearr gur airigh sí mac na caillí ag teacht agus ualach mór crainn air agus an chailleach ag teacht ina dhiaidh. Tháinig an mac isteach ar chuma ar bith agus chaith sé an t-ualach crainn i mullach an mhála agus ar ndóigh áitíonn na cearca agus na coiligh agus na mucaí ag síonaíl síonaíl. Agus tigeann an chailleach í féin agus caitheann sí a hualach i mullach an mhála agus tosaíonn sí ag damhsa ansin ar an mála.

Agus ar ndóigh bhí na cearca agus na coiligh agus na muca agus géamhaí agus chuile chaoi dá raibh sé, iad féin ag giúnaíl agus séard a dúirt an chailleach: “Á, a Luathramhán,” a deir sí, “a dhathadóir,” a deir sí, “nach iomaí ceol [atá] agat [agus tú] ag fáil bháis.”

Ritheann Luathramhán amach agus í ar chúl an dorais agus an phluid faoina hascaill aici agus leanann an chailleach í ná go dtáinig sí go dtí bord na habhann agus caitheann sí an ceirtlín amach roimpi agus rinne sí bóthar breá di féin. Agus labhair an chailleach

---

<sup>5</sup> Tá athrá anseo mar gheall gur athraíodh an fiteán eideafóin.

ar an taobh eile. “A Luathramhán,” a deir sí, “mo thriúr iníonacha ort, mo thrí mhuc, mo phluid, mo chuid éanlaithe fré chéile, nach dtiocfaidh tú an bealach seo arís.”

“Ná bí de shíor de mo bhoderáil,” arsa Luathramhán, a deir sí, “tiocfaidh mé ann nuair a theastós sé uaim, ach go dtí sin ní thiocfaidh. Slán agat anois,” a deir sí, “a sheanchaillí ghránna.”

Thug sí an phluid, ar chuma ar bith, chun an tí a raibh an bheirt deirfiúracha ann. “Seo í an phluid anois,” a deir sí. Agus cuireadh os cionn an tseanfhir an phluid agus nuair a cuireadh, d’éirigh sé agus shiúil sé amach ar an tsráid.

Pósadh an deirfiúr eile leis an mac sin ar chuma ar bith. Agus labhair an tríú mac acu: “Pósfaidh mise tú féin,” arsa an tríú mac acu, “má thugann tú chugam an claíomh atá ag an tseanchailleach.”

“M’anam gur b’shin é is fearr liom a dhéanamh,” arsa Luathramhán, a deir sí, “m’anam gur mór is fiú duine a bheas ag obair dó féin, faras a bheith ag obair don té úd eile. Is maith liom,” a deir sí, “a bheith ag déanamh rud éigin ar mo shon féin.”

D’imigh léi agus chuaigh sí isteach chuig an bhfuinneog in áit a raibh an tseanchailleach agus séard a bhí sí ag déanamh ag bruith na gcoileach agus ag glanadh na mucaí a bhí marbh de bharr an lae roimhe sin.

*Well* bhí go maith. D’imigh [Luathramhán] chuig stór ansin a bhí in aice na háite agus níl a fhios agamsa cén *number* salann garbh a cheannaigh sí, ach fuair sí ar chuma ar bith an salann garbh agus cá rachadh Luathramhán ach suas ar mhullach bharr an tsimléir, agus tosaíonn sí ag ligean anuas slámóga<sup>6</sup> salainn anuas san anraith. Ar aon bhealach, is dócha go mbíodh an chailleach ag blaiseadh den anraith scaití agus d’éirigh sé go raibh an t-anraith dianghoirt.

“A Sheáin, a stór,” arsa an chailleach, a deir sí, “rinne tú an diabhal go deo ar an anraith seo,” a deir sí, “chuir tú an iomarca salainn air. Tá sé chomh maith duit a dhul siar chun an tobair,” a deir sí, “agus soitheach uisce a thabhairt leat, agus féach,” a deir sí, “tabhair leat an claíomh,” a deir sí, “[le] faitíos go gcasfaí Luathramhán duit,” a deir sí, “agus má chasann, ná spáráil an claíomh uirthi.”

---

<sup>6</sup> ‘slamaigí’ sa LS. Is foirm mhalartach é seo den fhocal ‘slámán.’ Tá an bhrí *untidy woman* ag an fhocal ‘slámóg,’ chomh maith (Ó Dónaill 1977).

Chuala Luathramhán ar chuma ar bith an chaint agus í thuas ar bharr an tsimpléir agus tagann sí anuas. Bhí tom mór eibheann ná sórt toim éigin taobh thiar ar chúlaigh an tobair agus téann sí isteach ar chúlaigh an toim. Agus ar ndóigh bhí Seáinín ag féachaint faoi agus thairis agus é ag dul ar thóir an uisce, [le] súil is go bhfeicfeadh sé Luathramhán. Ach mar sin féin ní fhaca sé í. Agus nuair a bhí sé ag cromadh síos ag dul ag tógáil an tsoitheach uisce, leagann sé uaidh an claíomh agus nuair a bhí sé cromtha síos, éalaíonn Luathramhán chuig an gclaíomh agus beireann sí ar an gclaíomh agus ar éirí aníos don bhuachaill seo, buaileann sí sa gcloigeann é agus baineann sí an cloigeann dó.

Ar aon bhealach, thug sí an cloigeann léi suas arís ar bharr an tsimpléir, agus ligeann sí anuas an simléar an cloigeann agus cá rachadh sé ach síos sa bpota anraith. Agus bhí an chailleach ag corraigh an phota agus ar ndóigh níor fhág sé liobar craicinn ar a héadan nár stróic sé agus nár scól sé fré chéile, ná ar a cosaí. Agus bhí sí millte scólta ansin agus rith sí amach, agus bhí Luathramhán ag rith í féin, ag dul chuig an teach seo, agus nuair a tháinig sí go dtí an abhainn caitheann sí amach roimpi an ceirtlín beag snáithe agus déanann sí bóthar breá di féin, agus bhí sé ag dúnadh arís ina diaidh.

Labhair an chailleach ar chuma ar bith ar an taobh eile. “A Luathramhán,” ar sise, “mo thriúr iníonacha ort,” a deir sí, “mo mhac agus mo thrí cinn de mhuca agus mo phluid agus mo chlaíomh,” a deir sí, “mo chuid éanlaithe fré chéile nach dtiocfaidh tú an bealach seo arís.”

“Ná bí de shíor de mo bhoderáil,” arsa Luathramhán, a deir sí, “tá mé réidh leat anois.”

Thug sí an claíomh ar chuma ar bith chuig an mbuachaill seo agus pósadh iad féin agus bhí sí féin agus a triúr deirfiúracha in aon teach pósta agus mhaireadar go sáthach compórdúil arís uaidh sin amach. Agus sin é anois deireadh mo scéilse. Beannacht dílis Dé le hanam na marbh.

## **Triúr Deirfiúracha a Bhí ag Imirt Cártaí**

*Micheál Ó Somacháin a d'inis*

Bhí Rí san áit fadó agus duine ar bith a gheobhadh sé ina shuí ón deich a chlog bheadh an cloigeann cailte aige. D'fhan mar sin. Bhí triúr deirfiúracha agus iad ag imirt cártaí. Bhí ceann acu agus í ag roinnt na gcártaí nuair a dúirt sí go raibh sé rófhada san oíche, go raibh sé gar don deich a chlog.

“Á ná bac leis,” a deir an ceann eile, “imreoidh muid an *game* seo.”

D'imríodar amach an *game* agus ghnóthaigh an ceann is sine an *game*.

“Tabhair do bhreith,” a deir an bheirt eile léi.

“*Well*,” a deir sí, “d'iarrfainnse m'impí féin,” a deir sí, “a bheith pósta ag buachaill an Rí.”

“Tá go maith,” ar siadsan.

D'imríodar *game* eile agus ghnóthaigh an dara bean.

“Tabhair do bhreith,” a deir siad léi.

“Impím,” a deir sí, “mé a bheith pósta ag cóisteoir an Rí.”

“Tá go maith,” a deir siadsan, “imreoidh muid *game* eile.”

D'imir siad an tríú *game* agus cé a bheadh amuigh ag an doras ach an Rí agus a chuid fear, a chuid saighdiúirí, ag faire orthu agus bhí sé ag éisteacht leis an gcaint. *Well* bhí go maith agus ní raibh go holc. Nuair a d'imríodar an *game* seo ghnóthaigh an iníon is óige é. *Well* nuair a bhí an *game* seo amuigh dúirt an *set* eile léi a breith a iarraidh anois agus go mbeadh siad ag dul a chodladh.

“Muise [go mbeadh] mise pósta ag an Rí é féin,” a deir sí. D'fhan mar sin. Nuair a chuala an Rí an focal níor rinne sé blas ach iompú thart agus a chuid fear a chrochadh leis agus chuaigh sé abhaile. Maidin lá arna mhárach chuir sé fios ar an triúr deirfiúracha isteach chun tí. D'fhiafraigh sé dóibh cén chiall [dóibh] solas a bheith acu i ndiaidh an deich a chlog aréir.

“Á níl a fhios agam,” a deir ceann acu, “is dócha nár airigh muid an t-am ag dul thart. Bhí muid ag imirt *game* cártaí.”

“Déan an fhírinne,” a deir an Rí, “agus ná déan aon bhréag liomsa, nó má níonn tú bréag,” a deir sé, “bainfidh mé an cloigeann díot. Cén bhreith,” a deir sé, “a d’iarr tú?”

“Á muise,” deir sí, “ní maith liom inseacht.”

“*Well* caithfidh tú inseacht,” a deir sé, “nó bainfidh mise an cloigeann díot.”

“Ó, *well* más mar sin é,” a deir sí, “tá sé chomh maith dom inseacht. D’iarr mé impí a bheith pósta ag do bhuachaill.”

“*Alright*,” a deir sé, “cén impí a d’iarr tusa?” a deir sé leis an dara ceann.

“D’iarr mé impí a bheith pósta ag an gcóisteoir.”

“Céard a d’iarr tusa?” a deir sé leis an tríú ceann.

“Á, ní inseoidh mé é,” a deir sí.

“*Well*, mura n-inseoidh,” a deir sé, “bainfidh mé an cloigeann díot.”

Bhí sí ina bean bhreá. “*Well*,” a deir sí, “sula mbainfidh tú an cloigeann díom,” a deir sí, “tá sé chomh maith dom inseacht duit [cén] impí a d’iarr mé. Cuir do rogha bail orm,” a deir sí, “d’iarr mé impí a bheith pósta ort féin.”

“Tá go maith,” a deir sé, “níl aon locht air. Anois,” a deir sé, “gheobhaidh chaon ceann den triúr agaibh,” a deir sé, “a himpí féin, agus tá libh.”

“Déanfar sin,” ar sise. Pósadh an triúr mar a d’iarradar ina gcuid impíocha. Pósadh an ceann is sine le buachaill an Rí agus an dara ceann le cóisteoir an Rí agus an tríú ceann leis an Rí é féin.

Bhí go maith agus ní raibh go holc nó go raibh siad gar do bhliain pósta agus bhí bean an Rí le hucht clainne. *Well* bhí an bheirt eile ag freastal uirthi, an dara hiníon agus an iníon is sine, ag freastal ar an mbean ab óige agus ba mhór leo iad a bheith ina gcailíní aici.

Dúirt siad leo féin go gcaithfeadh siad plean éigin a chur uirthi, go gcuirfeadh siad cóir báis uirthi. Nuair a bhí sí i bhfoisceacht laethanta don ghasúr a theacht ar an saol, d’imigh siad thart agus fuairadar coileán madaidh agus chuireadar i bhfolach é. Agus nuair a bhí sise go dana bhí an bheirt deirfiúracha ag freastal uirthi agus séard a rinne siad an malrach a chur i bhfolach agus thóg ceann acu amach é agus chuir sí i gciseán é agus chaith sí amach san abhainn é agus thaispeánadar an coileán madaidh don Rí.

“Dana go leor,” a deir sé, “ach féachfaidh muid ucht eile léi.”

“Dia dár réiteach,” ar siadsan, “níl aon mhaith dúinn sa méid a rinne muid.”

D’fhan mar sin. Bhí maor i mbun caorach agus bhí an maor an-tsaibhir don domhan.<sup>53</sup> Ní raibh duine ar bith clainne aige ach é féin agus a bhean. Bhí sé ag dul síos le taobh na habhann agus céard a d’fheicfeadh sé ag dul chuige anuas ach an ciseán. Nuair a chuaigh an ciseán chuige anuas, chuir sé an crúca caorach amach agus rug sé ar an gciseán agus bhí an malrach istigh sa gciseán ag cur a chuid maomógaí allais. Rug sé air.

“Míle buíochas le Dia,” a deir sé, “gur chuir Dia malrach ar deireadh agam.”

Rug sé air agus thug sé isteach chuig a bhean é agus dúirt sé lena bhean aire mhaith a thabhairt dó agus gur chuir Dia malrach ar deireadh acu.

“Céad míle fáilte roimhe,” a deir an bhean. “Tabharfaidh mise an aire dó,” a deir sí, “a thabharfainn chomh maith agus dá mba liom féin é.”

D’fhan mar sin. Bhí go maith agus ní raibh go holc, go dtí an chéad ucht eile a bhí aici. Chuir [na deirfiúracha] suas plean eile le chéile agus dúradar go bhfaigheadh siad banbh muice. Fuairadar banbh muice agus chuireadar i bhfolach é dhá lá roimhe. Agus nuair a bhí an banbh i bhfolach, chomh luath agus a buaileadh an bhean tinn, chuaigh siad isteach ag freastal arís uirthi agus dúradar leis an Rí gur banbh muice a bhí aici. Thugadar leo an mac agus chuireadar an mac sa gciseán agus chaitheadar amach ar an abhainn é.

Céard a bheadh ann ach an maor agus é ag siúl na páirce. “Muise,” a deir sé, “bliain sa lá inniu,” a deir sé, “seachas laethanta eile an domhain, a fuair mé mo mhalrach ag dul anuas leis an abhainn. Siúlfaidh mé thart leis an abhainn inniu,” a deir sé, “agus b’fhéidir le Dia go bhfaighinn ceann eile.”

Nuair a bhí sé tamall ag siúl leis an abhainn chonaic sé an ciseán ag dul chuige agus thug sé isteach é.

“Ó míle buíochas le Dia,” a deir sé.

Bhí sin ann malrach eile fir.

---

<sup>53</sup> Tá ‘brách a bhí sé’ scríofa ag deireadh na habairte seo sa LS.

“Míle buíochas grástúil le mac Dé,” a deir sé, “is mór an gar dom,” a deir sé, “deartháir a bheith aige,” a deir sé.

Thug sé isteach chuig an bhean é. “Anois,” a deir sé, “chuir Dia deartháirín chuige,” a deir sé, “agus tabharfaidh tú aire dó.”

“Ó, m’anam go dtabharfaidh,” a deir an bhean, “agus míle fáilte. Céad míle fáilte romhat féin agus roimhe féin,” a deir sí.

D’fhan mar sin. Bhuail [deirfiúracha an bhanlaoich] crapaire ar a chéile agus dúradar nach raibh aon mhaith ann nuair a dúirt an Rí go bhféachfadh sé ucht eile léi. Nuair a bhí sí le hucht clainne arís laethanta roimhe fuairadar pisín cait agus dúradar leo féin go maródh an Rí i gceart anois í. Céard a bheadh aici sa gcéad *trip* eile ach iníon, agus nuair a rugadh an iníon thugadar leo í agus chuireadar sa gciseán í agus chaitheadar amach ar an abhainn í. Thaispeándar an pisín cait don Rí.

“Á, Dia sin dár réiteach,” a deir sé, “tá sí féachta sáthach fada againn,” a deir sé, “ach ní bheidh sí níos faide. Is fearr dúinn a marú,” a deir sé. “Á muise,” a deir sé, “ba mhór an feall í a mharú,” a deir sé, “ach cuirfidh muid i *gcage* í,” a deir sé, “is mór an spídiúlacht uirthi é,” a deir sé. “Cuirfidh muid i *gcage* í agus fágfaidh muid ansin í crochta ag an *hall*, in áit a mbeidh chuile dhuine,” a deir sé, “ag dul isteach agus amach ag féachaint uirthi.”

Buaileadh isteach i *gcage* an créatúr agus chaith sí ansin sa *gcage* nó go raibh sí aimsir ann.

Bhí go maith agus ní raibh go holc. Bhí an fear seo, an maor, saibhir sáthach le caiple agus le beithígh agus le caoirigh. Dúirt sé leis féin nuair a bhí na gasúir ag cruachan agus scoil tugtha aige dóibh agus chuile shórt go bhfaigheadh sé péire capall dóibh. Agus faoi cheann bliana ina dhiaidh dúirt sé go mba cheart capall a fháil don iníon. Fuair sé capall don iníon agus d’fheistigh sé suas í agus scaoil sé amach leis an mbeirt deartháireacha í. Bhíodar ag siúl leo thart agus lá ansin dúradar go rachaidís thart ar áitreabh an Rí seo go bhfeicfeadh siad cén sórt áite a bhí aige.

Bhíodar ag teacht an-ghar agus an Rí amuigh ar an *lawn* agus bhíodar ag dul thart le bord an *lawn* nuair a chonaic an Rí iad. *Salutáil* sé dóibh agus chuir sé suas a lámh agus chuir siadsan *salute* chuige.



“*Well*,” a deir an fear, “is lách an fear é sin.”

“Fear rílách,” a deir an dara mac.”

“Ó,” a deir an iníon, “níl a fhios agaibh ar [chor ar] bith cé hé sin,” a deir sí.

“Ó, is dócha nach bhfuil a fhios!” ar siadsan. “Tá a fhios againn gurb é an Rí é.”

“Ó, tá a fhios go maith, tá a fhios sin agam féin,” a deir sí, “chomh maith libhse.”

D’fhan mar sin. Bhí go maith agus ní raibh go holc. D’imigh an Rí abhaile agus chuir sé spéis mhór sa mbean óg agus sa mbeirt daoine uaisle a chuaigh tharais agus a labhair go síúil leis. Dúirt sé ina intinn féin go mba cheart dó a dhul agus cuireadh a thabhairt chun tae dóibh. Thug sé cuireadh dóibh le teacht chuig tae chuige.

Bhí go maith agus ní raibh go holc. Nuair a tháinig siad chuig an tae, ar a dhul isteach dóibh ag an doras bhí seandall glic amuigh sa gharraí agus Cailleach Cearc, agus bhí an péire ag caint le chéile agus bhí an Rí ag éisteacht leo.

“Féach, féach!” a deir an Chailleach Cearc, a deir sí, “an bhfeiceann tú isteach?” a deir sí.

“Feicim,” a deir an dall glic, a deir sé, “tádar ag tarraingt ar a n-áitreabh féin ar deireadh”

“An bhfaca tú bean ar bith ariamh ag dul i gcosúlacht a máthar i gceart,” a deir an chailleach cearc, “ach í - an bhean isteach?”

“Ó stop, stop!” a deir an seandall glic, “ná bíodh an Rí ag éisteacht leat. Bhí an Rí ag éisteacht leo agus nuair a chuaigh sise isteach, an bhean óg, thosaigh an bhean a bhí sa *gcage*, chuir sí scairt gháire aisti. Ní fhaca tú fear ar bith ariamh ba mhó fearg ná an Rí mar gur chuir sí an gáire aisti agus drochmheas a léiriú don *lady* bhreá a chuaigh thairsti gur rinne sí gáire.

Bhí go maith agus ní raibh go holc. D’imigh siad ar ais agus chuadar abhaile. Nuair a chuadar abhaile d’inis siad don athair a bhí orthu - mar dhóigh de, an fear a thóg iad, shíleadar go mba é a n-athair é - an áit dheas a rabhadar agus an fear deas a bhí sa Rí. Bhí go maith agus ní raibh go holc. D’éirigh an Rí amach é féin agus chuaigh sé chun cainte leis an gCailleach Cearc.

“An bhfaca tú,” a deir sé, “an *lady* a bhí ansin?” a deir sé.

“Chonaiceas,” a deir an Chailleach Cearc.

“An bhfaca tú *lady* ar bith ariamh,” a deir sé, “is breátha ná í de bhean óg mar í? Deir sí liom nach bhfuil sí ach an oiread seo aois.”

“Á,” a deir an Chailleach Cearc,” a deir sí, “ní fhaca tusa bean ar bith ag dul i gcosúlacht,” a deir sí, “leis an gcéad bhean a bhí agat ná í sin, “mura ngearrfá amach di í,” a deir sí, “agus gheobhaidh tú amach,” a deir sí, “go bhfaighidh tú amach fós,” a deir sí, “go bhfuil sí i gcosúlacht léi.”

“Á stop!” a deir sé, “chaithfinn tú,” a deir sé, “nó bhainfinn an cloigeann díot faoi a leithéid de spídiúlacht a thabhairt don *lady* óg,” a deir sé, “a leithéid sin a chur i gcomórtas léi.”

“Á dar m’fhocal,” a deir sí, “níl mé ag rá aon fhocal bréige leat.”

Chuaigh sé go dtí an dall glic gur labhair sé leis. “Á,” a deir an dall glic, a deir sé, “ná déan aon iontas dó,” a deir sé, “í ag déanamh gáire,” a deir sé, “nuair a chuaigh a hiníon thairsti.”

“Ó stop, stop!” a deir sé, “ná habair é nó bhainfinn an cloigeann díot.”

“Mura bhfaighidh tú a chruthú fós,” a deir an dall glic, a deir sé, “cas liomsa é.”

Bhí go maith agus ní raibh go holc. Chuaigh sé abhaile agus scríobh sé nóta agus chuir sé é go dtí an fear seo a thóg iad agus d’iarr sé air a theacht ar tae chuige. Tháinig. Nuair a tháinig sé go dtí é: “Muisé,” a deir [an Rí], “cén aois,” a deir sé, “do bheirt mhac?”

D’inis sé dó go dtí an lá.

“Cén aois t-iníon?” D’inis sé dó go dtí an lá. Chraith an Rí a cheann agus níor labhair sé. “Well,” a deir sé, “an clann duitse iadsan?”

“Well, ó chuir tú an cheist orm,” a deir sé, “agus gur chuir tú orm an cheist níl baint ná páirt agam dóibh,” a deir sé. “Ach fuair mé ar an dáta sin iad,” a deir sé, “ag dul anuas an abhainn.”

“Ha ha ha,” a deir an Rí, “is cosúil gur fíor,” a deir sé, “don bheirt a dúirt liomsa,” a deir sé, “an comhrá a dúradar liom. Anois,” a deir sé, “tabharfaidh mé cuireadh eile chun tae dóibh,” a deir sé, “agus is maith liom iad a theacht go dtí mé.”

“Á tig leat,” a deir an fear seo, a deir sé, “agus ceistigh féin iad.” Nuair a tháinigedar arís, nuair a chuaigh an triúr thairsti, chuir [bean chéile an Rí] scairt gháire aisti. Ó tháinig an-fhearg ar an Rí. Amach leis agus chuaigh sé faoi dhéin an daill ghlic sular óladar tae ná rud ar bith, go bhfeicfeadh sé céard a déarfadh sé.

“Céard do mheas inniu?” a deir sé.

“Siad do thriúr clainne iad,” a deir an dall glic, a deir sé, “agus níl aon ghar agat [é] a shéanadh. Tá a fhios agamsa é, a deir sé, “ach níor mhaith liom labhairt. A leithéid seo de dháta,” a deir sé, “cuireadh an chéad cheann acu i gciseán síos le habhann.”

“Tá tú ceart,” a deir sé, “sin é an chaoi ar inis an fear domsa é.” D’óladar an tae agus chaitheadar an lá go spóirtiúil spraoiúil agus d’fhiafraigh [an Rí] den iníon: “*Well* anois,” a deir sé leis an iníon, a deir sé, “an bhfeiceann tú an bhean sin sa *gcage*?” a deir sé.

“Feicim,” a deir an iníon, a deir sí.

“Féach anois,” a deir sé, “tá sí sin,” a deir sé, “curtha agamsa isteach i *gcage*,” a deir sé, “ón am,” a deir sé, “a rugadh tusa, agus deir siad liomsa,” a deir sé, “chomh fada le mo thuairim féin,” a deir sé, “agus atá feicthe amach agam, gur triúr clainne liomsa sibhse.”

“Á *well* níl a fhios againn,” a deir an *lady*, a deir sí, “ach ba mhaith linn dá mba ea.”

“*Well*, deir siad liomsa gurb ea,” a deir sé, “an mbeadh aon locht agaibh,” a deir sé, “ar fhanacht agam?”

“Á ní maith linn scaradh lenár n-athair,” a deir sí, “a thóg muid,” a deir sise.

“Á ní hé bhur n-athair é,” a deir sé, “mise bhur n-athair le ceart agus le *fair play*.” Chuir an bhean a bhí sa *gcage* scairt gháire aisti agus chuir sí trí scairt aisti sular stop sí. Níor chuir sin aon fhearg ar an Rí an pointe sin, níor chuir sé luach leathphingine d’fhearg air. Ach chuaigh sé amach ar ais chuig an dall glic, agus nuair a chuaigh sé amach chuige: “Cuartaigh anois,” a deir sé, “do bhean féin,” a deir sé, “do bhean pósta,” a deir sé, “agus mura bhfuil ball dóráin,” a deir sé, “ar a leithéid seo d’áit ar a craiceann, agus an ball dóráin céanna,” a deir sé, “ar chraiceann t-ínine ar an spota céanna, agus mura bhfuil sin amhlaidh,” a deir sé, “tá mise contráilte.”

Labhair sé leis an deartháir agus dúirt sé leis: “Siúil leat,” a deir sé, “más é do thoil é,” a deir sé, “nó go bhfeicfidh muid,” a deir sé, “an bhfuil a leithéid seo de bhall dóráin ar an mbean seo anseo,” a deir sé, “sa *gcage*.”

Chuaigh agus d’fhéachadar uirthi agus bhí an ball dóráin uirthi agus bhí a fhios ag an Rí go raibh.

“Ó,” a deir an fear óg, a deir sé, “nach bhfuil ball dóráin,” a deir sé, “ar an *lady* óg, mo dheirfiúrsa,” a deir sé, “sa spota céanna.”

“An bhfuil tú dearfa dó?”

“Tá,” a deir sé. “Siúil leat isteach,” a deir sé, “agus taispeánfaidh sí duit é.”

Chuaigh an Rí isteach leis ar ais chun tí agus d’iarr an deartháir uirthi an t-éadach a nochtú di sa spota a raibh an ball dóráin agus nocht agus thaispeáin sí dó é.

“Á, is fíor sin,” a deir sé, “an bhfuil sibh ag dul ag fanacht agam?”

“Á, ní fhanfaidh,” a deir sé.

“Ó, ní iarrfaidh mé oraibh é,” a deir sé, “tá mé ag dul ag ligean fear agaibh,” a deir sé, “leis an bhfear a thóg sibh chúnas a mhairfidh sibh. Ach fanfaidh sibhse, an bheirt eile, agamsa,” a deir sé, “an bhfanfaidh?”

“Fanfaidh,” ar siadsan, “má ligeann seisean dúinn.”

Chuir sé [an Rí] fios arís chuig an teach [ar an maor] agus chuaigh sé go dtí é. D’fhiafraigh sé de an mbeadh sé sásta ar fhear de na fir a fhágáil aige, le haire a thabhairt dó agus féachaint ina dhiaidh féin agus i ndiaidh a sheanmhná chúnas a mhairfeadh siad.

“*Well* má fhágann tú agam é,” a deir sé, “tabharfaidh mé an méid saibhris atá agam dó nuair a bheidh mé ag imeacht,” a deir sé, “agus tabharfaidh mé an áit suas dó i láthair,” a deir sé, “m’áitreabh féin, agus tá mé an-bhuíoch díot,” a deir sé, “má fhágann tú agam é. Níl aon bhaint agam dó,” a deir sé, “tá a fhios agam gur leat é.”

“*Well* fágfaidh,” a deir an Rí, “agus mo sheacht mbeannacht,” a deir sé, “agus má theastaíonn airgead uait tabharfaidh mé neart duit.”

“Tá mo sháith agam féin,” a deir sé, “agus a sháith seisean freisin.”

*Triúr Deirfiúracha a Bhí ag Imirt Cartaí*

Sin é mo scéalsa ar deireadh. Ligeadh amach an mháthair as an *gcage* ansin agus cuireadh isteach í in áit a raibh sí á beathú agus ag tabhairt aire di ariamh ariamh agus an iníon ag tabhairt aire di go raibh sí úr óg arís ar ais. Agus níorbh fhacthas aon dá *lady* ar bith ag siúl na tíre ná an oiread ríméid ag fear ar bith astu.

Fan ort go fóill. Ní raibh an oiread ríméid aige as rud ar bith sa domhan brách agus a bhí aige as an dá *lady*. Chuir sé fios ar an gcailín, ar bhean an chóisteora agus ar bhean an bhuachalla. Chuir sé fios orthu go dtí an doras mór agus chuir sé fios ar an gcóisteoir agus ar an mbuachaill. Dúirt sé leo: “Anois,” a deir sé, “seo é an bheirt bhan,” a deir sé, “atá anseo,” a deir sé, “le marú, le crochadh, nó an cloigeann a bhaint díobh, bhur mbeirt bhan sibhse,” a deir sé. “Má tá sibh ag iarraidh iad a shábháil,” a deir sé, “beidh an bhail chéanna oraibh féin.” Rug sé ar an mbeirt bhan agus bhain sé an dá chloigeann díobh. Chaith sé síos le habhainn iad, san áit ar chaitheadar féin na malraigh. Sin é mo scéalsa.